Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Athbhreithniú & Forbhreathnú Bliantúil

don

Talmhaíocht, Iascaigh & Bia

2007/2008

Athbhreithniú & Forbhreathnú Bliantúil

don

Talmhaíocht, Iascaigh & Bia

2007/2008

Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Brollach

Tá tiomantas de chuid Rialtais na hÉireann don earnáil agraibhia fós láidir. B'ionann caiteachas poiblí san earnáil agus níos mó ná €3.1 billiún i 2007, lena n-áirítear beagnach €2 billiún in íocaíochtaí díreacha. Tugann an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Clár Forbartha Tuaithe 2007-2013 éifeacht do thiomantas leanúnach don earnáil i gcomhréir leis an bhfís atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015. Is í ár aidhm ná a chinntiú go mbeidh acmhainní fónta ar fáil ar mhaithe le feabhas a chur ar na struchtúir laistigh de na hearnálacha talmhaíochta, iascaigh, bia agus foraoiseachta, ag feabhsú a gcuid iomaíochais agus mar sin ag éascú na forbartha leanúnaí de bhith-eacnamaíocht atá eolas bhunaithe.

In ainneoin fáis in earnálacha eile dár eacnamaíocht, tá an earnáil agraibhia fós mar cheann de na tionscail dúchasacha is tábhachtaí in Éirinn, ag seasamh do beagnach 7% den OTI, 8% d'fhostaíocht, agus 10% d'onnmhairithe. I dtéarmaí tuilleamh coigríche, meastar go seasann an "bhith-earnáil" níos leithne do thart ar aon-tríú de ghlan-sreabhadh na gcistí ó thionscail phríomha agus déantúsaíochta. Ina theannta sin, seasann seirbhísí agus amhábhair áitiúla do chuid i bhfad níos airde den chaiteachas ná d'earnálacha déantúsaíochta eile. Cinntíonn comhdhéanamh agus nádúr scaipthe na hearnála go leanann sí uirthi mar chuid ríthábhachtach d'inmharthanacht na gceantar tuaithe agus cósta chomh maith leis an eacnamaíocht náisiúnta foriomlán.

Leanann an earnáil agraibhia uirthi ag baint tairbhí móra as ballraíocht an AE agus ó rannpháirtíocht sa CBT. B'ionann na glan-fháltais go hÉire ón AE agus thart ar 3.1% den OTI sa tréimhse 1973-2007. Bhain formhór (circa 70%) na n–íocaíochtaí sa tréimhse seo go díreach le talmhaíocht. Leanann táirgeoirí talmhaíochta Éireannacha de bheith ag réadú leasanna suntasacha ó Chomhbheartas Talmhaíochta an AE. Measadh gurb ionann na héifeachtaí buiséid agus trádála le chéile ó rannpháirtíocht sa CBT i 2007 agus beagnach €2 billiún.

Táthar ag súil le dlúth-thimpeallacht margaidh le haghaidh formhór na dtráchtearraí talmhaíochta i 2008. Ba cheart go rachaidh éileamh ard in éineacht le heasnaimh sa soláthar ar mhargaí AE agus domhanda chun leasa próiseálaithe san earnáil déiríochta. In ainneoin roinnt éiginnteachta maidir le rochtain mairteola Mheiriceá Theas chuig margaí an AE, is dóchúil go mbeidh tionchar éigin ar allmhairithe agus ionchais dearfacha d'onnmhairithe mairteola na hÉireann. Léireofar earnáil na gcaorach agus na n-uan le soláthairtí a bheidh ag éirí níos teanna, rud a thacóidh praghsanna. In earnáil na ngránbharr, meastar go n-éascóidh tuilleadh plandáil filleadh ar rialtacht níos mó sa mhargadh le roinnt brú síos ar phraghsanna ó na buaicleibhéil a bhí ann i 2007.

Soláthraíonn an tAthbhreithniú agus Forbhreathnú Bliantúil le haghaidh Talmhaíocht agus Bia achoimre úsáideach d'fhorbairtí polasaí agus margaidh in earnáil an agraibhia le déanaí agus ba cheart go mbeadh sé mar ábhar spéise dóibh siúd go léir atá bainteach san earnáil.

Brendán Mac Gabhann

Brendán Mac Gabhann T.D.
Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Ábhar

Caibidil a hAon: Earnáil an Agraibhia sa Gheilleagar Náisiúnta 1

1.1 An Geilleagar Náisiúnta 1
1.2 Ranníocaíocht na hEarnála Agraibhia don Gheilleagar 3
1.3 Caiteachas Poiblí 4
1.4 Staid na Talmhaíochta in Éirinn 5
1.5 Forbhreathnú do Thalmhaíocht 5

Caibidil a Dó: Ioncam Feirme 7

2.1 Réamhrá 7
2.2 Ioncam Feirme i 2007 7
2.3 Meán Ioncam Feirme 8
2.4 Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006 8
2.5 Ioncam Fostaíochta Lasmuigh den Fheirm 9
2.6 Íocaíochtaí Díreacha 10
2.7 Ioncam Teaghlaigh Feirme Iomlán 11
2.8 Teaghlaigh Íseal-Ioncaim 11

Caibidil a Trí: Tráchtearraí agus Ionchur Talmhaíochta 13

3.1 Léargas 13
3.2 Bainne 15
3.3 Eallach 17
3.4 Caoirigh agus Uain 19
3.5 Muca 21
3.6 Éanlaith Chlóis & Uibheacha 22
3.7 Gránbharra 23
3.8 Gairneoireacht & Prátaí 24
3.9 Tomhaltas Idirmheánach i dTalmhaíocht (Ionchur) ... 26

Caibidil a Ceathair: Struchtúir Fheirme .. 28

4.1 Léargas 28
4.2 Líon na bhFeirmeacha agus Méid na bhFeirmeacha .. 28
4.3 Próifíl Aoise na bhFeirmeoirí 29
4.4 Ionchur Saothair 29
4.5 Fostaíocht na mBan agus Ionchur Saothair 30
4.6 Fostaíocht lasmuigh den Fheirm 31
4.7 Soghluaisteacht Talún agus Díolachán Talún 32

Caibidil a Cúig: An Tionscal Bia 34

5.1 Léargas 34
5.2 Méid agus Struchtúr na hEarnála Bia agus Deochanna 34
5.3 Onnmhairí Bia agus Dí 37

Caibidil a Sé: An Tomhaltóir 39

6.1 Léargas 39
6.2 Praghsanna Bia agus Tomhaltas 39
6.3 Tomhaltas Bia 41
6.4 Tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar an Earnáil Mhiondíola 42
6.5 Claontaí Tomhaltóra agus Miondíola 43
6.6 Muinín a Chothabháil sa Slabhra Bia 44

Caibidil a Seacht: Polasaí Talmhaíochta AE agus Idirnáisiúnta 46

7.1 Léargas 46
7.2 Leasanna an CBT d'Éire 46
7.3 Comparáidí idirnáisiúnta de thacaíocht talamhaíochta 48
7.4 Forbairtí agus Forbhreathnú Polasaithe Talmhaíochta AE agus Idirnáisiúnta 50

Caibidil a hOcht: Comhthéacs Náisiúnta 53

8.1 Léargas 53
8.2 Plean Forbartha Náisiúnta 53
8.3 I dTreo 2016 54
8.4 Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015 54
8.5 Meastacháin 2008 54
8.6 Buiséad agus Cánachas 55
8.7 Ranníocaíocht Glan na hEarnála Agraibhia chuig Insreabhadh na gCistí isteach in Éirinn 56

Caibidil a Naoi: Timpeallacht 59

9.1 Léargas 59
9.2 Treoir Níotráití 59
9.3 Stráitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide 59
9.4 Astuithe Amóinia 60
9.5 Leasú CBT agus Tras-Chomhlíonadh 60
9.6 Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe 60
9.7 Feirmeoireacht Orgánach 61
9.8 Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme 62
9.9 Faoiseamh Cánach d'Infheistíocht in Áiseanna Rialaithe Truaillithe 63
9.10 Bithbhreoslaí 63
9.11 Bithéagsúlacht 64

Caibidil a Deich: Foraoiseacht 65

10.1 Léargas 65
10.2 Cumhdach Foraoise in Éirinn agus an AE-25 65
10.3 Ranníocaíocht Foraoiseacht don Gheilleagar 66
10.4 Straitéis Foraoise agus Tacaíocht Airgeadais 68
10.5 Athbhreithniú agus Forbairtí san Earnáil Foraoiseachta 69
10.6 Fardal Foraoiseachta Náisiúnta 70
10.7 Bithmhais Adhmaid 70

Caibidil a hAon Déag: Iascaigh 71

11.1 Léargas 71
11.2 Méid agus Struchtúr Cabhlaigh 71
11.3 Príomh-Tháirgeacht ó Iascaigh 72
11.4 Margadh Bia Mara agus an Earnáil Próiseála 73
11.5 Fostaíocht san Earnáil Iascaireachta 74

Caibidil a Dó Dhéag: Iarscríbhinn Staidrimh 75

Figiúirí

Figiúr 1.1 Fostaíochta na hEarnála Agraibhia de réir Catagóir (000).....3

Figiúr 2.1 Barrachas Feidhmíochta, Íocaíochtaí Díreacha agus Íocaíochtaí Díreacha mar % de OS, 2000-2007.....7
Figiúr 2.2 % athrú i bhfíor ioncam talmhaíochta in aghaidh an oibrí san AE-27 i 2007.....7
Figiúr 2.3 Dáileadh Scéime Íocaíochta Singil 2007 de réir méid na híocaíochta.....10

Figiúr 3.1 Innéacs de Líon an Bheostoic 2000-2007.....14
Figiúr 3.2 Praghsanna Bainne, 2006-2007.....16
Figiúr 3.3 Táirgeadh de Tháirgí Déiríochta, 2006-2007.....16
Figiúr 3.4 Praghsanna (cent/kg) do Bhullán (R4) 2006-2007.....18
Figiúr 3.5 Maruithe Eallaigh ag Áitribh Onnmhairithe Feola 2006-2007.....18
Figiúr 3.6 Onnmhairithe Beo d'Eallach 2006-2007.....18
Figiúr 3.7 Praghsanna Caorach ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2006-2007.....20
Figiúr 3.8 Maruithe Caorach ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2005-2007.....20
Figiúr 3.9 Praghsanna na Muc ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2006-2007.....22
Figiúr 3.10 Praghas-Treoracha Prátaí, 2006 –2007.....25
Figiúr 3.11 Tomhaltas Idirmheánach 2007, - % Scair de Mhíreanna Áirithe.....25
Figiúr 3.12 Innéacs Praghsanna d'Ábhair Chothaithe Uile, 2006-2007.....26
Figiúr 3.13 Táirgeacht d'Ábhair Chothaithe Chomhdhúile, 2006-2007.....26
Figiúr 3.14 Innéacs Praghsanna do Leasuithe Uile, 2006-2007.....27
Figiúr 3.15 Díolacháin na Leasuithe de réir Cion na gCothaitheach, 2005/2006 & 2006/2007.....27
Figiúr 3.16 Innéacs Praghsanna d'Fhuinneamh Uile, 2006-2007.....27

Figiúr 4.1 Céatadán d'Fheirmeoirí agus/nó Céilí le Post Lasmuigh den Fheirm de réir Córais Fheirmeoireachta, 2006.....31
Figiúr 4.2 Ús ar Chaipitil Iasachta mar % de Bharrachas Feidhmíochta 2000-2007.....33

Figiúr 5.1 Comhdhéanamh an Láimhdeachais BD de réir na hEarnála Leathan 2000-2006.....34
Figiúr 5.2 Láimhdeachas san Earnáil Feola 2005 (€m).....35
Figiúr 5.3 BLC san Earnáil Feola 2005 (€m).....35
Figiúr 5.4 Fostaíocht san Earnáil Bia agus Dí 2005-2007.35
Figiúr 5.5 Méid agus Struchtúr na hEarnála BD.....36
Figiúr 5.6 Dáileadh príomh-éagsúlachtaí idir úinéireacht Éireannach agus neamh-dhúchasach laistigh den Earnáil BD, 2005.....36
Figiúr 5.7 Miondealú ar chaiteachais san Earnáil BD i gcomparáid leis an earnáil déantúsaíochta foriomlán 2006.....36
Figiúr 5.8 Scaipeadh réigiúnach de BD i gcomparáid le tionscail déantúsaíochta eile, 2005.....37
Figiúr 5.9 Luathaithe Creidmheasa san Earnáil Bhia agus Dí 2006-2007 (€m).....37
Figiúr 5.10 Éadálacha Caipitiúla san Earnáil BD 2005/2006 (€m).....38
Figiúr 5.11 Onnmhairí de Tháirgí Agraibhia na hÉireann de réir catagóir 2006/2007.....38
Figiúr 5.12 Scair Céatadáin d'Onnmhairithe Agraibhia 2007.....38
Figiúr 5.13 Scair Céatadáin d'Onnmhairithe Agraibhia de réir Ceann Scríbe 2007.....38

Figiúr 6.1 Praghas Innéacs Míosúil an Tomhaltóra agus Praghas Innéacs Bia, 2006/2007.....39
Figiúr 6.2 Fo-innéacsaí BD i gcomparáid leis an PIT foriomlán agus earnálacha eile 2006/2007.....39
Figiúr 6.3 Rátaí Bliantúla de Mhéadú Praghais do Tháirgí Bia Áirithe 2005-2007.....40
Figiúr 6.4 Comparáid Leibhéil Praghais Meánach le haghaidh earraí áirithe – Baile Átha Cliath v Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath 2006/2007..41
Figiúr 6.5 ICPT agus ICPT Bia, 2007.....41
Figiúr 6.6 Treoracha Leibhéil Praghais Comparáide le fo-ghrúpaí an phríomh-suirbhé san AE-15 2006.....42
Figiúr 6.7 Scair de Chaiteachas Tomhaltais Pearsanta ar Bhia, 2006.....42
Figiúr 6.8 Sonraí de Dhearbhuithe Bliantúla BSE.....45
Figiúr 6.9 Staidreamh Eitinn Bó 2002-2007.....45
Figiúr 6.10 Staidreamh Dídhaonraithe Brúsalóise 1998-2007.....45

Figiúr 7.1 Éifeacht Buiséid Ghlan ó CBT, 1973-2007.....46

Figiúr 9.1 Rátaí Leathadh Leasaithe le haghaidh Feirmeacha SCCT agus neamh-SCCT, 2006.....61
Figiúr 9.2 Céatadán den achar talmhaíochta iomlán atá faoi tháirgeadh orgánach i mBallstáit áirithe de chuid an AE-25 i 2005.....62
Figiúr 9.3 Meán-mhéid na ngabháltais i mBallstáit áirithe de chuid an AE-25 i 2005.....63

Figiúr 10.1 Achar Coillearnaí mar Chéatadán den Achar Talún Iomlán i mBallstáit an AE, 2000.....65
Figiúr 10.2 Céatadán Cumhdach Foraoise i nGach Contae, 2006.....65
Figiúr 10.3 Céatadán foraoise atá faoi úinéireacht phríobháideach de chuid an Chontae, 2007.....66

Figiúr 11.1 Struchtúr an Chabhlaigh Iascaireachta 1991-2007.....71
Figiúr 11.2 Briseadh síos ar an gCabhlach Éireannach de réir an Chineál Soithigh 2007.....72
Figiúr 11.3 Táirgeacht Uisceshaothrú i Luach agus Toirt; 2001-2006.....73
Figiúr 11.4 Briseadh síos de Chomhlachtaí Próiseála Bia Mara de réir Láimhdeachais.....73
Figiúr 11.5 Príomh-Chinn Scríbe Onnmhairithe d'Iascaigh Éireannacha 2007.....74
Figiúr 11.6 Dáileadh Fostaíocht na hEarnála Iascaigh (Lánaimseartha & Páirtaimseartha) 2007.....74

Táblaí

Tábla 1.1 Táscairí an Gheilleagar Náisiúnta, 2006-2008 1
Tábla 1.2 Comparáid de Thuartha Geilleagair d'Éire 2008..... 2
Tábla 1.3 Ranníocaíocht na hEarnála Agraibhia do BLC, 2006 3
Tábla 1.4 Onnmhairithe Agraibhia, 2006-2007 4
Tábla 1.5 Caiteachas ar Thalmhaíocht na hÉireann 2007 4
Tábla 1.6 Táirgeacht, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, 2007 5

Tábla 2.1 Torthaí den Suirbhé Náisiúnta Feirme de réir Córais, 2006..... 8
Tábla 2.2 Torthaí d'Fheirmeacha Lánaimseartha agus Páirtaimseartha de réir Córais Feirmeoireachta, 2006 .. 9
Tábla 2.3 Meastachán ar Ioncam Fostaíochta Sealbhóra na Feirme ó Lasmuigh den Fheirm, 2006 9
Tábla 2.4 Scair 2006 na nÍocaíochtaí Díreacha (ÍD anna) de réir Deicílí Ioncaim Teaghlaigh Feirme, 2006..... 10
Tábla 2.5 Ioncam Teaghlaigh agus a Chomhdhéanamh do Theaghlaigh Feirme agus Neamh-Fheirme, Tuaithe agus Uirbeach bunaithe ar shainmhíniú leathan de Theaghlaigh Feirme, 2006 11
Tábla 2.6 Ioncam Teaghlaigh agus a Chomhdhéanamh do Theaghlaigh Feirme agus Neamh-Fheirme, Tuaithe agus Uirbeach bunaithe ar shainmhíniú cúng de Theaghlaigh Feirme, 2006..... 12
Tábla 2.7 Bochtaineacht leanúnach do theaghlaigh feirme, teaghlaigh tuaithe agus uirbeacha eile, 2006..... 12

Tábla 3.1 Aschur agus Ionchur i dTalmhaíocht, 2007- Luach, Toirt agus Praghas 13
Tábla 3.2 Luach (€m) agus Toirt (000) Measta d'Athruithe Stoic ar Fheirmeacha, 2006-2007..... 14
Tábla 3.3 Téarmaí Trádála, 2006-2007 14
Tábla 3.4 Aschur agus Diúscairt Bainne (bainne gan bhearradh amháin) 2006-2007 15
Tábla 3.5 Luach Aschuir agus Líon na n-Eallach agus na Laonna, 2006-2007 17
Tábla 3.6 Luach Aschuir agus Líon na gCaoarach agus na nUan, 2006-2007 19
Tábla 3.7 Luach Aschuir agus Líon na Muc 2006-2007 21
Tábla 3.8 Luach Aschuir agus Toirt na nÉanlaithe 2006-2007..... 22
Tábla 3.9 Luach Aschuir agus Toirt na nGránbharr, 2006-2007 .. 23
Tábla 3.10 Achar, Toradh agus Táirgeacht na nGránbharr, 2007..... 23
Tábla 3.11 Luach Aschuir na Gairneoireachta 2006-2007..... 24
Tábla 3.12 Achar, Toradh agus Táirgeacht na bPrátaí, 2006-2007 25
Tábla 3.13 Athruithe Phraghas Ionchur Talmhaíochta, 2006- 2007 26

Tábla 4.1 Líon na bhFeirmeacha de réir Méide, 2003 agus 2005 28
Tábla 4.2 Líon Meánach agus Méid Meánach na bhFeirmeacha do AE-15, AE-25 agus AE-27 i 2005..... 28
Tábla 4.3 Próifíl Aoise Feirmeoirí agus Achar faoi Fheirmeoireacht de réir Catagóir Aoise i 2005..... 29
Tábla 4.4 Ionchur Saothair i dTalmhaíocht, 2003 agus 2005 29
Tábla 4.5 % d'Fhórsa Saothair Feirme le Fostaíocht Lasmuigh den Fheirm, 2003 agus 2005..... 29
Tábla 4.6 Comparáid idir Soláthar Saothair Iarbhír in aghaidh Saothar Measta (LFC), 2006..... 30
Tábla 4.7 Fostaíocht i dTalmhaíocht de réir Inscne, 2006-2007..... 30
Tábla 4.8 Sealbhóir Feirm Teaghlaigh Rangaithe de réir Inscne, 2003 agus 2005 31
Tábla 4.9 Daoine ag Obair ar Ghabháltais Feirme de réir Inscne, 2005 31
Tábla 4.10 Tábhacht Obair Feirme do Shealbhóir Feirme 32
Tábla 4.11 Céatadán d'Fheirmeoirí ag tógáil Talamh Feirmeoireachta ar Cíos agus na hAchair á dtógáil ar Cíos, 2005..... 32
Tábla 4.12 Ollfhoirmiú Caipitil Sheasta na Talmhaíochta, 2003 agus 2005 33
Tábla 4.13. Iasachtaí a thóg na hearnálacha Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta i 2006 agus 2007... 33

Tábla 5.1 An Tionscal Bia agus Deochanna sa Gheilleagar Náisiúnta, 2006..... 34
Tábla 5.2 BLC na hEarnála BD ag Praghsanna Margaidh, 2005-2006 35
Tábla 5.3 Caiteachas Eacnamaíoch na hÉireann, 2005-2006..... 36

Tábla 6.1 Tomhaltas de Mhíreanna Bia Áirithe, 2004-2006 42

Tábla 7.1 Éifeacht Buiséid Ghlan (€m), 2006-2007..... 47
Tábla 7.2 Éifeacht Trádála Ghlan do Thráchtearraí Roghnaithe, 2006-2007 47
Tábla 7.3 Éifeacht Bhuiséid agus Trádála le Chéile, 2006-2007 .. 48
Tábla 7.4 Meastachán Tacaíochta Táirgeora do 1986-1988, 2004-2006 & 2006..... 48
Tábla 7.5 Meastachán Tacaíochta Tomhaltóra do 1986-1988, 2004-2006 & 2006..... 49
Tábla 7.6 Meastachán Tacaíochta Iomlán do 1986-1988, 2004-2006 & 2006..... 49

Tábla 8.1 Cáin Ioncaim agus ÁSPC na bhFeirmeoirí (€m), 2004-2007..... 55
Tábla 8.2 Meán-Cháin Ioncaim a Íocadh de réir na hEarnála 2000-2007 56
Tábla 8.3 ''Earnáil Bhitheach'' mar chéatadán de na Tionscail Phríomhúla agus Déantúsaíochta go léir do sreafa ó Iarmhéid na n-Íocaíochtaí a thagann chun cinn ó onnmhairithe 56
Tábla 8.4 Céatadán an Riachtanais Allmhairithe in aghaidh Euro na n-Onnmhairithe, 2000-2005 56
Tábla 8.5 Céatadán an Aisdúichithe Brabúis in aghaidh Euro na n-Onnmhairithe, 2000-2005 57
Tábla 8.6 Sreafa Iarmhéid na n-Íocaíochtaí a thagann chun cinn ó Onnmhairithe na ''hEarnála Bithí'' agus ó na Tionscail Phríomha agus Déantúsaíochta go léir i 2005 57
Tábla 8.7 Eis-sreafa in aghaidh €100 na n-Onnmhairithe i 2005..... 58

Tábla 9.1 Táscairí Feidhmíochta Airgeadais d'Fheirmeoirí SCCT agus Neamh-SCCT, 2006 61
Table 9.2 Ioncam Feirme Teaghlaigh de réir Córais Fheirmeoireachta d'Fheirmeoirí SCCT agus Neamh-SCCT, 2006 61

Tábla 10.1 Fostaíocht Iomlán i bhForaoiseacht agus Próiseáil Adhmaid, 2006-2007..... 66
Tábla 10.2 Méid, Struchtúr agus Aschur ón Earnáil Próiseála Adhmaid, 2006 67
Tábla 10.3 Allmhairí agus Onnmhairí Adhmaid, 2006-2007..... 67
Tábla 10.4 Coillteoireacht Bhliantúil, Poiblí agus Príobháideach (ha) agus % Leathanduilleach i mblianta áirithe ó 1996, 2002 agus 2007..... 68
Tábla 10.5 Caiteachas Bliantúil ar Phréimheanna agus Deontais Choillteoireachta ó 2004-2007 69

Tábla 11.1 Tuirlingtí Éisc 2007..... 72
Tábla 11.2 Fostaíocht san Earnáil Iascaigh, 2005-2006 74

Tábla 12.1 Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, 2006-2007 75
Tábla 12.2 Íocaíochtaí Díreach Measta chuig Feirmeoirí (Náisiúnta agus AE), 2006-2007 76
Tábla 12.3 Éilimh Ráthaíochta curtha faoi bhráid CERT, 2006 agus 2007..... 76
Tábla 12.4 Fáltais Treoracha CETRT/FEOGA (€m), 2006-2007... 77
Tábla 12.5 Iomlán Fáltais an AE i 2006 agus 2007 ar Ráthaíocht CERT, Forbairt Tuaithe CTEFT, (Cistí Tréidliachta agus Treoraíochta CETRT)..... 77
Tábla 12.6 Vóta - Caiteachas ar Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia, 2007..... 78
Tábla 12.7 Struchtúr Cuóta Bainne ag 1 Aibreán 2007 (Meastachán Sealadach)..... 80
Tábla 12.8 Dáileadh na Scéime Íocaíochta Singil de réir Luach Íocaíochta, 2007 80
Tábla 12.9 Rátaí Bliantúla de Mhéadú Praghais i dTáirgí Bia, 2005-2007 81
Tábla 12.10 Caiteachas Tomhaltais Pearsanta (CTP) ag Praghsanna Reatha, 2005-2006..... 81
Tábla 12.11 Innéacs Leibhéil Praghais Comparáideacha an AE le haghaidh Príomhghrúpaí Bia 2006; AE 27 = 100..... 82

Caibidil a hAon
Earnáil an Agraibhia sa Gheilleagar Náisiúnta

1.1 An Geilleagar Náisiúnta

ATHBHREITHNIÚ AR AN nGEILLEAGAR I 2007

An comhdhearcadh atá ann i measc na dtráchtairí, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil, ná go raibh gnóthú láidir sa gheilleagar intíre arís i 2007 le méadú in OTN (4.2%) agus in OTI (4.8%) araon (An Roinn Airgeadais- Féach Tábla 1.2 le haghaidh tuartha do 2007 agus 2008 ó fhoinsí eile). Mar sin bhí fás dá leithéid seo níos mó ná meán an AE, le héileamh intíre agus fás in onnmhairí ag leanúint ar aghaidh ag ionadú príomh-ghnéithe.

In ainneoin sin, tá an chuma ar an scéal gur tháinig laghdú ar an bhfás an-láidir a braitheadh sa chéad leath de 2007, a bhí ann mar thionchar ar fhachtóirí cosúil le héifeachtacht na SSIAanna agus caiteachas méadaithe an Rialtais, de réir mar a lean an bhliain ar aghaidh, tá siad inchurtha go mór i leith leibhéil níos ísle i dtáirgeacht tithíochta.

Tábla 1.1 Táscairí an Gheilleagar Náisiúnta, 2006-2008

% Athruithe Toirte Bliantúla mura bhfuil a mhalairt sonraithe	2006	2007	2008
OTN	6.5%	4.2%	2.8%
OTI	5.7%	4.8%	3.0%
Onnmhairí Earraí agus Seirbhísí	4.4%	6.8%	5.6%
Allmhairí Earraí agus Seirbhísí	4.4%	5.9%	4.5%
Boilsciú (%)	4.0%	4.9%	3.5%*
Fostaíocht - % Fás	4.4%	3.5%	1.1%
Ráta Dífhostaíochta ar bhonn EIS (%)	4.4%	4.6%	5.6%

Foinse: 2006 CSO
Is meastacháin agus réamh-mheastacháin de chuid na Roinne Airgeadais iad figiúirí 2007/8.
- *Fógra Ráithiúil Uimhir 1 2008 an Bhainc Ceannais.*

Tháinig méadú 72,000 ar an leibhéal fostaíochta i 2007 ag léiriú ráta méadaithe 3.5% don bhliain ar fad agus sheas an figiúr ag 2.12 milliún faoin gceathrú ceathrú. Ní raibh aon athrú sa ráta dífhostaíochta, a d'fhan ag 4.5% don bhliain ina iomlán. Tá sé seo inchurtha go fabhrach le meán an AE de 7.1%.

Léiríonn na sonraí atá ar fáil go raibh athshlánú láidir i bhfeidhmiú onnmhairí le haghaidh 2007. Rinneadh athbhreithniú aníos ar fhás onnmhairí measta le haghaidh 2007 ar fad, agus tugann meastacháin na Roinne Airgeadais le tuiscint go raibh fás foriomlán déanta suas de mhéadú 5.5% in earraí onnmhairithe agus méadú 11% in onnmhairí seirbhísí. Tá an fheidhmíocht seo an-mórthaibhseach go háirithe maidir le cúlra ráta malairte atá ag dul i méid.

I dtéarmaí praghsanna, bhí an tInnéacs Comhchuibhithe de Phraghsanna Tomhaltóra (ICPT) ag meán de 2.8% don bhliain, 0.9% níos airde ná an coibhéis i gceantar an euro, mar léiriú ar bhoilsciú san earnáil ard-seirbhísí in Éirinn don chuid is mó. Tá an méadú i bPraghas Innéacs an Tomhaltóra (PIT) os cionn an méadú san ICPT thar an dá bhliain is déanaí mar gheall ar thionchar méadaithe i rátaí úis ar luach meánach aisíocaíochtaí ar ús morgáiste.

FORBHREATHNÚ DO 2008

Réamh-mheastar go mbeidh éascú leanúnach i dtógáil tí mar chúltarraingt ar fhás i 2008. I gcoinne cúlra d'ioncam níos moille agus méadú i bhfostaíocht agus éiginnteacht mhéadaitheach maidir le forbhreathnú an gheilleagair, idir intíre agus idirnáisiúnta araon, tá an chuma ar an scéal go n-uchtóidh tomhaltóirí meon níos faichillí an bhliain seo le bogadh ar mhéadú i dtomhailt phearsanta mar thoradh air sin. Chomh maith le sin, ní bheidh tionchar aibíochta na gcistí SSIA chomh soiléir céanna. In ainneoin rioscaí diúltacha lena n-áirítear neamh-chinnteacht faoi mhargadh airgeadais agus féidearthacht meathlú i S.A.M., measann réamh-mheastacháin na Roinne Airgeadais go mbeidh méadú 3% in OTI i 2008 sula dtosóidh ath-luathú ar fhás, ar an gcoinníoll go n-éiríonn an cúltarraingt ón aischur níos ísle i dtithe cónaithe níos laige.

Beidh forbairtí sa gheilleagar i gcoitinne agus dealraitheacht aischuir níos ísle, go háirithe san earnáil tithíochta nua atá an-dian ar shaothar mar chreat d'ionchais fhostaíochta. Táthar ag tabhairt tuar go mbeidh ardú measartha (i gcomparáid leis na harduithe a bhí ann le déanaí) de 1.1% sa leibhéal fostaíochta do 2008, atá cothrom le thart ar 24,000 duine. Is féidir a bheith ag súil leis go n-ardóidh an ráta dífhostaíochta píosa éigin le tairseach uachtarach thart ar 5.5% i 2008 ag brath ar fhachtóirí cosúil leis an bhfreagairt a bheidh ag imircigh ar fhorbairtí i margadh saothair nach bhfuil chomh fabhrach céanna.

In ainneoin fachtóirí cosúil le gluaiseachtaí i ráta malartaithe áibhirseach agus forbairtí neamhfhabhracha i gcostas iomaíochais neamh-fhostaíochta, tharla aisghabháil láidir ar onnmhairí ar earraí i 2007 agus réamh-mheastar go leanfaidh an claonadh seo i 2008, cé gur ag ráta níos measartha a bheidh sé. Glactar leis go mbeidh ráta méadaithe níos láidre ann le haghaidh onnmhairí seirbhísí, faoi réir an claonadh atá ann le roinnt blianta anuas. Mar thoradh ar seo, táthar ag tuar go mbeidh onnmhairí foriomlána earraí agus seirbhísí ag méadú faoi 5.6% (An Roinn Airgeadais) i 2008, cé go bhfuil riosca diúltach éigin i gceist leis an réamh-mheastachán seo, toisc go leanann na himpleachtaí iomlána den suaiteacht sa mhargadh airgeadais le haghaidh éileamh domhanda de bheith mí-shoiléir. Chomh maith le sin, tá sé féideartha go mbeadh tuilleadh dímheasa ar an dollar in aghaidh an euro ag tógáil an easnamh ard i gcuntas reatha na SA san áireamh.

Táthar ag súil go dtarlóidh measarthacht ar bhoilsciú i gcaithemh na bliana 2008, mar gheall ar roinnt fhachtóirí lena n-áirítear éascú san earnáil seirbhísí ag léiriú forbairtí sa gheilleagar níos leithne. Tá an Banc Ceannais ag súil go mbeadh boilsciú PIT thart ar 3.5% an bhliain seo leis an méadú ó bhliain go bliain le titim faoi bhun 3% i rith an cheathrú dheireanach.

Déanann Tábla 1.2 imlíniú ar thuartha do na nithe a luadh cheana ón Roinn Airgeadais agus institiúidí eile. Cé go bhféadfaí an pictiúr foriomlán a léiriú i mbealach nach bhfuil chomh "dreigeach" ná mar a bhí le feiceáil le blianta beaga anuas, agus in ainneoin riosca féideartha diúltach a luadh cheana, deimhníonn na réamh-mheastacháin seo comhdhearcadh atá dearfach agus inbhuanaithe go leathan ar gheilleagar na hÉireann do 2008.

Tábla 1.2 Comparáid de Thuartha Geilleagair d'Éire 2008

	Athrú Céatadáin Bliantúil				% Ráta
Institiúidí	OTN	OTI	PIT	Fostaíocht	Dífhostaíocht
An Roinn Airgeadais	2.8%	3.0%	N/b	1.1%	5.6%
Banc Ceannais	2.6%	3.0%	3.5%	0.8%	5.6%
ITGS	2.3%	2.3%	3.3%	>0.5%	5.8%
Tuar Eacnamaíoch an AE	2.8%	3.5%	N/b	1.3%	5.3%

Foinse: An Roinn Airgeadais, Banc Ceannais, ITGS & Coimisiún an AE

1.2 Ranníocaíocht na hEarnála Agraibhia don Gheilleagar

BREIS LUACH COMHLÁN

Bunaithe ar na sonraí is déanaí atá le fáil, meastar go rinne an earnáil agraibhia[1] suas thart ar 6.7% den Bhreis Luach Comhlán[2] (BLC) ar chostas fachtóra i 2006. Rinne na príomh-earnálacha talmhaíochta, iascaireachta agus foraoiseachta le chéile suas thart ar 2.5% de BLC. Rinne an earnáil bia (lena n-áirítear iasc) agus dí, le chéile leis an earnáil phróiseála adhmaid, suas thart ar 4.2% de BLC i 2006

1. *Tuigtear go gcuirtear táirgeadh príomha (Talmhaíocht, Iascaireacht agus Foraoiseacht) le chéile leis na hearnálacha bia & dí agus próiseála adhmaid (gan tobac san áireamh) san áireamh san Earnáil Agraibhia.*
2. *Tuigtear go gcuirtear táirgeadh príomha (Talmhaíocht, Iascaireacht agus Foraoiseacht) le chéile leis na hearnálacha bia & dí agus próiseála adhmaid (gan tobac san áireamh) san áireamh san Earnáil Agraibhia.*

Tábla 1.3 Ranníocaíocht na hEarnála Agraibhia do BLC 2006

	€ milliún
Olltáirgeacht Intíre (BLC) ar Chostas Fachtóra	152,367
BLC i bPríomh-Thalmhaíocht, Iascaigh agus Foraoiseacht ar Chostas Fachtóra	3,829
BLC san Earnáil Bhia & Dí	5,904
BLC i bPróiseáil Adhmaid	411
Iomlán	**10,144**
BLC sa Phríomh-Earnáil mar % den OTI	2.5%
BLC san Earnáil Agraibhia fhoriomlán mar % den OTI	6.7%

Foinse: CSO & An Roinn Airgeadais

FOSTAÍOCHT

Bhí 171,400 post sa bhfostaíocht san earnáil agraibhia[3], nó 8.2% den bhfostaíocht iomlán[4] i 2007. Imlínítear comhdhéanamh na fostaíochta san earnáil i bhFigiúr 1.1

ONNMHAIRÍ

Léiríonn meastacháin an Bord Bia[5] go raibh bliain mhaith eile ag onnmhairí bia agus dí na hÉireann i 2007, ag fás le thart ar 5% go dtí timpeall ar €8.6 billiún. Léiríonn sé seo an dara bliain leantach ina raibh onnmhairí agraibhia na hÉireann níos mó ná €8 billiún. Tharla sé seo in aghaidh neartú suntasach ar an Euro i gcoinne dollar na Stáit Aontaithe agus Steirling, costais chomhábhair atá ag fás agus brú leanúnach ar chostais fheidhmiúcháin. Tharla fás in onnmhairí mar gheall ar na hearnálacha déiríochta, bia ullmhaithe agus dí.

3. *Tá comhfhreagairt idir na figiúirí fostaíochta seo agus sainmhíniú na hEagraíochta Saothair Idirnáisiúnta agus mar sin baineann na figiúirí fostaíochta seo le daoine a léirigh go raibh talmhaíocht mar a bpríomhfhoinse ioncam sa tseachtain roimh an Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS). Mar sin, ní chuirtear daoine a oibríonn i dtalmhaíocht ach a bhfuil a bpríomhfhoinse ioncaim lasmuigh den fheirm san áireamh.*
4. *Úsáidtear QNHS ráithe 2 don ríomh seo.*
5. *Feidhmíocht agus Ionchais, Forbhreathnú agus Athbhreithniú Onnmhaire 2007/2008. Bord Bia, 2008.*

Figiúr 1.1: Fostaíocht na hEarnála Agraibhia de réir Catagóir (000)



Foinse: CSO Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh

Tábla 1.4 Onnmhairithe Agraibhia, 2006-2007 (Bord Bia)

	2006	2007*	% Athrú	Scair % d'Onnmhairí Agraibhia
Táirgí Déiríochta & Comhábhair	2,089	2,360	13.0%	27.4%
Bia Ullmhaithe	1,713	1,815	6.0%	21.1%
Mairteoil	1,600	1,570	-1.9%	18.2%
Deochanna	1,376	1,450	5.4%	16.8%
Bia Mara	356	355	-0.3%	4.1%
Éanlaith Chlóis	240	253	5.4%	2.9%
Muiceoil	223	212	-4.9%	2.5%
Caoireoil	188	174	-7.4%	2.0%
Gairneoireacht Inite & Gránbharra	219	259	18.3%	3.0%
Ainmhithe Beo	200	170	-15.0%	2.0%
Iomlán Bis & Deochanna	**8,204**	**8,618**	**5.0%**	**100.0%**

**2007 Sealadach. Foinse: Meastacháin Bord Bia*

1.3 Caiteachas Poiblí

Bhí caiteachas poiblí iomlán de €3,104 milliún i 2007 ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar an earnáil agraibhia. Sheas caiteachas Ráthaíochta an AE de €1,438 milliún le haghaidh thart ar 46% de chaiteachas iomlán leis an Scéim Íocaíochta Singil ag déanamh suas níos mó ná 90% de chaiteachais Ráthaíochta an AE.

Tábla 1.5 Caiteachas ar Thalmhaíocht na hÉireann 2007

(Tréimhse 1 Eanáir go 31 Nollaig 2007)	€ milliún	
Caiteachas díreach Ráthaíochta CETRT		**1,438.39**
Íocaíocht Feirme Singil	1,297.21	
Cúnamh Limistéir/Préimheanna	1.07	
Aisíocaíochtaí Onnmhaire	57.88	
Athstruchtúrú Siúcra	79.34	
Tacaíochtaí Margaidh Eile	2.89	
Ceannacháin Idirghabhála [1]		**0.00**
Caiteachas Vótáilte (gan Riarachán san áireamh)		**1,369.81**
Forbairt Tuaithe [2]	624.83	
Bearta Struchtúrtha [2]	139.33	
Comhlachais Stáit	227.58	
Sláinte Ainmhí [3]	137.56	
Taighde agus Oiliúint	38.57	
Costais Tacaíochta Margaí [4]	20.20	
Foraoiseacht agus Bithbhreoslaí	125.81	
Iascaireachtaí [5]	28.70	
Cúnamh Bia	10.51	
Eile	16.72	
Riarachán		**296.42**
Caiteachas Vótáilte Iomlán		**1,666.23**
Caiteachas Iomlán		**3,104.61**

1. Is é seo an méid íoctha ag an RTIB ar cheannach táirge d'Idirghabháil sa bhliain. Níor ceannaíodh aon stoc isteach in idirghabháil 2007. Aisíocann an AE costas ceannacháin Idirghabhála in iomlán trí dhímheas ar luach stoic i rith na bliana ceannacháin agus ag an am a díoltar an táirge.

2. Tá bearta Forbartha Tuaithe agus bearta forbartha Struchtúrtha eile maoinithe i bpáirt ag an AE agus an Vóta. Is iad na figiúirí seo ná caiteachas Vóta iomlán ar na bearta seo sa bhliain fhéilire, mar a déantar íocaíochtaí ón Vóta. Aisíoctar ranníocaíocht an AE do chaiteachas ina dhiaidh mar leithghabhálacha i gcabhair, cuid de a fhaightear i mbliain fhéilire iartheachtach.
Tá caiteachas ar SCCT, Luathscor, Liúntais Cúiteach i ndiaidh 2006 á mhaoiniú i bpáirt ag an AE faoin gClár Forbartha Tuaithe nua 2007-2013 agus á mhaoiniú ón gCiste Talmhaíochta Eorpach le haghaidh Forbairt Tuaithe (EAFRD)

3. Baineann an caiteachas Vóta seo le caiteachas ar bhearta sláinte ainmhithe. Tugann Coimisiúin an AE páirt-mhaoiniú do chaiteachas áirithe ar bhearta a théann i dtreo galair ainmhithe a mhonatóireacht, a sheachaint agus a dhíothú.

4. Baineann an caiteachas Vóta seo leis an gcaiteachas ar IACS agus le costais oibríochta agus airgeadais (ús) na hIdirghabhála. Éilítear na costais deireanacha ar ais go hiartheachtach ón AE ar an mbonn de mhéideanna caighdeánacha.

5. Freagracht as ucht feidhmeanna Iascaigh aistrithe go dtí an Roinn i mí Deireadh Fómhair 2007.

1.4 Staid na Talmhaíochta in Éirinn

Léiríonn breathnú den staid i dtalmhaíocht na hÉireann ó thaobh comhiomláin de roinnt claontaí dearfacha, go háirithe le haghaidh ioncam feirme comhiomláin, san earnáil. Léiríonn réamhmheastachán an CSO ar Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht le haghaidh 2007 méadú ar an mbarrachas feidhmíochta go €2,635 milliún (féach Tábla 12.1 na hIarscríbhinne Staidrimh). Léiríonn sé seo méadú de beagnach €300 milliún, nó 12.6%. Is féidir cuid suntasach den méadú seo a chur síos do claontaí praghais dearfacha sna hearnálacha bainne agus gránbharra. Measadh go raibh fóirdheontais ghlan i 2007 ag thart ar €1,864 milliún, a thagraíonn do 71% den bharrachas feidhmíochta. Mhéadaigh tomhaltas idirmheánach faoi 3.0% i 2007, le hardaithe praghais d'ionchur thar líon mhaith earnálacha, go háirithe costais fuinnimh agus cothaithe, mar fhachtóir ranníocaíochta mór.

Tábla 1.6 Táirgeacht, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, 2007

	Luach €m	% Athrú 2007/2006
Táirgeacht earraí ag praghsanna táirgeora	5673.8	8.2
Obair Chonartha	274.2	1.0
Fóirdheontais lúide cánacha ar tháirge	-15.1	12.8
Táirgeacht talmhaíochta ar bhunphraghsanna	5932.9	7.9
Tomhaltas idirmheánach	4015.4	3.0
Breis luach comhlán ar bhunphraghsanna	1917.5	19.9
Tomhaltas caipitil seasta	709.6	3.2
Glanluach breise ar bhunphraghsanna	1207.8	32.4
Fóirdheontais eile lúide cánacha ar tháirgeadh	1883.5	2.0
Ioncam fachtóra	3091.4	12.1
Cúiteamh fostaithe	455.9	9.0
Barrachas Feidhmíochta [1]	2635.5	12.6

1. Ríomhtar é seo roimh an asbhaint d'íocaíochtaí úis ar chaipiteal tógtha ar iasacht agus cíos talún íoctha ag feirmeoirí le húinéirí talún. Tá na meastacháin déanta suas de Ús lúide FISIM:- €64.3m; Cíos Talún:- €148.4m

Foinse: CSO, Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, Feabhra 2008

1.5 Forbhreathnú do Thalmhaíocht

FORBHREATHNÚ IDIRNÁISIÚNTA-CLAONTAÍ AG TEACHT CHUN CINN

Tá an staid talmhaíochta agus bia domhanda á athchóiriú ag roinnt cinn tiomána nua. Tá éifeacht ag méadú ar ioncam, athrú aeráide, praghsanna fuinnimh arda agus domhandú ar thomhaltas bia, táirgeacht agus margaí. Tá taithí ag an-cuid den domhan forbartha ar fhás eacnamaíoch ard le blianta beaga anuas. Leanann an Áise, an tSín agus an India ach go háirithe, ar aghaidh ag léiriú fás marthanach láidir. Tá ioncaim níos airde, uirbiú, agus roghnachais athraitheacha ag ardú éileamh tomhaltóirí intíre le haghaidh táirgí ar luach ard sna tíortha seo agus tíortha eile atá i mbun forbartha. Tá comhdhéanamh buiséid bhia ag bogadh ó thomhaltas gráinní agus barraí cobhsaí eile go glasraí, torthaí, feoil, déiríocht agus iasc.

Tá gráinní cruithneachta (lena n-áirítear grán buí agus sorghum), agus rís mar bhia cobhsaí le haghaidh an chuid is mó de dhaonra an domhain. Braitheann soláthar gránbharra ar tháirgeacht agus infhaighteacht stoic. Bhí táirgeacht gránbharra domhanda i 2006 ag thart ar 2 bhilliún tonna – 2.4 faoin gcéad níos lú ná i 2005. (EBT) Tá an chuid is mó den laghdú mar thoradh ar phlandú laghdaithe agus droch-aimsir i roinnt de na tíortha is mó a tháirgeann agus a onnmhairíonn na hearraí seo.

Mar thoradh ar easpa dul chun cinn an Babhta Doha, tá roinnt mhaith tíortha ag glacadh páirt níos mó i gcomhaontais trádála réigiúnacha agus déthaobhaigh. D'ardaigh líon na socruithe réigiúnacha a tuairiscíodh don WTO ó 86 i 2000 go 159 i 2007. Forbairt eile is ea feabhsú ar théarmaí trádála le haghaidh easpórtálaithe tráchtearraí mar thoradh ar arduithe i bpraghsanna domhanda. D'ardaigh scair tíortha atá ag forbairt in onnmhairí domhanda ó 32 faoin gcéad i 2000 go 37 faoin gcéad i 2006, ach tá éagothroimí réigiúnacha móra ann.

Claonadh eile atá ag teacht chun cinn is ea an slí ina bhfuil praghsanna domhanda gránbharra agus fuinnimh ag éirí nasctha, le praghsanna tráchtearraí atá á úsáid i dtáirgeadh bithbhreoslaí ag tosú de bheith ar aon líne le praghsanna fuinnimh ginearálta.

FORBHREATHNÚ MEÁNTÉARMACH AN AE

Tá an forbhreathnú is déanaí don AE bunaithe ar réamh-mheastacháin Coimisiún an AE le haghaidh an tréimhse 2007-2014. Clúdaíonn an tuarascáil na táirgí seo a leanas: gránbharra, síolta ola, siúcra, feoil, uibheacha, bainne agus na príomh-táirgí déiríochta. Ní thógann na réamh-mheastacháin seo an fothoradh féideartha a d'fhéadfadh teacht as idirbhearta trádála iltaobhacha laistigh de chreatlach an Babhta Forbartha Doha san áireamh.

6. Ionchais do mhargaí agus ioncam talmhaíochta 2007-2014. Coimisiún an AE Márta 2008.

Léiríonn réamh-mheastacháin meántéarmacha forbhreathnú le haghaidh margaí gránbharra an AE le cuma dearfach buíochas le fachtóirí cosúil le hardú socair in éileamh bia domhanda, teacht chun cinn margadh bithbhreoslaí agus moilliú suntasach i bhfás táirgeacht gránbharra san AE. Déanann fachtóirí gearrthéarmacha cosúil le droch-choinníollacha aeráide agus polasaithe easpórtála sriantacha atá ag cuid de na soláthróirí margaidh domhanda éascú ar staid margaidh an-teann atá i réim faoi láthair. Ba cheart do na fachtóirí seo praghsanna gránbharra a choimeád ag leibhéil arda go dtí go dtarlaíonn athsholáthar ar stoic mhargaidh san AE. Léiríonn réamh-mheastacháin meántéarmacha forbhreathnú dearfach le haghaidh margaí gránbharra an AE buíochas le tionchar athchóiriú CBT (lena n-áirítear céimniú amach ar idirghabháil grán buí) deiseanna measartha do mhéadú bairr agus an margadh bith-eatánóil atá ag teacht chun cinn. Réamh-mheastar go gcoinneofaí praghsanna gránbharra domhanda agus an AE ag leibhéil níos airde ná na leibhéil a bhí le feiceáil sa tréimhse suas le fiche bliain ó shin, ach ag leibhéil i bhfad níos ísle ná iad sin a feiceadh le déanaí.

Réamh-mheastar go méadóidh táirgeacht bainne AE-27 ag ráta measartha sa ghearrthéarma i líne le hardú i gcuótaí táirgeachta a ceadaíodh le haghaidh aon bhallstát déag de chuid an AE-15. Sa mheántéarma, áfach, bheadh laghdú céimseach ar tháirgeacht bainne mar gheall ar laghdú socair i dtáirgeacht cothaithe san AE-12. Ar an lámh eile, réamh-mheastar sa mheántéarma go méadóidh an ráta bainne a sheachadtar go déirithe, le dul i dtreo méadú 2.2% a bheadh ar fáil le haghaidh próiseáil faoi cheann 2014. Réamh-mheastar go dtitfidh an tréad déiríochta AE-27 ó 24.2 milliún ceann i 2006 go thart ar 21.9 milliún ainmhí faoi cheann 2014. Táthar ag súil sa mheántéarma go dtiocfaidh feabhas ar chothromaíocht i margaí an AE le haghaidh na táirgí déiríochta móra le táirgeacht agus tomhaltas cáise ag ardú, ach níos lú infhaighteachta ar im agus SMP.

Réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar tháirgeacht mairteola sa mheántéarma go leibhéal 7.6 milliún tonna i 2014 i líne leis an laghdú struchtúrtha a thagann ar thréad déiríochta agus tionchar díchúplála.Toisc go léireodh tomhaltas laghdú níos measartha tríd an tréimhse réamh-mheastacháin, táthar ag súil go dtiocfaidh ardú ar iompórtálacha chun an bearna a líonadh agus 743 000 tonna a shroicheadh faoi cheann 2014.

Táthar ag súil go n-ardóidh táirgeacht agus tomhaltas muiceola thar an meántéarma, ach ag ráta níos moille ná san aimsir atá caite, de bharr iomaíochta ó feoil éanlaith agus praghsanna cothaithe níos airde. Bheadh ar onnmhairí Breis-AE aghaidh a thabhairt ar iomaíocht níos airde ó thíortha a tháirgíonn ar chostais níos ísle, ach táthar ag súil go leanfaidh trádáil laistigh den AE ag méadú thar an tréimhse tuartha.

Leanann an forbhreathnú margaidh le haghaidh feoil éanlaith de bheith dearfach go leor, agus ba cheart do phraghsanna iomaíochais i leith feoil eile agus roghnachas tomhaltóirí láidir dul i bhfabhar táirgeacht éanlaith. Mar thoradh ar chríoch na gcomhaontuithe trádála leis an Bhrasaíl agus an Téalainn ar chóras allmhaire nua, beidh méadú i líon na n-allmhairí sa ghearr-théarma a leanfadh go méadú measartha sa mheán-théarma. Toisc go réamh-mheastar go mbeidh laghdú leanúnach in onnmhairí AE , is gairid go mbeidh an AE-27 mar allmhaireoir ar fheoil éanlaith.

Léiríonn réamh-mheastacháin ioncaim sa mheán-téarma forbhreathnú dearfach, go mbeadh fás 18.1% ar ioncam talmhaíochta an AE-27 idir 2006 agus 2014 i dtéarmaí réadacha. Leanann na réamh-mheastacháin seo de bheith faoi réir neamhchinnteachtaí tábhachtacha áirithe cosúil le Babhta Forbartha Doha um idirbhearta trádála.

FORBHREATHNÚ INTÍRE 2008

Ar aon dul leis na rannóga roimhe seo, táthar ag súil le dlúth-thimpeallacht margaidh le haghaidh an chuid is mó de na tráchtearraí i 2008. San earnáil déiríochta ba cheart do éileamh ard mar aon le heasnamh i soláthar ar mhargaí domhanda agus an AE a bheith tairbheach le haghaidh próiseálaithe. In ainneoin méid áirithe neamhchinnteachta i leith rochtain mairteoil Mheiriceá Theas go margaí an AE, leanann an pictiúr foriomlán de bheith dearfach. Léireofar an earnáil chaorach agus uain le soláthairtí a bheidh ag éirí níos teanna, a thacóidh praghsanna. Beidh teannadh ar sholáthar soiléir chomh maith san earnáil muiceola, áit a bheidh costais na n-ábhar cothaithe mar fhachtóir chinnte ar chorrlaigh, agus seo í an chás san earnáil feoil éanlaithe chomh maith, áit a dhéanfar réamh-mheasadh ar sheasmhacht sa mhargadh ag leibhéal an AE bunaithe ar stádas sláintiúil ó thaobh an fliú éanúil de. San earnáil ghairneoireachta, táthar ag súil go n-éascóidh tuilleadh plandáil an filleadh ar rialtacht níos mó sa mhargadh le brú síos ar phraghsanna ó na buaicleibhéil a bhí ann i 2007. Léirítear anailís agus forbhreathnú ar thráchtearraí níos mine i gCaibidil 3.

Caibidil a Dó
Ioncam Feirme

2.1 Réamhrá

Úsáideann an chaibidil seo sonraí ó Shuirbhé Feirme Náisiúnta Teagasc chun scrúdú a dhéanamh ar na claontaí in ioncam feirme agus ioncam iomlán feirme tí. Léiríonn meastacháin do 2007 gur bliain réasúnta maith a bhí ann don earnáil fheirmeoireachta le lucht táirge déiríochta agus gránbharra ag déanamh go maith ach go háirithe. Déantar anailís ar shonraí ag leibhéal na feirme ag úsáid sonraí ón Suirbhé Feirme Náisiúnta 2007 agus déantar anailís ar shonraí faoi ioncam teaghlaigh iomlán ag úsáid an EU-SILC 2006.

1. Ní áiríonn an figiúr seo deontais choillteoireachta agus préimheanna, aon deontas infheistíochta feirme agus íocaíochtaí go feirmeoirí scortha faoin scéim luathscoir.

2.2 Ioncam Feirme i 2007

Taispeánann réamh-mheastachán an CSO ar aschur, ionchur agus ioncam sa talmhaíocht go raibh méadú de12.6% i mbarrachas oibriúcháin go €2,636 milliún i 2007. An fachtóir is suntasaí ba chúis leis an méadú in ioncam ba ea praghsanna láidre ar mhargaí déiríochta domhanda agus mar thoradh ar seo feabhsaíodh praghsanna bainne ag geata na feirme agus bhí méadú foriomlán de 26% ar luach an aschuir bainne. Bhí praghsanna arda ar ghránbharra le luach an aschuir suas 71% mar thoradh ar éileamh buacach ar mhargaí gránbharra chomh maith le le heaspa soláthairtí. Bhí luach aschuir na hearnála mairteola seasmhach, ach bhí níos mó athraitheachta in earnálacha na caorach agus na muice le haschur síos 4.5% agus 9.7% faoi seach.

Ba fhiú níos mó ná €1,929 milliún na híocaíochtaí díreacha d'fheirmeoirí i 2007 . Agus iad ag ríomh barrachas feidhmíochta, déaduchtaíonn an CSO tobhaigh ag fágáil fóirdheontais ghlan de €1,864, a mhíníonn 71% den barrachas feidhmíochta.

Figiúr 2.1: Barrachas Feidhmíochta, Íocaíochtaí Díreacha agus Íocaíochtaí Díreacha mar % de OS, 2000-2007



Foinse: CSO agus RTIB

Figiúr 2.2: % athrú i bhfíor ioncam talmhaíochta in aghaidh an oibrí san AE-27 i 2007



Foinse: EUROSTAT

2.3 Meán Ioncam Feirme

Cuireann EUROSTAT meastacháin ar chlaontaí bliantúla in ioncam feirme ar fáil don AE-27. I 2007, measadh go raibh ardú 4.7% ar ioncam réalaíoch talmhaíochta in aghaidh an oibrí don AE-27. Dúradh gur bhain an méadú le fás in ioncam réalaíoch talmhaíochta (+2.6%) agus laghdú in ionchur saothair talmhaíochta (-1.9%). D'fhás aschur mar thoradh ar mhéadú suntasach i luach táirgeadh bairr ag teacht ó neartú i bpraghsanna táirgeora fad is gur fhan aschur ainmhithe beagnach seasmhach.

Tuairiscíodh cuid de na méaduithe is mó i mBallstáit nua, an Liotuáin (+58.5%), Poblacht na Seice (+20.6%) agus an Eastóin (+19.4%). Tuairiscíodh laghdaithe móra sa Bhulgáir (-18.6%) agus sa Rómáin (-16.1%), áfach. Bhí Éire gar don meán ag +4.8%[2].

2.4 Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006

Cé go bhfuil sonraí an CSO bainteach le leibhéil bailiúcháin barrachas feidhmíochta, tá eolas faoi ioncam ag leibhéal na feirme tiomsaithe ag Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc. (Ní áiríonn an Suirbhé Náisiúnta Feirme (SNF) feirmeacha le níos lú ná dhá Aonad Eacnamaíochta de réir Méid agus seasann sé do 113,210 feirm). Baineann an suirbhé is déanaí le 2006 agus cosúil le blianta roimhe sin léirítear éagsúlacht suntasach in ioncam teaghlaigh feirme ag braith ar mhéid an fheirm agus an córas feirmeoireachta atá ann s.rl.

Léiríonn Tábla 2.1 meán ioncam feirme teaghlaigh de réir córas fheirmeoireachta do 2006. Tuairiscíodh na hioncaim is airde ar fheirmeacha déiríochta agus curaíochta, agus rinne íocaíochtaí díreacha suas na codanna is ísle d'ioncam ó fheirmeacha teaghlaigh. Ar fheirmeacha le heallaí agus caoirigh bhí na meán-ioncaim níos ísle, le híocaíochtaí díreacha úsáidte chun costais táirgiúlachta[3] forchostais a chlúdach. Clúdaíodh costais táirgeachta díreacha[4] le torthaí margaidh thar gach córas.

2. *Bunaíodh é seo ar réamh-mheastachán ar aschur, ionchur agus ioncam sa talmhaíocht an CSO a foilsíodh i mí na Nollag 2007, a léirigh ardú de 7% i mbarrachas feidhmíochta.*
3. *Cíosanna, guthán, gluaisteán, leictreachas, ús, dímheas, cothabháil foirgnimh agus talún, costais oibriúcháin innealra agus aol.*
4. *Áiríonn costais díreacha foráiste, cothú, leasachán, cosaint na mbarr, síol, fruiliú innealra, iompar, tréidliacht, A.I. lucht oibre ócáideach, cuóta ar cíos, eile.*
5. *San SNF tá feirmeacha lánaimseartha agus páirtaimseartha bunaithe ar ionchur saothair, le 0.75% de ionchur saothair caighdeánach ag teastáil le sainmhíniú lánaimseartha a thabhairt d'fheirmeacha agus iad sin atá le riachtanais níos lú acu sainmhínithe mar páirtaimseartha.*

Tábla 2.1 Torthaí den Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006 de réir Córais Feirmeoireachta

	Déiríocht	Déiríocht & eile	Tógáil Eallaigh	Eallach Eile	Caoirigh don chuid is mó	Curaíocht don chuid is mó	Córais Uile
% d'fheirmeacha léirithe	15.0%	8.2%	23.7%	28.1%	18.4%	6.6%	100%
Táirgeacht mhargaidh	€89,332	€61,102	€12,828	€16,902	€15,527	€58,906	€32,958
Íocaíochtaí Díreacha (ÍDanna)	€18,790	€21,387	€12,347	€15,237	€16,118	€24,203	€16,346
Táirgeacht comhlán	€108,122	€82,489	€25,175	€32,139	€31,645	€83,109	€49,304
Costais Díreach	€39,128	€29,687	€7,385	€9,410	€9,061	€27,047	€16,154
Forchostais	€32,773	€28,029	€9,499	€11,446	€10,683	€27,527	€16,470
Ioncam Teaghlaigh Feirme (ITF)	**€36,221**	**€24,774**	**€8,291**	**€11,292**	**€11,902**	**€28,536**	**€16,680**
Ídanna mar % de ITF	52%	86%	149%	135%	135%	85%	98%

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006, Teagasc 2007

Tá comparáid idir saintréithe feirmeoireachta d'fheirmeacha lánaimseartha agus páirtaimseartha léirithe i dTábla 2.2. Cé go bhfuil difríocht suntasach idir an dá cheann i dtéarmaí ioncaim teaghlaigh feirme, tá difríocht tábhachtach ann chomh maith idir meán-mhéid na bhfeirmeacha sa dá ghrúpa. Chomh maith leis seo, tá claonadh ann go mbíonn aischur níos airde in aghaidh an heicteáir ag feirmeacha lán-aimseartha, rud a bhí an-soiléir ar chórais déiríochta. Bhí táirgeoirí caorach páirtaimseartha mar eisceacht, áfach, le hioncaim in aghaidh an heicteáir níos airde acu ná mar atá ag a gcontrapháirteanna lánaimseartha.

Tábla 2.2 Torthaí den Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006 d'fheirmeacha lánaimseartha agus páirtaimseartha de réir Córais Feirmeoireachta

	Déiríocht	Déiríocht & eile	Tógáil Eallaigh	Eallach Eile	Caoirigh don chuid is mó	Curaíocht don chuid is mó	Córais Uile
LÁNAIMSEARTHA							
% den daonra	13.6%	4.8%	2.4%	4.7%	4.6%	2.7%	32.9%
ATÚ (ha)	46.6	68.3	61.1	62.3	69.4	96.9	60.5
Ioncam Teaghlaigh Feirme (ITF)	€38,690	€37,780	€21,500	€27,779	€22,765	€50,443	€34,486
ITF/ha	€830	€553	€352	€446	€328	€521	€570
Íocaíochtaí díreacha (ÍDanna)	€19,818	€29,998	€28,756	€32,522	€29,932	€39,958	€26,873
ÍDanna mar % de ITF	51%	79%	134%	117%	131%	79%	78%
PÁIRTAIMSEARTHA							
% den daonra	1.3%	3.3%	21.2%	23.2%	13.7%	3.9%	66.6%
ATÚ (ha)	22.1	19.6	23.8	23.2	21.8	28.0	23.2
Ioncam Teaghlaigh Feirme (ITF)	€10,751	€5,790	€6,784	€7,928	€8,296	€13,235	€7,899
ITF/ha	€486	€295	€285	€342	€381	€473	€340
Íocaíochtaí díreacha (ÍDanna)	€8,190	€8,817	€10,475	€11,710	€11,533	€13,200	€11,154
ÍDanna mar % de ITF	76%	152%	154%	148%	139%	100%	141%

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006, Teagasc 2007

2.5 Ioncam Fostaíochta Lasmuigh den Fheirm

Tá obair lasmuigh den fheirm ag níos mó agus níos mó feirmeoirí anois a chuireann le hioncam teaghlaigh. Measann an Suirbhé Feirme Náisiúnta go bhfuil gairm bheatha lasmuigh den fheirm ag 42% de shealbhóirí feirme. Ritheann na feirmeoirí seo feirmeacha páirtaimseartha den chuid is mó mar atá sainmhínithe ag aonaid oibre. Measadh go raibh ioncam meánach taobh amuigh den fheirm de €23,700 ag sealbhóirí a raibh poist eile acu uatha sin a bhí sásta sonraí faoina n-ioncam a sholáthar (Tábla 2.3)[6].

6. Bunaithe ar eolas a tugadh gan deimhniú.

Ón 58% de shealbhóirí feirme a shonraigh nach raibh aon ioncam lasmuigh den fheirm acu, measadh go raibh feirmeacha lánaimseartha ag 28% dóibh le hioncam feirme teaghlaigh meánach de €35,100, fad is go raibh 30% páirtaimseartha le hioncam feirme teaghlaigh de €8,800.

Baineann Tábla 2.3 le 42% d'fheirmeacha amháin áit a dúirt an sealbhóir go raibh fostaíocht lasmuigh den fheirm aige, ar 82% d'fheirmeacha, áfach, meastar go bhfuil foinse eile ioncaim lasmuigh den fheirm ag an bhfeirmeoir agus/nó ag céile, ó fhostaíocht, pinsin nó cúnamh sóisialta.

Tábla 2.3 Meastachán ar ioncam fostaíocht sealbhóra na feirme ó lasmuigh den fheirm, 2006

	Uimh. Samplach.	% den daonra	Meán-ioncam lasmuigh den fheirm	Ioncam feirme	Ioncam (lasmuigh de agus ar an bhfeirm)
Tá post agus ioncam lasmuigh den fheirm sainithe ag an bhfeirmeoir					
Gach feirm	357	41	€23,100	€9,800	€32,900
Feirmeacha lánaimseartha	89	5	€18,600	€30,000	€48,600
Feirmeacha páirtaimseartha	268	36	€23,700	€7,100	€30,800

Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006, Teagasc 2007

2.6 Íocaíochtaí Díreacha

Léiríonn Tábla 2.4 dáileadh na n-íocaíochtaí díreacha[7] ag deicílí ioncaim teaghlaigh feirme. Don chéad ocht ndeicíl, bhí íocaíochtaí díreacha feirme meánach níos mó ná ioncam feirme teaghlaigh meánach. Ghlac na feirmeacha seo thart ar 60% d'íocaíochtaí díreacha i 2006.

7. *Áiríonn íocaíochtaí díreacha i dTábla 2.5 an Scéim Íocaíochta Singil, SCCT agus scéim liúntais cúitimh i gceantair faoi mhíbhuntáiste bunaithe ar an gceantar.*

Tábla 2.4 Scair 2006 na nÍocaíochtaí Díreacha de réir Deicílí Ioncaim Teaghlaigh Feirme

Deicilí um ITF	Meán ÍD in aghaidh na feirme (SFP san áireamh)	% de ÍD iomlán	Meán ITF
Deicíl 1	7,359	5%	-2,66
Deicíl 2	6,007	4%	2,150
Deicíl 3	7,229	4%	3,724
Deicíl 4	9,492	6%	5,990
Deicíl 5	11,292	7%	8,203
Deicíl 6	14,892	9%	10,443
Deicíl 7	18,021	11%	14,907
Deicíl 8	22,200	14%	21,475
Deicíl 9	29,358	18%	34,506
Deicíl 10	37,360	23%	67,285
Uile	**16,346**	**100%**	**16,680**

Foinse: A.Kinsella, Analysis by Decile, Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006

Léirítear miondealú ar an Scéim Íocaíochta Singil 2007 trí mhéid na n-íocaíochtaí i bhFigiúr 2.3. Faoi scéim 2007 íocadh €1,229 milliún go breis is 124,500 iarrthóir faoi dheireadh Márta 2008. Ba ea €9,871 meán mhéid na n-íocaíochtaí le 68% de na faighteoirí ag fáil faoi bhun €10,000 nó 28% de na híocaíochtaí iomláin.

Figiúr 2.3: Dáileadh Scéime Íocaíochta Singil 2007 de réir méid na híocaíochta



Foinse: RTIB

2.7 Ioncam Teaghlaigh Feirme Iomlán

Fuarthas sonraí faoi ioncam feirme teaghlaigh iomlán agus ioncam teaghlaigh eile ó Shuirbhé AE Ioncam agus Coinníollacha Maireachtála (EU-SILC) 2006.

Ag braith ar cén sainmhíniú de theaghlach feirme a úsáidtear, meastar go bhfuil ioncam feirme teaghlaigh iomlán ag €58,031 in aghaidh na bliana nó ag €47,703 in aghaidh na bliana. Áireodh an chéad ceann coibhneas níos mó de theaghlaigh áit nach é feirmeoireacht an phríomh-ghairm bheatha a bheadh ag an sealbhóir, tá sé seo bunaithe ar shainmhíniú leathan, a dhéanann rangú ar aon teaghlach le haon ioncam ó fheirmeoireacht mar theaghlaigh feirme (Tábla 2.5). Ag úsáid an sainmhíniú seo mhínigh ioncam feirme díreach níos mó má trian d'ioncam teaghlaigh feirme iomlán, a measadh a bheadh níos airde ná meán an stáit de €54,906.

Tábla 2.5 Comhdhéanamh ioncaim teaghlaigh do theaghlaigh feirme, teaghlaigh tuaithe agus uirbeacha eile

	Teaghlaigh feirme*	Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	Stát
Daoine in aghaidh an teaghlaigh	3.20	2.80	2.82	2.85
Ioncam feirme	20,980	-	-	1,819
Fostaíocht neamhfheirme	27,100	31,618	47,229	41,043
Ioncam díreach eile	1,405	844	1,777	1,480
Aistrithe Stáit	8,546	10,924	10,679	10,564
Ioncam Comhlán	**58,031**	**43,386**	**59,685**	**54,906**
Lúide cáin agus ranníocaíochtaí sóisialacha	9,155	7,576	13,485	11,429
Ioncam indiúscartha	48,877	35,810	46,201	43,477
Ioncam comhlán in aghaidh an bhaill teaghlaigh	18,132	15,503	21,164	19,286
Ioncam indiúscartha in aghaidh an bhaill teaghlaigh	15,272	12,796	16,383	15,272
Ioncam Comhlán mar % de mheán an stáit	106%	79%	109%	100%
Ioncam indiúscartha mar % de mheán an stáit	112%	82%	106%	100%

Foinse: CSO, EU-SILC 2006 (iarratas speisialta)

**úsáidtear sainmhíniú SILC de uirbeach agus tuaithe agus sainmhínítear teaghlach feirme mar aon theaghlach ina bhfuil úinéireacht feirme nó feirm ar cíos i gceist agus go bhfuil ioncam éigin ó fheirmeoireacht sa teaghlach. Ní áirítear teaghlaigh sa chás gurb é ligean amach tailte talmhaíochta ar cíos an t-aon ioncam feirme atá acu.*

Cúngaíonn an sainmhíniú comhroghnach teaghlaigh feirme go feirmeacha ina bhfuil ceann an teaghlaigh ina fheirmeoir nó ina fheirmeoir atá scortha agus go bhfuil ar a laghad feirmeoir amháin eile sa teaghlach (Tábla 2.6). Meastar go ndéanann ioncam feirme suas 50% de ioncam teaghlaigh feirme iomlán i gcásanna mar seo.

Go ginearálta, tá claonadh ann go mbíonn ioncam teaghlaigh níos ísle ag teaghlaigh tuaithe agus go mbíonn ioncam níos airde ag teaghlaigh uirbeacha.

2.8 Teaghlaigh Íseal-Ioncaim

Ag díriú ar ioncam feirme leis féin tugtar le tuiscint go bhfuil coibhneas ard de theaghlaigh feirme ar ioncam íseal, taispeánann sonraí ar bhochtaineacht leanúnach, áfach, go bhfuil claonadh ann go mbíonn rátaí bochtaineacht leanúnach i bhfad níos ísle ag teaghlaigh feirme ná teaghlaigh uirbeacha nó tuaithe eile. Is é seo an pátrún le roinnt mhaith blianta agus tugann sé le tuiscint go bhfuil rátaí níos ísle díothacht bhunúsach ag teaghlaigh feirme ná ag grúpaí teaghlaigh eile.

Chomh maith leis seo, bhí baol bochtaineachta níos ísle i measc teaghlaigh feirme ná grúpaí teaghlaigh eile nuair a dhéantar comparáid ag an líne bhochtaineachta coibhneasta de 60%.

Meastar go bhfuair 7,376 feirmeoir Cúnamh Feirme ag deireadh 2007. Is scéim tástála acmhainne é seo do theaghlaigh feirme le hioncam íseal. Tá an scéim seo á riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chaith thart ar €78.7 milliún ar an scéim i 2007.

Chomh maith leis seo, cuireann an Scéim Shóisialta Tuaithe (RSS) cúnamh ar fáil do theaghlaigh feirmeoirí agus iascairí. Tá sé mar aidhm ag an scéim seo ioncam a chur ar fáil trí cead a thabhairt d'fhaighteoirí ioncam tacaithe a thuilleadh fad agus atá siad ag soláthar seirbhísí ar son pobail tuaithe. Ó Samhain 2006, tá gach ceann de na 2,600 áit do rannpháirtithe agus 130 saoiste tugtha amach le cuótaí aonaracha sannta do gach ceann de na Comhlachais Forfheidhmithe.

Tábla 2.6 Comhdhéanamh ioncaim teaghlaigh do theaghlaigh feirme, teaghlaigh tuaithe agus uirbeacha eile

	Teaghlaigh feirme*	Teaghlaigh neamhfheirme faoin tuath	Teaghlaigh uirbeacha neamhfheirme	Stát
Daoine in aghaidh an teaghlaigh	2.94	2.89	2.82	2.85
Ioncam feirme	25,569	2,209	58	1,819
Fostaíocht neamhfheirme	12,775	32,427	47,369	41,043
Ioncam díreach eile	1,270	919	1,784	1,480
Aistrithe Stáit	39,614	35,555	49,212	44,342
Ioncam Comhlán	**47,703**	**46,244**	**59,874**	**54,906**
Lúide cáin agus ranníocaíochtaí sóisialacha	6,432	7,982	13,545	11,429
Ioncam indiúscartha	41,271	38,262	46,329	43,477
Ioncam comhlán in aghaidh an bhaill teaghlaigh	16,217	16,003	21,243	19,286
Ioncam indiúscartha in aghaidh an bhaill teaghlaigh	14,030	13,241	16,437	15,272
Ioncam Comhlán mar % de mheán an stáit	87%	84%	109%	100%
Ioncam indiúscartha mar % de mheán an stáit	95%	88%	107%	100%

Foinse: CSO, EU-SILC 2006 (iarratas speisialta)

**Úsáidtear sainmhíniú SILC de uirbeach agus tuaithe agus déanann sé cur síos ar theaghlach feirme mar theaghlach ina bhfuil ceann an teaghlaigh ina fheirmeoir nó mar fheirmeoir atá scortha ón obair agus go bhfuil ar a laghad feirmeoir amháin eile sa teaghlach.*

Tábla 2.7 Bochtaineacht leanúnach do theaghlaigh feirme, teaghlaigh tuaithe agus uirbeacha eile

	Sainmhíniú leathan %	Sainmhíniú cúng %
60% líne bhochtaineachta leanúnach		
Meán an Stáit	6.9	6.9
Teaghlaigh feirme	1.0	2.2
Teaghlaigh Tuaithe Eile	7.3	6.2
Teaghlaigh Uirbeacha	7.7	7.7
60% líne bhochtaineachta coibhneasta		
Meán an Stáit	17.0	17.0
Teaghlaigh Feirme	12.9	15.7
Teaghlaigh Tuaithe Eile	24.3	22.2
Teaghlaigh Uirbeacha	14.4	14.3

Foinse: CSO, EU-SILC 2006

Caibidil a Trí
Tráchtearraí agus Ionchur Talmhaíochta

3.1 Léargas

Ba bhliain mhaith ar an iomlán í 2007 don earnáil talmhaíochta. Ba bhliain dúshlánach í do na margaí mairteola leis na treochtaí bliantúla a tugadh faoi deara le déanaí le praghsanna méadaithe ag géilleadh do mhaolú sa mhargadh. D'éirigh go maith leis an earnáil déiríochta ar mhargaí AE agus idirnáisiúnta i 2007 toisc éileamh méadaithe agus righneas an tsoláthair. D'fhan earnáil na gcaorach agus na n-uan measartha seasmhach, le méaduithe praghsanna modhúla i rith na bliana. Do ghránbharra agus bhairr eile, ba bhliain an-mhaith í 2007 le luach aschuir mheasta na ngránbharr suas faoi níos mó ná 70% i gcomparáid le 2006.

Ag leibhéal bailiúcháin, mhéadaigh an farasbarr oibríochta san earnáil talmhaíochta faoi 12.6% i 2007. Is féidir é seo a chur i leith treochtaí praghais dearfacha i roinnt mhaith earnálacha, go háirithe an earnáil déiríochta agus earnáil na ngránbharr. Mar sin féin, bhí méaduithe ann i gcostas in an-chuid de na heilimintí de tomhaltas idirmheánach, le méadú 3% ar an iomlán. Bhí éifeacht phraghais mharcáilte ann ar ábhair chothaithe agus bhí méadú 5.3% ann i luach na n-earraí fuinnimh a tomhlaíodh.

Tábla 3.1 Aschur agus Ionchur i dTalmhaíocht, 2007[1] - Luach, Toirt agus Praghas

	Luach	% Athrú 07/06			Scair d'Olltáirgeacht /Ionchur
	€m	Luach	Toirt	Praghas	
Aschur comhlán ag praghsanna táirgeora	**5,673.8**	**8.2**	**-1.84**	**10.2**	**100%**
Bainne	1,667.8	25.8	-0.7	26.6	29%
Eallach agus Laonna	1,476.9	-1.7	1.6	-3.2	26%
Muca	289.6	-9.7	-4.3	-5.7	5%
Caoirigh agus Uain	181.9	-4.5	-7.6	3.3	3%
Éanlaith Chlóis	139.6	-0.9	-4.2	3.4	2%
Gránbharra	273.3	71.1	1.4	68.7	5%
Barra Fréimhe	92.1	-14.1	-9.3	-5.3	2%
Glasraí agus Torthaí Úra	227.6	n/b	n/b	n/b	4%
Plandaí Foráiste	911.9	6.1	-10.0	17.8	16%
Eile	413.0	n/b	n/b	n/b	7%
Tomhaltas idirmheánach (Ionchur)	**4,015.4**	**3.0**	**-3.8**	**7.1**	**100%**
Cothú d'Ainmhithe	1,024.8	5.6	-4.9	11.1	26%
Leasuithe	358.9	-5.4	-7.8	2.6	9%
Fuinneamh agus Bealaidh	326.3	5.3	2.3	3.0	8%
Cothabháil agus Deisiúcháin	368.1	3.9	-0.5	4.4	9%
Seirbhísí Talmhaíochta	274.2	1.0	-2.7	3.8	7%
Plandaí Foráiste	896.9	6.1	-10.0	17.9	22%
Eile	766.3	n/b	n/b	n/b	19%

1. Réamh-Mheastachán. Foinse: CSO

ATHRUITHE STOIC

Tá meastacháin luath d'athruithe stoic ar fheirmeacha na hÉireann i 2007 léirithe i dTábla 3.2. Tharla laghduithe leanúnacha i dtoirt an bheostoic ar fheirmeacha, le hearnáil na n-eallaí síos faoi roinnt 150,000 eallach. Measadh go raibh earnáil na gcaorach síos faoi níos mó ná 290,000 caora i gcomparáid le 2006.

Tábla 3.2 Luach (€m) agus Toirt[1] (000) Measta d'Athruithe Stoic ar Fheirmeacha, 2006-2007

	2006		2007[2]	
	Toirt	Luach	Toirt	Luach
Eallach	-190	-99.47	-151	-85.06
Caora	-431	-21.21	-291	-18.29
Muca	-51	1.60	-55	-2.45
Éanlaith Chlóis	-1,266	-5.40	430	-1.50
Barra	22	2.10	22	2.08
Iomlán	n/b	-122.39	n/b	-105.22

1 Tá toirt an Bheostoic i gcinn (000), tá toirt na mbarr i dtonnaí (000)
2 Meastachán Luath
Foinse: CSO

Déantar na treochtaí síos i leibhéil stoic d'eallach, chaora agus mhuca a imlíniú a thuilleadh i bhFigiúr 3.1, a chuireann innéacs ar fáil do líon stoic idir 2000 agus 2006 bunaithe ar Shuirbhéanna Beostoic CSO na Nollag. (Bun 2000=100)

TÉARMAÍ TRÁDÁLA

Mhéadaigh praghsanna aschuir talmhaíochta faoi beagnach 10% i 2007 i gcóimheas le méadú 6.7% i bpraghsanna ionchuir. Bhí tairbhe fabhrach i dtéarmaí trádála ann d'fheirmeoirí de +3.1% mar thoradh ar na gluaiseachtaí praghais seo. Tharla an méadú seo san innéacs aschuir phraghais bhliantúil go mór toisc méaduithe i ngránbharra, bainne agus glasraí.

Tábla 3.3 Téarmaí Trádála, 2006-2007

Bun 2000=100	2006	2007	% athrú 2006/2007
Aschur	107.4	118.0	9.8%
Ionchur	123.1	131.3	6.7%
Téarmaí Trádála	87.2	89.9	3.1%

Foinse: CSO Praghas-Treorach Talmhaíochta

Figiúr 3.1: Innéacs de Líon an Bheostoic 2000-2007



Foinse: Suirbhéanna Beostoic na Nollag de chuid an CSO 2000-2006, Meastachán 2007

3.2 Bainne

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

D'fheidhmigh táirgí déiríochta go maith sna margaí AE agus idirnáisiúnta i 2007 in ainneoin costais fhuinnimh mhéadaithe, dollar na Stát Aontaithe lag agus fionraíocht de mheicníochtaí tacaíochta an AE. Ba iarmhairt í an fheidhmíocht láidir d'éileamh ard agus righneas an tsoláthair ar mhargaí oibre AE agus domhanda agus cabhraíodh léi go príomha ag fás leanúnach in onnmhairiú na bhfoirmlí naíonda agus táirgí breisluacha eile.

I 2007 bhí laghdú breise ann sna soláthairtí bainne AE. Ghlan sé seo, in éineacht le honnmhairithe arda, na stórtha idirghabhála agus ba chúis praghais spíce iad. Shroich praghsanna SMP, WMP agus ime buaicphointe sa bhfómhair, sular thit siad síos arís faoi dheireadh na bliana, cé gur lean praghsanna cáise ar aghaidh ag ráta níos moille.

Meastar go mbeidh táirgeacht bhainne domhanda méadaithe faoi 1.4% i 2007, curtha ar aghaidh go príomha ag praghsanna níos airde. Tá an tAE freagrach as ucht 27% den táirgeacht bhainne domhanda. Shroich praghsanna domhanda buaiceanna i 2007 ach laghdaigh siad arís ina dhiaidh sin. Lean an triomach san Astráil air ag dul i bhfeidhm ar a cuid soláthairtí inonnmhairithe.

ASCHUR IN ÉIRINN

I 2007 bhí méadú suntasach ann (os cionn 25%) i luach na hearnála bainne go €1,668 milliún. Measadh go raibh seachadtaí suas beagáinín ó 2006.

Tábla 3.4 Aschur agus Diúscairt Bainne[1] (bainne gan bhearradh amháin) 2006-2007

Milliún lítear	2006	2007	% Athrú
Slí Diúscartha			
Bainne díolta ó fheirmeacha	5,079	5,092	**0.3%**
Bainne úsáidte i dteaghlaigh feirme[2]	35	35	**0.0%**
Tabhairt isteach bainne allmhairithe	**566**	**473**	**-16.4%**
Aschur Bainne Iomlán	**5,680**	**5,600**	**-1.4%**
As sin:			
Úsáidte le haghaidh tomhaltas leachtach	503	496	-1.4%
Úsáidte i ndéantúsaíocht:			
Uachtar[3]	234	234	0.3%
Púdar Bainne	256	270	5.5%
Im	3,099	3,150	1.7%
Cáis	1,334	1,283	-3.8%
Grabhróg Seacláide	126	107	-15.7%
Táirgí ilghnéitheacha	841	843	0.3%

1. *Ní réiteoidh aschur agus diúscairt bainne toisc go bhfuil próiseas táirgiúlachta difriúil i dtáirgiúlacht táirgí bainne bunaithe*
2. *Lena n-áirítear bainne úsáidte do tháirgiúlacht ime, uachtair agus cáis feirme agus bainne tugtha mar íoctha chomhchineáil chuig fostaithe talmhaíochta*
3. *San áireamh tá bainne do dhéanamh uachtair ag uachtarlanna agus lucht paistéartha .*

Foinse: CSO 2006 & 2007; meastacháin RTIB.

PRAGHSANNA

Ba é 34 cent in aghaidh an lítir an meánphraghas a íocadh do tháirgeoirí i 2007, méadú 29% ar an aischuir do tháirgeoirí i 2006. Ina theannta sin, fuair feirmeoirí déiríochta préimh déiríochta de 3.6 cent/lítir. Sna hAE-25 ba é 31cent/lítir an meánphraghas bainne, cé nach bhfuil na Ballstáit go léir díchúpláilte ina iomlán. Bhí méadú 9.9% ann ar 2006.

TÁIRGEADH DE THÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA

Mheas an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia gur mhéadaigh táirgeadh ime, SMP agus WMP na hÉireann faoi 1.65%, 20.4% agus 4.3% faoi seach i 2007. Thit táirgeadh na cáise faoi 3.8%. Laghdaigh toirt ime an AE a úsáideadh sna tionscail taosráin agus uachtar reoite faoi Rialachán 1898/2005 faoi 68% go 149,971 tonna. D'áirigh sé seo 4,648 tonna d'im idirghabhála.

ONNMHAIRÍ

Bhí onnmhairí na dtáirgí agus na gcomhábhar déiríochta Éireannacha láidir le thart ar €2.36 billiún onnmhairí i 2006. Léiríonn sé seo méadú de 13% ar 2006 ós rud é gur lean onnmhaireoirí Éireannacha orthu ag freagairt go maith d'éileamh feabhsaithe, le leath an fháis seo ag teacht ón Áise. D'éirigh go maith le táirgí breisluacha don chuid is mó i 2007. Lean onnmhairí Éireannacha d'fhoirmlí naíonda orthu ag feidhmiú go láidir i rith na bliana.

IDIRGHABHÁIL/BAINISTÍOCHT MHARGAIDH

I 2007 níor chuaigh aon im Éireannach isteach sa Scéim Idirghabhála, agus rinneadh na stoic go léir a spíonadh. Laghdaíodh na cúnaimh inmheánacha agus na haisíocaíochtaí onnmhairithe go léir a bhí fágtha go náid i 2007.

BAINISTÍOCHT CHUÓTA

Bhí 20,197 táirgeoirí gníomhacha bainne measta ann i 2007, a sheas do laghdú de thart ar 8.4% ó 2006 (Féach Tábla 11.7 na hIarscríbhinne Staidrimh).

Ba í an Scéim Trádála Cuóta Bainne an phríomh mhodh trína fuair táirgeoirí an cuóta bainne. D'athchur an Scéim Trádála an sean-Scéim Athstruchtúrú Cuóta Bainne, agus an cuóta dáilte do tháirgeoirí i leith na bliana cuóta bainne 2007/2008.

Tá dhá eilimint sa Scéim Trádála, is iad sin, Linn Tosaíochta agus Malartú Margaidh. Dáileann an Linn Tosaíochta cuóta do chatagóirí tosaíochta ar nós feirmeoirí óga agus táirgeoirí mionscála ag uasphraghas, a bhí socraithe i 2007 ag an Aire ag 12 cent in aghaidh an lítir. Tá an Malartú Margaidh freagrach as an chuid eile - is é sin thart ar 70 faoin gcéad de ghnáth – den trádáil chuóta. Socraíonn ceannaitheoirí agus díoltóirí an praghas ar an malartú, agus tarlaíonn an malartú ag leibhéal ceantair Chomharchumainn de ghnáth.

I 2007 bhí an Scéim Trádála freagrach as ucht thart ar 200 milliún lítear den chuóta a aistriú i leith na bliana cuóta bainne 2007/2008, agus rinneadh 65 milliún lítear breise a thrádáil i malartú na Nollag 2007, a raibh mar an chéad cheann de dhá mhalartú a dháileann cuóta i leith na bliana chuóta bainne 2008/2009.

Sa bhliain chuóta bainne 2006/2007 níor chuaigh seachadtaí bainne na hÉireann thar an cuóta náisiúnta agus mar sin ní raibh aon dliteanas forthobhaigh iníoctha do Choimisiún an AE.

Figiúr 3.2: Praghsanna Bainne, 2006-2007



Figiúr 3.3: Táirgeadh de Tháirgí Déiríochta, 2006-2007



FORBHREATHNÚ 2008

Is é an forbhreathnú do 2008 ná go meastar go bhfanfaidh praghsanna ar mhargaí domhanda agus AE daingean le hardleibhéil éilimh go háirithe do phróitéin. Is dóchúil go bhfanfaidh aisíocaíochtaí agus fóirdheontais onnmhairithe ar fionraí agus ba cheart do seo spreagadh a thabhairt do phraghsanna domhanda coinbhéirsiú níos cóngaraí do phraghsanna idirghabhála AE. Is amhlaidh go leanfaidh soláthair próitéin ag titim taobh thiar ar éileamh agus ba cheart go bhfanfadh praghsanna ard, rud a bheidh ar leas próiseálaithe agus trádálaithe.

3.3 Eallach

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

Ba bhliain dhúshlánach í 2007 ar mhargaí mairteola na hÉireann agus AE araon. Lean táirgeadh na mairteola sna 15 AE uirthi ag dul i léig, le heasnamh an tsoláthair ag leathnú a thuileadh, cé gur d'ardaigh an táirgeadh teaghlaigh beagáinín, go mór mhór toisc méadú beag i meán mheáchain na gconablach. D'fhan maruithe ag gléasraí onnmhairithe na hÉireann beagnach gan athrú agus is é an glan-toradh ná gur d'fhás an t-aschur faoi 1.5% go 578,000 tonnaí. Lean onnmhairithe don RA agus do Mór-Roinn na hEorpa orthu ag fás le trádáil na tríú tíortha ag laghdú a thuilleadh. In ainneoin aisghabháil sa dara chuid den bhliain, mhaolaigh praghsanna beagáinín i rith 2007. Fógraíodh srianta maidir le hallmhairiú na mairteola Brasaílí isteach san AE i mí na Nollag. Tugadh méadú suntasach i gcostais ionchuir, go háirithe i ngrán, faoi deara i 2007 ach tá sé seo le cur le praghsanna miondíola fós. In ainneoin seo, agus in ainneoin an láithreacht leanúnach, i bhfoirm atá measartha srianta, d'ofrálacha Meiriceá Theas ar chostas íseal inár margaí iomaitheora, tá an forbhreathnú fós dearfach le haghaidh 2008.

ASCHUR IN ÉIRINN

I 2007, laghdaigh luach an aschuir den earnáil mairteola beagáinín (thart ar 1.6) go díreach faoi €1.5 billiún. Ba mhachnamh é seo go príomha ar laghdú beag i dtoirt na n-onnmhairithe beo agus maolú beag sna praghsanna i gcomparáid le 2006.

Tábla 3.5 Luach Aschuir[1] agus Líon na n-Eallach agus na Laonna, 2006-2007

	2006		2007[2]	
	Luach (€m)	Líon (000)	Luach (€m)	Líon (000)
Onnmhairithe Beo	111.73	241	81.30	204
Maruithe Onnmhairithe	1,443.22	1,692	1,435.75	1,692
Maruithe Eile	47.41	81	46.10	79
Diúscairt Iomlán	1,602.36	2,014	1,563.15	1,975
Allmhairithe	1.17	1	1.17	1
Athruithe i Stoic	-99.47	-190	-85.06	-151
Iomlán	1,501.71	1,823	1,476.92	1,823

1. Is ionann na luachanna a thaispeántar agus an luach tar éis asbhaintí le haghaidh costais iompair
2. Meastachán Luath
Foinse: CSO

PRAGHSANNA

Tháinig deireadh leis an treocht thuas i bpraghsanna mairteola a chonacthas le blianta beaga anuas i rith 2007. Mhaolaigh na meán-praghsanna trasna na catagóirí go léir, ag léiriú coinníollacha trádála níos dúshlánaí san Eoraip, laghdú suntasach i dtrádáil idirnáisiúnta, go háirithe leis an Rúis, agus an láithreacht leanúnach de ghearrthacha níos saoire Mheiriceá Theas inár margaí príomha, go háirithe go luath sa bhliain. D'fhreagair praghsanna na n-eallach ar na fachtóirí seo le laghdú i bpraghsanna le feiceáil sna trí phríomh catagóir, cé go raibh fianaise áirithe ann de chobhsú de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Thit bulláin faoi beagnach 2%, bhí beithígh síos timpeall 1%, cé go raibh praghsanna na mbó siar faoi timpeall 3%. In ainneoin seo, d'fhan na meán-phraghsanna i rith 2007 thart ar 5% os cionn leibhéil 2005. Sa bhreis ar sin, i gcoibhneas le meáin an AE-15, rinne praghsanna R3 bullán na hÉireann gnóthachain chomparáideacha agus d'ardaigh siad go 92% den mheán-phraghas AE ualaithe i rith 2007, i gcomparáid le 89% i 2006.

MARUITHE

D'fhan tréchur na n-eallach i ngléasra onnmhairithe feola i rith 2007 a bhí díreach faoi 1.7 milliún eallach beagnach gan athrú i gcomparáid le 2006. Mar sin féin, tharla méadú beag sa táirgeacht iomlán mar thoradh ar ardú beag i meán-mheáchain na gconablach.

ONNMHAIRITHE EALLAIGH BEO

Thit onnmhairithe na n-eallaí beo faoi beagnach 17% i rith2007 ag teacht go díreach faoi 208,000 eallach. Tar éis díothú na n-aisíocaíochtaí onnmhairithe ar na honnmhairithe seo, tá geall leis an trádáil seo go léir le Ballstáit AE eile. Mhéadaigh onnmhairithe beo don RA faoi beagnach 30%, ach laghdaigh lastais d'ár margaí is mó ar Mhór-Roinn na hEorpa faoi aon-chúigiú. San áireamh sa phríomh chúis don laghdú seo tá trádáil laofheola mall, costais bheathaithe níos airde agus praghsanna eallaí níos ísle. Is iad an Spáinn, an Iodáil agus an Ísiltír fós inár bpríomh margaí Mór-Roinne.

ONNMHAIRITHE MAIRTEOLA

Lean onnmhairithe mairteola orthu ag méadú, bíodh gur ag leibhéal níos moille ná blianta beaga anuas. Chonacthas i 2007 daingniú breise de staid mairteola na hÉireann sna margaí Mór-Roinne AE ar luach níos airde le beagnach 235,000 tonna a onnmhairiú – an mhéid is airde riamh agus seasann sé don séú bhliain as a chéile ina chonacthas fás. In ainneoin an dúshlán iomaíoch atá de shíor ag méadú a chuirtear os ár gcomhair ag iomaitheoirí Mheiriceá Theas, go háirithe ag leibhéal miondíola, mhéadaigh toirteanna sna margaí móra go léir seachas an Iodáil. Tá an RA fós mar an margadh singil is mó atá againn agus é freagrach as méadú 4% anuraidh go dtí os cionn 275,000 tonna. Tharla sé seo in ainneoin toirteanna méadaithe de mhairteoil RA ar an margadh tar éis na briseadh amach den ghalar crúb is béil.

Laghdaigh onnmhairithe do mhargaí idirnáisiúnta i rith 2007 leis an Rúis ag fanacht mar an ceann scríbe príomha sin. Is é glan-toradh na dtreochtaí seo ná go dtéann níos mó ná 95% d'ár onnmhairithe go dtí an margadh AE inmheánach ard-luach.

FORBAIRTÍ TRÍÚ THÍR

Lean fionraíocht na n-allmhairithe mairteola ó stáit áirithe sa Bhrasaíl toisc an galar Crúb agus Béil (FMD) i rith 2007. B'iad na réigiúin seo an fhoinse de beagnach trí-cheathrú d'onnmhairithe mairteola Brasaíleacha roimh an briseadh amach. Dá bhrí sin, laghdaigh allmhairithe mairteola ón Bhrasaíl go dtí an AE agus Éire araon beagáinín i rith 2007, cé go raibh an Bhrasaíl fós mar an soláthraí idirnáisiúnta singil is mó don AE. Chuir leanúint na srianta féin-ghearrtha ar onnmhairithe mairteola ón Airgintín le laghdú beag sa trádáil seo. Meastar go mbeidh tionchar mór ag an gcinneadh chun srian a chur ar onnmhairithe ón Bhrasaíl, a rinneadh sa Nollaig, ar an trádáil i rith 2008.

Figiúr 3.4: Praghsanna (cent/kg) do Bhulláin (R4) 2006-2007



Figiúr 3.5: Maruithe Eallaigh ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2006-2007



Figiúr 3.6: Onnmhairí Beo d'Eallach, 2006-2007



In ainneoin leanúint an aistrithe in onnmhairithe na hÉireann i dtreo Mór-Roinn na hEorpa, leanadh ar aghaidh le hiarrachtaí i rith 2007 d'fhonn margaí idirnáisiúnta a athoscailt. Athosclaíodh na margaí Arabach Sádacha agus Afracach Theas i rith 2007 agus tá dul chun cinn maith déanta ag díospóireachtaí le roinnt mhaith tíortha lena n-áirítear an Indinéis, Singeapór, na hOileáin Fhilipíneacha agus an tSeapáin. Bunaíodh Grúpa Rochtana Margaidh chomh maith d'fhonn trádáil i mairteoil na hÉireann go dtí margaí neamh-AE a éascú.

FORBHREATHNÚ 2008

Beidh tionchar iarmhartach ag leibhéal na trádála beo, go háirithe i rith 2006 ar sholáthairtí na n-eallaí críochnaithe do ghléasraí feola i rith an chéad leath de 2008. Ina theannta sin, déanfaidh líon méadaithe na margaíochtaí i rith an ráithe deireanach de 2007, nach mbeifear ag súil leis go dtí an Earrach, an soláthar a theannadh a thuilleadh. Mar iarmhairt ar sin, meastar go dtitfidh soláthairtí onnmhairithe faoi timpeall 35,000 tonna. Mar sin féin, tá na hionchais d'onnmhairithe mairteola na hÉireann fós dearfach. Cé go bhfuil sé deacair tionchar na srianta ar allmhairithe Brasaíleacha a fháil amach, is dóchúil go mbeidh tionchar mór acu ar thoirteanna na n-allmhairithe. Ina theannta sin, ba cheart go leanfaidh an t-easnamh soláthair atá ag dul i méid san AE air ag cur comhshaol margaidh atá níos daingne ar fáil do mhairteoil na hÉireann. In ainneoin seo, beidh an RA fós inár margadh singil is mó, go príomh toisc riachtanas allmhairithe méadaithe. Sa bhaile, toisc an laghdú atá tuartha sa táirgeacht, ba cheart do phraghsanna fanacht láidir. Tá idirbheartaíochtaí leanúnacha an WTO an-tábhachtach ó thaobh na mairteola de agus is dóchúil go mbeidh tionchar ag aon chomhaontú ar na réamh-mheastacháin.

3.4 Caoirigh agus Uain

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

Ba bhliain measartha seasta í 2007 d'earnáil na gcaorach. Meastar gurb ionann táirgeacht don bhliain agus 67,000 tonna, laghdú de 4,500 tonna (6%) ar leibhéil 2006. Meastar gur d'fhás tomhaltas faoi 500 tonna go 21,000 tonna.

ASCHUR IN ÉIRINN

I 2007 thit luach aschuir na hearnála caorach agus uain faoi thart ar 4.4% go €181.9 milliún, léargas don chuid is mó den laghdú leanúnach i stoic atá i seilbh ar fheirmeacha, cé go raibh maruithe onnmhairithe agus onnmhairithe beo síos chomh maith ó leibhéil 2006.

Tábla 3.6 Luach Aschuir[1] agus Líon na gCaoarach agus na nUan, 2006-2007

	2006		2007[2]	
	(€m)	'000 Ceann	(€m)	'000 Ceann
Onnmhairithe Beo	8.90	143	4.47	69
Maruithe Onnmhairithe	194.95	3,155	187.70	2,944
Maruithe Eile	24.10	332	24.09	323
Diúscairt Iomlán	**227.94**	**3,631**	**216.26**	**3,337**
Allmhairithe	16.25	241	16.09	250
Athruithe i Stoic	-21.21	-431	-18.29	-291
Iomlán	**190.48**	**2,959.66**	**181.87**	**2,796.35**

1. Tá na luachanna a thaispeántar tar éis asbhaintí le haghaidh costais iompair
2. Meastachán Luath
Foinse: CSO

PRAGHSANNA

De réir sonraí RTIB, bhí praghsanna monarchana don bhliain suas 2% ar leibhéil 2006. Tharla an méadú modhúil seo de bharr treisiú na bpraghsanna don chuid is mó ina dhiaidh briseadh amach an FMD san RA agus an t-éileamh méadaithe iarmhartach ar uaineoil na hÉireann ar mhargadh na Fraince. Ar dhóigh eile bhí praghsanna don bhliain measartha réidh.

MARUITHE

B'ionann iomlán na maruithe ag gléasraí onnmhairithe i 2007 agus 2.944m ceann. Sheas sé seo do laghdú de 6% ar fhigiúirí 2006. Is féidir an maolú a chur síos do laghdú in infhaighteacht na n-uan toisc an cúngú sa tréad póraithe náisiúnta le blianta beaga anuas. Nuair a chuirtear maruithe i seamlais phoiblí san áireamh, is ionann an t-iomlán don bhliain agus 3.267 m, maolú de 6% ar an mbliain roimhe.

ONNMHAIRÍ

Toisc an maolú i dtáirgeacht in éineacht le méadú i dtomhaltas teaghlaigh bhí níos lú caoireoil ar fáil d'onnmhairiú. Meastar gur thit onnmhairithe faoi 5,100 tonna (9%) go dtí 48,900 tonna don bhliain. Bhí an Fhrainc freagrach as 56% d'onnmhairithe caoireola na hÉireann ag 27,500 tonna cé gur sheas onnmhairithe don RA do 26% breise (12,500 tonna).

FORBHREATHNÚ 2008

Meastar go dtitfidh an táirgeacht faoi timpeall 4% i 2008 ag léiriú infhaighteacht na huaineola níos ísle. Meastar go bhfanfaidh tomhaltas teaghlaigh daingean. Mar sin féin, beidh an mhéid atá ar fáil d'onnmhairiú níos ísle agus meastar go dtitfidh sí go 46,500 tonna. Leanfaidh an Fhrainc uirthi le bheith mar an margadh is tábhachtaí d'onnmhairithe uaineola na hÉireann. Meastar go bhfásfaidh díolacháin do mhargaí Eorpacha eile le cabhair in onnmhairiú na ngearrthacha díchnámhaithe. Ba cheart praghsanna a thacú ag laghdú sna soláthairtí sa bhaile agus san Eoraip.

Figiúr 3.7: Praghsanna Caorach ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2006-2007



Figiúr 3.8: Maruithe Caorach ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2005-2007



3.5 Muca

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

Ba bhliain an-dúshlánach í 2007 d'earnáil muiceola na hÉireann. Cé go raibh an táirgeacht don bhliain inchomparáide don bhliain roimhe, bhí brabúsacht an-olc do nósanna imeachta toisc costas an-ard na n-ábhar beathúcháin go háirithe sa dara leath den bhliain. Chonacthas corrlaigh ísle chomh maith ar fud an AE. Tugadh isteach scéim APS ag deireadh mí Deireadh Fómhair (b'ionann tógáil na hÉireann agus 241 tonna) agus tugadh isteach aisíocaíochtaí onnmhairithe ar mhuiceoil úr agus reoite a théann go dtí na tíortha neamh-AE go léir toisc é seo chomh maith le honnmhairithe laghdaithe do mhargaí idirnáisiúnta de bharr an dollar lag. Mhéadaigh tomhaltas muiceola na hÉireann faoi 3% i 2007 le cúnamh ó fheachtais chur chun cinn ar an margadh intíre.

Mhéadaigh aschur AE-27 faoi 4% chuig 22.3 milliún tonna cé go raibh meánphraghas táirgeora an AE síos faoi beagnach 7% go €135/100kg.

ASCHUR IN ÉIRINN

I 2007, laghdaigh luach aschuir na hearnála muice faoi 9.7%, le laghduithe i dtoirt na n-onnmhairithe beo agus maruithe onnmhairithe.

Tábla 3.7 Luach Aschuir[1] agus Líon na Muc 2006-2007

	2006		2007[2]	
	(€m)	'000 Ceann	(€m)	'000 Ceann
Onnmhairithe Beo	54.60	555	44.19	540
Maruithe Onnmhairithe	274.29	2,617	253.45	2,563
Maruithe Eile	3.88	40	4.75	53
Diúscairt iomlán	**332.77**	**3,213**	**302.38**	**3,156**
Allmhairithe	13.54	124	10.30	118
Athruithe i stoic	1.60	-51	-2.45	-55
Iomlán	**320.82**	**3,038**	**289.63**	**2,984**

1. Tá na luachanna a thaispeántar tar éis asbhaintí le haghaidh costais iompair
2. Meastachán Luath
Foinse: CSO

PRAGHSANNA

De réir sonraí RTIB, bhí praghsanna i 2007 5.5% níos ísle ná iad siúd i 2006. B'ionann an meánphraghas táirgeora do 2007 agus €132.5/100 kg. Sheas meánphraghas na hÉireann ag 98% de mheán an AE agus bhí sé níos airde ná an meán AE sa ráithe deireanach.

MARUITHE

Bhí maruithe ag gléasraí onnmhairithe atá formheasta ag an RTIB a sheas ag 2.6m beagáinín níos ísle (1.5%) ná leibhéil 2006. Bhí maruithe na gcránacha síos 2.8%. D'fhan onnmhairiú na muc beo go Tuaisceart na hÉireann láidir ag 0.5m muca.

ONNMHAIRÍ

Laghdaigh luach na n-onnmhairithe muiceola faoi 5% go €212 milliún. Bhí an margadh RA freagrach as ucht 59% d'onnmhairithe agus margaí mór-roinne as 21%. Laghdaigh onnmhairithe chuig margaí idirnáisiúnta toisc an dollar agus infhaighteacht iarmhartach na muiceola Meiriceánaí níos saoire ar mhargaí na hÁise.

FORBHREATHNÚ 2008

Tá titim 3% i maruithe onnmhairithe tuartha i rith na bliana 2008. Ba cheart go mbeadh staid an bheathaithe éascaithe beagáinín an bhliain seo chugainn toisc táirgeacht mhéadaithe na ngránbharr lena n-áirítear táirgeacht mhéadaithe tar éis mionathrú na rialacha cuir i leataobh agus díothú dleachtanna allmhairithe áirithe.

Tá sé tuartha go méadóidh aschur an AE-27 i 2008 beagáinín i rith na bliana, cé nach bhfuil éifeachtaí iomlána na saincheiste beathaithe na bliana seo ar eolas fós. Meastar go bhfanfaidh praghsanna sa chéad leath den bhliain ag leibhéil ísle ach tá feabhsú tuartha ansin.

3.6 Éanlaith Chlóis & Uibheacha

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

Ba bhliain measartha sásúil í 2007 d'earnáil na héanlaithe clóis. Tháinig an t-éileamh ar ais go maith arís ón meathlú a bhraitheadh i 2006, a tharla de bharr imní na dtomhaltóirí maidir leis an bhfliú éanúil. Bhí luach ag geata na feirme den tionscal éanlaithe clóis in Éirinn thart ar €150 milliún.

ASCHUR IN ÉIRINN

I 2007 d'fhan luach aschuir na hearnála éanlaith chlóis seasta i gcomparáid le 2006 a bhí díreach faoi €140 milliún.

Tábla 3.8 Luach Aschuir agus Toirt na nÉanlaithe 2006-2007

	2006		2007[1]	
	(€m)	'000 Ceann	(€m)	'000 Ceann
Éanlaith Chlóis	140.9	65,150	139.6	62,997

1. Meastachán Luath. Foinse: CSO

PRAGHSANNA

D'fhan na praghsanna san earnáil éanlaith chlóis seasta don chuid is mó de 2007 in Éirinn. Laghdaigh costais arda na n-ábhar beathaithe na corrlaigh brabúsachta i dtreo deireadh na bliana, áfach.

MARUITHE

Mhéadaigh luach na n-onnmhairithe feola éanlaithe clóis na hÉireann i 2007 faoi thart ar 5% chuig €253m (go príomha toisc táirgí breisluacha agus gearrthacha fuaraithe). Is ionann margadh an RA agus 80% d'onnmhairithe éanlaithe na hÉireann.

TRÁDÁIL AGUS ONNMHAIRITHE

Mhéadaigh luach na n-onnmhairithe feola éanlaithe clóis na hÉireann i 2007 faoi thart ar 5% chuig €253m (go príomha toisc táirgí breisluacha agus gearrthacha fuaraithe). Is ionann margadh an RA agus 80% d'onnmhairithe éanlaithe na hÉireann.

FORBHREATHNÚ 2008

Tá an forbhreathnú don tionscal éanlaithe fabhrach le haghaidh 2008 mura bhfuil aon mór fhadhbanna ann ó thaobh an fliú éanúil de. Tá allmhairithe fós ag cur fíor bhrúnna iomaíocha ar an tionscal éanlaithe dúchasaí.

Tuarann réamh-mheastacháin an AE margadh seasta do 2008. Tuartar go n-ardóidh leibhéil táirgeachta beagáinín (níos lú ná 2%) agus meastar go gcoinneoidh praghsanna a leibhéil láidre. Má fhanann costais na n-ábhar beathaithe ard, laghdófar corrlaigh bhrabúis áfach. Mar an gcéanna le 2007 beidh éileamh cothrom ann ar uibheacha i 2008 agus meastar go bhfanfaidh praghsanna seasta.

Figiúr 3.9: Praghsanna na Muc ag Áitribh Onnmhairithe Feola, 2006-2007



3.7 Gránbharra

STAID GHINEARÁLTA AN MHARGAIDH 2007

Meastar go bhfuil táirgeacht iomlán an AE d'fhómhar an AE 2007 timpeall 258 milliún tonna. Seasann sé seo do laghdú 8 milliún tonna (nó 3%) ó 2006, a bhí ina fhómhar an-modhúil féin. Laghdaigh aimsir an earraigh agus an tsamhraidh, a chonacthas ar fud mórán den Eoraip, aschur na mbarr i roinnt mhaith príomh thíortha táirgeora den Chomhphobal. Rinne coinníollacha triomaigh damáiste do bhairr in Oirthear na hEorpa, cé gur laghdaigh aimsir fhuar fhliuch caighdeáin agus torthaí in Iarthar na hEorpa. Baineann an laghdú i dtáirgeacht an Chomhphobail le cruithneacht agus grán buí ach go háirithe. Tá iomlán na táirgeachta cruithneachta tuartha le bheith ag 120 milliún tonna, laghdú 5% ó 2006. Tá táirgeacht an ghráin bhuí measta le bheith ag 47 milliún tonna, laghdú 16% ar an bhfigiúr i 2006. Meastar go mbeidh táirgeacht na heorna thart ar 58 milliún tonna, méadú beag ó 2006.

Ar an margadh domhanda, measann an Chomhairle Gráin Idirnáisiúnta go bhfuil táirgeacht iomlán an ghráin ag buaicleibhéal de 1,659 milliún tonna, suas faoi beagnach 90 milliún tonna ó 2006. Gan dabht, is sa ghrán buí a bhfeicfear an méadú is mó, áit a meastar go mbeidh an táirgeacht thart ar 766 milliún tonna, méadú de 68 milliún tonna (nó 10%) ar an bhfigiúr a bhí ann i 2006. Tá táirgeacht domhanda na cruithneachta tuartha le bheith ag 604 milliún tonna, méadú de 12 milliún tonna ó 2006, cé go bhfuil táirgeacht domhanda na heorna measta le bheith ag 136 milliún tonna, titim de 4 milliún tonna ó 2006.

ASCHUR IN ÉIRINN

Is ionann réamh-mheastachán ar luach aschuir na ngránbharr i 2007 agus €273.3 milliún, méadú 71% ó 2006, toisc méadú sa phraghas.

Tábla 3.9 Luach Aschuir (€m) agus Toirt (000 tonna) na nGránbharr, 2006-2007

	2006		2007[2]	
	(€m)	'000	(€m)	'000
Eorna	85.1	747	162.5	796.3
Cruithneacht	61.8	508	85.2	426.9
Coirce	12.8	100	25.7	138.1
Iomlán	159.7	1,355	273.3	1,361.3

Foinse: CSO

ACHAR, TORADH AGUS TÁIRGEACHT IN ÉIRINN

Chonacthas coinníollacha drochaimsire don chuid is mó de thréimhse fómhair 2007 in Éirinn, ach chabhraigh seal breá i mí Lúnasa agus go luath i Meán Fómhair, fómhar réasúnta maith a shábháil, le táirgeacht measta le bheith beagáinín níos ísle ná an meán fadtéarmach de 2 milliún tonna.

Tábla 3.10 Achar, Toradh agus Táirgeacht na nGránbharr, 2007

	Achar (000 heicteár)	Toradh (tonna in aghaidh an heicteáir)	Táirgeacht[1] (000 tonna)
Iomlán na nGránbharr	271	7.3	1,977
Cruithneacht	84	8.3	698
Geimhreadh	65	8.5	555
Earrach	19	7.5	143
Eorna	167	6.8	1,133
Geimhreadh	18	8.1	147
Earrach	149	6.6	986
Coirce	20	7.3	146
Geimhreadh	12	8	98
Earrach	8	6.4	48

1. Tagraíonn sé don táirgeadh ar fad, a dhíoltar ina dhiaidh nó mar rogha eile, a úsáidtear do bheathú
Foinse: Meastachán de chuid Teagasc

Meastar go mbeidh an t-achar foriomlán a chuirfear thart ar 271,000 heicteár, síos beagáinín ar an 275,000 heicteár a cuireadh i 2006. Tuartar go mbeidh táirgeacht iomlán an ghráin thart ar 1.977 milliún tonna, titim 5% ar tháirgeacht fómhair 2006. Tá táirgeacht na cruithneachta ag 698,000 tonna siar faoi 13%, cé go bhfuil figiúirí iomlána na táirgeachta d'eorna ag 1.133 milliún tonna agus coirce ag 146,000 tonna beagnach comhionann do na figiúirí i 2006.

PRAGHSANNA

I gcomhréir leis an ardú i bpraghsanna domhanda, d'ardaigh praghsanna gráin in Éirinn go buaicleibhéil i rith 2007. Is margadh easnaimh é Éire do ghránbharra agus, mar sin, bíonn tionchar mór ag praghsanna agus soláthairtí domhanda air. Chabhraigh éilimh mhéadaithe ar ghráin ón earnáil bhithbhreosla agus na riachtanais de mhargaí forbartha nua atá de shíor ag fás ar nós an tSín agus an India, chun praghsanna an mhargaidh ghráin domhanda a neartú chomh maith.

IDIRGHABHÁIL

Níl aon athrú do phraghas an ghráin a díoladh isteach don idirghabháil sa bhliain mhargaíochta 2007/2008, leis an bpraghas ceannach-isteach ag seasamh ag €101.31 in aghaidh an tonna. Thit stoic idirghabhála iomlána an AE ó 14 milliún tonna i 2006, go 0.5 milliún tonna faoi dheireadh 2007, ina dhiaidh díolacháin leanúnacha ar an margadh inmheánach. Faoi láthair, níl aon stoic ghráin idirghabhála ann in Éirinn.

FORBHREATHNÚ 2008

Go réadúil, ní féidir a bheith ag súil go mbeidh praghsanna gráin domhanda don séasúr atá ag druidim linn chomh ard ná mar a bhíodar i 2007. Le bliain níos rialta réamh-mheasta, agus méadú dosheachanta sna limistéir a cuireadh, is dóchúil go gcuirfidh toirt an ghráin don chéad fhómhair eile brú ar phraghsanna. Tuarann an Chomhairle Gráin Idirnáisiúnta go bhfuil formhór na dtíortha táirgeora móra ag súil le bairr chruithneachta níos mó i 2008, ós rud é go spreagann praghsanna arda cuir mhéadaithe. De réir coinníollacha aimsire fabhracha, tá táirgeacht na cruithneachta tuartha ag buaicphointe de 646 milliún tonna, 42 milliún tonna níos mó ná i 2007. Tá cuir an ghráin bhuí tuartha le bheith 3% níos ísle ná 2007, cé gur meastar go n-ardóidh an t-achar a cuireadh le heorna faoi 2%, leis an bhfás is mó san AE agus CIS.

Laistigh den Aontas Eorpach, mar fhreagra ar an staid atá ag éirí níos teinne ar mhargadh na ngránbharr, tá an ráta cuir i leataobh éigeantach do 2008 leagtha ag an gCoimisiún AE ag náid agus chuir sé dleachtanna allmhairithe ar ghránbharra áirithe ar fionraí don chuid eile den bhliain mhargaíochta 2007/2008. Ba chóir go gcabhróidh na bearta seo, i dteannta leis an méadú réamh-mheasta sna limistéir a cuireadh, chun staid an tsoláthair teann a mhaolú agus praghsanna gráin a shocrú beagáinín. Measann Réamh-mheastacháin an Choimisiúin gurb ionann iomlán na táirgeachta AE agus 284 milliún tonna i 2008, méadú 10% ar an bhfómhar roimhe sin.

Tugann na meastacháin tosaigh in Éirinn méadú le tuiscint san achar a cuireadh le gránbharra geimhridh d'fhómhar 2008. Spreag praghsanna na ngránbharr ardaithe, chomh maith leis an aimsir thirim teo an fómhar seo caite, méadú ollmhór i gcur na ngránbharr geimhridh. Meastar go bhfásfaidh achar iomlán a cuireadh leis na gránbharra seo faoi thart ar 20% ar an iomlán.

3.8 Gairneoireacht & Prátaí

ASCHUR GAIRNEOIREACHTA IN ÉIRINN

I 2007 measadh go raibh luach aschuir na hearnála gairneoireachta ag €282 milliún, a sheas do mhéadú 1% ó 2006.

Tábla 3.11 Luach Aschuir na Gairneoireachta 2006-2007

	2006* €m	2007* €m	% athrú 2006/2007
Beacáin	99.9	97.6	-2.3%
Glasraí Úra Eile	80.1	84.4	+4.8%
Torthaí Úra	39.9	32.2	-17.2%
Eile	59.5	67.8	+13.9%
Iomlán	278.8	282.0	+1.1%

**Foinse meastacháin RTIB*

Beacáin: Ó bhuaicphointe de 576 saothraí i 1997, níl ach 85 feirm bheacáin ann anois ag feidhmiú san earnáil. Lig an méadú méide agus éifeachtachta acu siúd atá fós ann don earnáil aschur bliantúil atá os cionn 53,000 tonna a chothú. I 2000 b'ionann an táirgeacht agus 61,000 tonna, shroich an táirgeacht buaicphointe de 68,927 tonna i 2003, ach ó shin amach laghdaigh sí diaidh ar ndiaidh go 53,000 tonna de bheacáin. Bhí praghsanna na mbeacán daingean i 2007, ach d'fhan corrlaigh teann áfach, toisc costais mhéadaithe. Bhí tionchar ag neart an euro i gcoinne an phunt steirling, i rith an dara chuid de 2007 (agus a lean ar aghaidh i 2008), ar choinníollacha trádála leis an RA chomh maith, atá mar an phríomh mhargadh do bheacáin na hÉireann.

Torthaí agus Glasraí: D'fhulaing roinnt barra glasraí ón seal tirim go luath sa samhradh ach tháinig siad ar ais go maith arís i rith mí Lúnasa/Meán Fómhair, as a dtáinig torthaí réasúnta agus dea-chaighdeán na mbarr. Mhéadaigh praghsanna d'fhormhór na mbarr glasraí agus ar an iomlán shéan sé seo aon ghanntanais bharr a bhraitheadh. Mar an gcéanna, bhí tionchar ag anaimsir go luath sa samhradh ar úlloird chomh maith, ach tháinig siad ar ais go maith arís sa bhfómhar chun barra maithe a thabhairt. D'fhulaing earnáil na dtorthaí boga, agus sútha talún goirte ach go háirithe, go mór toisc an bháisteach leanúnach i rith na príomh-chéimeanna fáis, as a dtáinig torthaí indíolta níos ísle agus bhí éileamh níos ísle ann ar tháirgí chomh maith mar thoradh ar dhoineann aimsir i rith an phríomh thréimhse margaíochta.

Stoic Plandlainne: Tá fás seasta feicthe ag an earnáil seo le blianta beaga anuas, as a dtáinig glan aschur (díolacháin lúide allmhairithe) os cionn €40 milliún i 2007. Seasann plandaí allmhairithe, ó Bhallstáit eile go príomha, do €20 milliún breise i ndíolacháin. San am atá thart, is é a bhí in allmhairithe go príomha ná ábhair síolraithe. Mar sin féin, tá plandlanna de shíor ag allmhairiú plandaí le luach níos airde acu, atá leath-aibí agus lánaibí anois, a dhíoltar ar aghaidh don earnáil tírdhreachta agus conláiste, gan tuilleadh fáis.

AN EARNÁIL PHRÁTAÍ

Bhí méadú beag i dtáirgeacht na bprátaí. I dteannta le laghdú i dtomhaltas, chuir sé seo le gluaiseacht síos éigin i bpraghsanna (Féach Figiúr 3.10 d'innéacsanna praghais phrátaí). Leanann an earnáil uirthi ag eirí níos comhchruinnithe i réigiún an Laighin. I dtéarmaí na sóirt soláthraithe, meastar go bhfuil na sóirt níos traidisiúnta mar rooster agus kerrs-pink ag déanamh suas thart ar 60% den tháirgiúlacht ar fad.

ACHAR, TORADH AGUS TÁIRGEACHT

Tá sé measta gur mhéadaigh táirgeacht na bprátaí beagáinín i 2007 (Tábla 3.13). Cé gur mhéadaigh acraíocht na bprátaí faoi beagnach 2%, níor tháinig ach méadú beag san táirgeacht foriomlán as torthaí laghdaithe.

Tábla 3.12 Achar, Toradh agus Táirgeacht na bPrátaí, 2006 – 2007

	Achar (000 heicteár)	Toradh (tonna in aghaidh an heicteáir)	Táirgeacht (000 tonna)
2006	12.1	33.4	403
2007*	12.3	32.8	404

*Foinse: CSO 2006. * Meastachán RTIB 2007*

Figiúr 3.10: Praghas-Treoracha Prátaí 2006/2007



Foinse: CSO Praghas-Treoracha Aschuir

Figiúr 3.11: Tomhaltas Idirmheánach 2007 - % scair de Mhíreanna Áirithe



Foinse: CSO Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, Feabh 2008

3.9 Tomhaltas Idirmheánach i dTalmhaíocht (Ionchur)

CAITEACHAS AR THOMHALTAS IDIRMHEÁNACH

Mhéadaigh caiteachas ar thomhaltas idirmheánach i dtalmhaíocht faoi 3.0% chuig €4,015 milliún i 2007. I gcoitinne, bhí laghduithe in úsáid trasna raon leathan ionchuir (seachas fuinneamh) ach cuireadh iad seo ar leataobh ag méadaithe ar phraghas i réimsí eile. D'ardaigh luach foriomlán an ábhair bheathaithe d'ainmhithe, atá fós mar aon cheathrú de thomhaltas idirmheánach, faoi beagnach 6% i 2007.

PRAGHAS-TREORACH D'IONCHUIR THALMHAÍOCHTA

I 2007, d'ardaigh leibhéal praghsanna na n-ionchur talmhaíochta faoi 6.7%. Thaispeáin breosla mhótar agus leasuithe talún (go háirithe leasuithe díreacha) na méadaithe is mó.

Tábla 3.13 Athruithe Phraghas Ionchur Talmhaíochta, 2006- 2007

	Meán-Athrú 2006	Meán-Athrú 2007
Praghsanna Ionchuir	**4.3%**	**6.7%**
Ábhair Chothaithe	**2.0%**	**13.0%**
as sin:		
Díreach	5.3%	15.6%
Eallach	2.2%	13.9%
Muc	0.5%	11.0%
Éanlaith Chlóis	1.2%	11.4%
Leasuithe	6.9%	2.5%
as sin:		
Díreach	7.3%	2.4%
NPK	6.6%	2.4%
PK	5.4%	6.6%
Síolta	**3.8%**	**8.9%**
Costais Tréidliachta (lena n-áirítear A.I.)	**4.1%**	**3.1%**
Breoslaí Mótair	**9.4%**	**2.2%**
Leictreachas	**4.4%**	**11.3%**

Foinse: CSO, Praghas-Treorach Talmhaíochta

Figiúr 3.12: Innéacs Praghsanna d'Ábhair Chothaithe Uile, 2006-2007



Figiúr 3.13: Táirgeacht d'Ábhair Chothaithe Chomhdhúile, 2006-2007



ÁBHAIR CHOTHAITHE D'AINMHITHE

Laghdaigh toirt na gcomh-ábhar beathaithe a táirgeadh go 3.6 milliún tonna i 2007 ón leibhéal buaicphointe de 3.86 milliún tonna i 2006. In ainneoin an laghdaithe i dtáirgeacht, d'ardaigh costas foriomlán na n-ábhar cothaithe bliantúla ó €970m i 2006 go € 1.024 billiún i 2007 go príomha toisc an méadú suntasach i bpraghsanna. Léiríonn réamh-mheastacháin an CSO méadú 10.2% i bpraghsanna i 2007. Is dóchúil go méadóidh sé seo go dtí timpeall 13% nuair a dhéantar na figiúirí deireanacha a chóimheas.

LEASÚ TALÚN

Léiríonn meastacháin an CSO le haghaidh 2007 gur mhéadaigh praghas na leasaithe talún (lena n-áirítear aolchloch meilte) faoi 2.5% agus gur laghdaigh an toirt a tomhlaíodh faoi 7.8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. B'ionann é seo agus laghdú foriomlán i luach an leasaithe talún a tomhlaíodh faoi 5.4% - ó €379.4 chuig €358.9 milliún.

Léiríonn comparáid idir na blianta leasaithe talún 2005/2006 agus 2006/2007 gur laghdaigh díolacháin iomlána an leasaithe NPK faoi 6.8%, don bhliain díola ó Dheireadh Fómhair 2006 go Meán Fómhair 2007. Bhí laghduithe ann thar gach ceann de na cothaithigh, le díolacháin N, P agus K síos faoi 6.8%, 12.9% agus 8.8% faoi seach.

COSTAIS FUINNIMH

I 2007, mhéadaigh praghas na dtáirgí fuinnimh go léir faoi 3.5%. San áireamh sa mhéadú seo bhí meán athraithe san bhliain de 2.2% do bhreoslaí mótair agus 11.3% do leictreachas.

Figiúr 3.14: Innéacs Praghsanna do Leasuithe Uile, 2006-2007



Figiúr 3.15: Díolachán na Leasuithe de réir cion na gCothaitheach, 2005/2006 agus 2006/2007



Figure 3.16: Innéacs Praghsanna d'Fhuinneamh Uile, 2006-2007



Caibidil a Ceathair
Struchtúir Fheirme

4.1 Léargas

Féachann an chaibidil seo ar na claontaí is déanaí i struchtúir fheirme ag úsáid sonraí ón CSO, EUROSTAT agus Suirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc. Déantar scrúdú ar chlaontaí i líon na bhfeirmeacha, méid na bhfeirmeacha agus ionchur saothair agus úsáid sonraí Éireannacha agus déantar comparáidí le tíortha eile san Eoraip áit is féidir. Úsáidtear tuarascálacha an Bainc Ceannais chun ráiteas a dhéanamh ar iasachtaí agus infheistíocht ag an earnáil talmhaíochta.

4.2 Líon na bhFeirmeacha agus Méid na bhFeirmeacha

Léiríonn sonraí ó Shuirbhé um Struchtúir Feirmeacha an CSO go raibh ráta measartha íseal laghdaithe i líon na bhfeirmeacha idir 2003 agus 2005, agus mar thoradh ar seo nach raibh ach méadú measartha ann ar mhéid meánach na bhfeirmeacha. I 2005, ba ea 132,700 méid iomlán na bhfeirmeacha, le 60% faoi 30 heicteár. Lean an titim de bheith sna grúpaí le méideanna beaga don chuid is mó, le líon na bhfeirmeacha idir 30 heicteár agus 50 heicteár ag méadú. D'fhan gnáth mhéid na feirme ag díreach faoi bhun 32 heicteár.

Tá athrú suntasach tar éis teacht ar líon agus méid mheánach na bhfeirmeacha san AE ó tharla forleathnú i 2005 agus 2007. Bunaithe ar shonraí do 2005 meastar go raibh thart ar 9.7 milliún feirm san AE-25, le 62% faoi bhun 5 heicteár. Nuair a tháinig an Bulgáir agus an Rómáin isteach san AE, ag tús 2007, cuireadh cúig mhilliún feirm eile leis an iomlán, le beagnach 90% dóibh seo sa Rómáin, áit gurb é méid meánach na feirme ná trí heicteár.

Tábla 4.1 Líon na bhfeirmeacha de réir méid na feirme 2003 agus 2005

	2003		2005	
	Líon	%	Líon	%
< 5	8,600	6%	9,200	7%
5-10	19,900	15%	18,500	14%
10-20	32,100	24%	30,100	23%
20-30	23,900	18%	22,500	17%
30-50	28,100	21%	28,700	22%
50-100	18,500	14%	19,600	15%
> 100 ha	4,500	3%	4,000	3%
Feirmeacha Iomlán	135,600	100%	132,700	100%
Gnáth mhéid na feirme (ha)	31.7		31.8	

Foinse: CSO

Tábla 4.2 Líon na bhfeirmeacha agus méid meánach na bhfeirmeacha do AE-15, AE-25 agus AE-27 i 2005

	AE-15 ('000)	AE-25 ('000)	AE-27 ('000)
0-5	3,191.4	5,967.0	10,348.9
5-10	754.3	1,284.9	1,585.0
10-20	622.4	958.2	1,028.8
20-50	657.5	805.7	824.7
>50	617.4	672.1	691.2
Iomlán	5,843.0	9,687.9	14,478.6
ATÚ (ha)	124,814.0	155,242.0	171,878.0
Meán-mhéid na bhfeirmeacha (ha)	21.4	16.0	11.9

Foinse: EUROSTAT

4.3 Próifíl Aoise na bhFeirmeoirí

I 2005, measadh go raibh ocht faoin gcéad d'fheirmeoirí faoi bhun 35 bliain d'aois agus gur dhéan siad seo feirmeoireacht ar 9% de na tailte talmhaíochta. Tugann sonraí ón CSO i dTábla 4.3 le fios go bhfuil éagsúlacht áirithe i meán mhéid feirmeacha ag brath ar aois an sealbhóra.

Tábla 4.3 Próifíl aoise feirmeoirí na hÉireann agus achar faoi fheirmeoireacht de réir catagóir aoise i 2005

	Líon	%	ATÚ feirme ('000 ha)	%	Meán mhéid feirmeacha measta
< 35	10,800	8%	395.1	9%	36.6
35-44	25,000	19%	888.4	21%	35.5
45-54	33,000	25%	1,044.7	25%	31.7
55-64	32,100	24%	1,013.7	24%	31.6
>65	31,600	24%	860.3	20%	27.2
Iomlán	**132,500**	**100%**	**4,202.2**	**100%**	**31.7**

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirme agus iarratas speisialta do shonraí ón gceantar.

4.4 Ionchur Saothair

Cé gur fhan líon na ndaoine a bhí bainteach le talmhaíocht réasúnta seasmhach idir 2003 agus 2005, bhí laghdú níos suntasaí ina gcuid ionchur saothair. Nuair a dhéantar scrúdú ar aonaid oibre bliantúla, chuaigh teaghlach agus oibrithe fostaithe síos 5% agus 9% faoi seach thar an tréimhse sin. I 2005, sholáthar sealbhóirí feirme dhá-thrian don ionchur saothair, sholáthar baill eile den teaghlach 30% agus fostaíodh 5%.

Tábla 4.4 Ionchur saothair i dtalmhaíocht 2003 agus 2005

	2003		2005	
	Daoine ('000)	Aonaid Oibre Bliantúla ('000)	Daoine('000)	Aonaid Oibre Bliantúla ('000)
Sealbhóir Feirme	132,200	102,700	130,400	98,200
Céile	44,400	23,500	45,300	22,300
Teaghlach eile	56,900	23,500	57,900	21,100
Oibrithe Neamh-Theaghlaigh	13,800	7,700	14,000	7,000
Iomlán	**247,300**	**157,500**	**247,700**	**148,600**

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirme (2003-2005)

Léiríonn Tábla 4.5 líon na ndaoine atá bainteach le talmhaíocht agus a bhfuil gairm bheatha lasmuigh den fheirm acu. Bhí fostaíocht lasmuigh den fheirm ag beagnach leath de gach ball teaghlach a thug cúnamh ar an bhfeirm le méadú ó 52% go 55% idir 2003 agus 2005. Tá se seo ar aon dul leis an laghdú in ionchur saothair a tuairiscíodh i dTábla 4.3

Tábla 4.5 % d'Fhórsa Saothair Feirme le Fostaíocht Lasmuigh den Fheirm, 2003 agus 2005

	2003		2005	
	Daoine	%	Daoine	%
Sealbhóir Feirme	55,400	42%	56,900	44%
Céile	28,300	64%	30,200	67%
Teaghlach eile	45,000	79%	48,500	84%
Oibrithe Neamh-Theaghlaigh	N/b	n/b	n/b	n/b
Iomlán	128,700	52%	135,600	55%

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirme (2003-2005)

Bailíonn an Suirbhé Náisiúnta Feirme sonraí ar ionchur saothair ag an córas feirme. Déantar rangú ar fheirmeacha mar fheirmeacha lánaimseartha nó páirtaimseartha bunaithe ar aonaid saothair atá riachtanach le go bhfeidhmeodh an fheirm. Déanann an Suirbhé Náisiúnta Feirme sainmhíniú ar fheirm lánaimseartha mar fheirm a bhfuil ar a laghad 0.75 aonaid oibre caighdeánach riachtanach chun go bhfeidhmeodh sé, mar a ríomhadh ar bhonn Lae an Fhir Chaighdeánaigh (LFC). Bunaithe ar an sainmhíniú seo rangaíodh 37,320 nó 33% d'fheirmeacha mar lánaimseartha leis an 67% nó 74,600 iarmhair mar fheirmeacha pháirtaimseartha. I 2006, bhí 56% d'fheirmeacha lánaimseartha sa dá chóras déiríochta, bhí 36% sna córais stoic thirim agus 8% breise i gcuraíocht.

Léirigh comparáid ar sholáthar saothair iarbhír i gcoibhneas le riachtanais laethúla an duine a bhíonn ag obair ar fheirmeacha leibhéal tearcfhostaíochta nó barrachais saothair ar fheirmeacha. Meastar go sáraíonn ionchur saothair an méid saothair atá riachtanach (bunaithe ar riachtanas lae fir) faoi 41% ar meán. Tá tearcfhostaíocht soiléir ar fheirmeacha stoic thirim, cé go mbíonn níos lú ná mar atá riachtanach do LFC ag feirmeacha déirí agus curaíochta. Sa mhiondealú idir lánaimseartha agus páirtaimseartha tá sé soiléir go bhfuil an iomarca saothair fadhbach ar fheirmeacha páirtaimseartha ach go háirithe.

1. *Kinsella, A agus Moran, B., (2008) páipéar ar "Labour Input to Farming" curtha i láthair don Agricultural Research Forum (2008).*

Tábla 4.6 Comparáid idir Soláthar Saothair Iarbhír in aghaidh Saothar Measta (Laethanta Fir Caighdeánacha), 2006

Gach Feirm	Déiríocht	Déiríocht & eile	Tógáil Eallaigh	Eallach Eile	Caora	Curaíocht	Córais Uile
Iomlán na n-Aonad Oibre*	1.51	1.38	0.95	0.93	0.96	1.07	1.07
Aonaid Oibre LFCanna**	1.67	1.34	0.42	0.46	0.62	1.00	0.76
Saothar iomlán mar % de shaothar LFCanna	90	103	226	202	155	107	141
Feirmeacha Lánaimseartha							
Iomlán na n-Aonad Oibre	1.53	1.63	1.28	1.42	1.26	1.41	1.46
Aonaid Oibre LFCanna	1.77	1.96	1.08	1.33	1.35	1.85	1.63
Saothar iomlán mar % de shaothar LFCanna	86	83	118	107	93	76	90
Feirmeacha Páirtaimseartha							
Iomlán na n-aonad oibre	1.26	1.02	0.81	0.84	0.87	0.74	0.88
Aonaid Oibre LFCanna	0.59	0.42	0.34	0.28	0.38	0.34	0.34
Saothar iomlán mar % de shaothar LFCanna	213	243	238	300	228	217	259

Foinse: Teagasc, Suirbhé Náisiúnta Feirme (Kinsella, 2008[1])
* *Sainmhínítear aonaid oibre iarbhír mar 1,800 uair an chloig caite ag obair ar fheirm ag duine os cionn 18 bliain d'aois.*
** *Laethanta Fir Caighdeánacha (LFC) Aonad Oibre ocht n-uaire an chloig soláthartha ag duine os cionn 18 bliain d'aois. Úsáidtear an méid LFC riachtanach de réir an heicteáir do na barraí difriúla, agus in aghaidh an chinn do chatagóirí beostoic éagsúla chun an uimhir iomlán de LFC atá riachtanach chun feirm a rith a ríomh.*

4.5 Fostaíocht na mBan agus Ionchur Saothair

Déanann Suirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh (QNHS) an CSO taifeadadh ar líon na ndaoine a aithníonn feirmeoireacht mar an príomh gairm bheatha/foinse tuillimh atá acu. Léiríonn na sonraí do 2006 agus 2007 méadú an-bheag thar an tréimhse sin, bainteach le fostaíocht na mban ag ardú go 11,000 nó 10% den bhfostaíocht.

Tábla 4.7 Fostaíocht i dTalmhaíocht de réir Inscne, 2006-2007

	2006	2007	% athrú
Fir	98,800	98,700	-0.1%
Mná	10,300	11,000	6.8%
Iomlán	**109,100**	**109,700**	**0.5%**

Foinse: CSO, Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh, (Ráithe 2)

Tá an claonadh i leith fostaíocht na mban atá ag ardú cosúil leis an claonadh i líon na bhfeirmeacha teaghlaigh atá á rith ag mná. Cé gur laghdaigh líon foriomlán na bhfeirmeacha teaghlaigh bhí ardú 5% ar an líon a raibh mná mar úinéirí orthu idir 2003-2005.

Tábla 4.8 Sealbhóir Feirm Teaghlaigh Rangaithe de réir Inscne, 2003 agus 2005

	2003	2005
Fir	120,300	117,900
Mná	11,900	12,500
Iomlán	**132,200**	**130,400**

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirmeacha 2003-2005

Meastar go ndéanann mná suas 22% de na daoine a chabhraíonn le hobair feirme agus 28% de ionchur saothair i 2005.

Tábla 4.9 Daoine ag obair ar ghabháltais feirme de réir inscne, 2005

	Mná	AWU*	Fir	AWU*
Sealbhóirí	12,500	7,900	117,900	90,300
Céilí	40,800	19,600	4,500	2,700
Oibrithe eile sa chlann	13,300	3,800	44,600	17,300
Neamh-Theaghlach	1,900	1,000	12,100	6,000
Iomlán	**68,500**	**32,300**	**179,100**	**116,300**

**Aonad oibre bliantúil = 1,800 uair an chloig nó níos mó d'ionchur saothair in aghaidh an duine in aghaidh na bliana*

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirme 2003-2005

4.6 Fostaíocht lasmuigh den Fheirm

Léiríonn an Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006 thart ar 113,210 feirm[2] Cé go bhfuil táscairí airgeadais agus teicniúla mar phríomh-fhócas ag an suirbhé, clúdaítear cuid de na saintréithe déimeagrafacha chomh maith. Léirigh sonraí ar éileamh fostaíochta lasmuigh den fheirm trí chóras feirmeoireachta claonadh leanúnach thar na blianta deireanacha.

I 2006, bhí gairm bheatha lasmuigh den fheirm ag 42% de na sealbhóirí, 35% de na céilí agus i 58% de na cásanna bhí fostaíocht lasmuigh den fheirm ag an sealbhóir agus/nó an céile[3]. Tuairiscíodh an minicíocht is airde de fhostaíocht lasmuigh den fheirm i measc sealbhóirí ar fheirmeacha eallaí agus caoirigh, cé go raibh claonadh níos airde ann go mbeadh fostaíocht lasmuigh den fheirm ann le feirmeacha déiríochta.

2. *Ní áiríonn an Suirbhé Náisiúnta Feirme feirmeacha le níos lú ná 2 AME.*
3. *Tá na figiúirí seo níos ísle ná na figiúirí tuairiscithe ag an CSO bainteach i bpáirt leis an bhfíric nach n-áirítear feirmeacha le níos lú ná 2 AME.*

Figiúr 4.1: % d'Fheirmeoirí agus/nó Céilí le Post Lasmuigh den Fheirm de réir Córais Fheirmeoireachta, 2006



Foinse: Suirbhé Náisiúnta Feirme 2006, Teagasc 2007

Tugann sonraí ón CSO do 2005 le fios go bhfuil gairm bheatha lasmuigh den fheirm ag 44% nó 57,887[4] de shealbhóirí feirme.

Tábla 4.10 Tábhacht obair feirme do shealbhóir feirme, 2003-2005

	2003	2005
An t-aon ghairm bheatha	76,900	73,500
Príomh-ghairm bheatha	18,600	19,700
Fo-ghairm bheatha	37,200	37,400
Nach bhfuil gafa in obair feirme	2,800	1,800
	135,500	**132,500**

Foinse: CSO, Suirbhé um Struchtúir Feirme 2003-2005

4.7 Soghluaisteacht Talún agus Díolachán Talún

Tugann tuairiscí a tháinig amach le déanaí ar soghluaisteacht talún le fios go bhfuil an ceantar a díoladh ag leibhéil measartha íseal cé go bhfuil praghsanna ag fanacht ard. Tá na sonraí is déanaí ón CSO don bhliain 2004 agus léiríonn siad gurb é an meán-mhéid a íocadh le haghaidh tailte talmhaíochta ná €16,261 in aghaidh an heicteár, cé go mbeadh éagsúlacht suntasach ann ag braith ar an réigiún/suíomh.

Mar sin fein, tá coibhneas suntasach de thailte talmhaíochta ar cíos ar bhonn fadtéarmach nó gearrthéarmach. I 2005, bhí talamh ar cíos ag 43,700 nó 33% de na feirmeacha. An meán achar a bhí ar cíos ná 18 heicteár le 18% den talamh feirme iomlán ar cíos.

4. *Roinneadh na 1,800 feirmeoirí a dúirt nach rabhadar gafa le hobair feirme go comhréireach idir chatagóir eile.*
5. *Connolly, L. Cushion, M. agus Quinlan, G. (2007), ''Investment in Agriculture 2007/2008'' i nósanna imeachta na Comhdhála de chuid Teagasc dar teideal, Situation and Outlook 2007/2008, Nollaig 2007.*

Tábla 4.11 Céatadán d'fheirmeoirí ag tógáil talamh feirmeoireachta ar cíos agus na hachair á dtógáil ar cíos, 2005

	Líon na bhfeirmeacha atá á dtógáil ar cíos	% feirmeacha atá á thógáil ar cíos	Achar á thógáil ar cíos	% den achar iomlán á thógáil ar cíos
Curaíocht speisialtóra	2,100	44%	92,400	35%
Déiríocht speisialtóra	11,300	53%	204,300	21%
Táirgeacht mhairteola speisialtóra	19,600	28%	286,800	16%
Caoire speisialtóra	3,400	21%	50,900	12%
Beostoc féaránach ilchineálach	5,300	32%	92,900	17%
Barra ilchineálacha agus beostoc	1,500	43%	37,900	21%
Eile	500	33%	6,400	17%
Iomlán	**43,700**	**33%**	**771,500**	**18%**

Foinse: CSO

INFHESITÍOCHT, IASACHT AGUS ÚS I DTALMHAÍOCHT

Tháinig ardú suntasach ar ollfhoirmiú caipitil sheasta nó infheistíocht caipitil na talmhaíochta idir 2005 agus 2006. Bhí an chuid is mó den ardú bainteach le caiteachas breise ar fhoirgnimh feirme (+ €26 milliún), agus le hinnealra agus gléasra feirme suas €36 milliún. Bhí laghdú ar luach stoc síolraíochta thar an tréimhse.

Tugann pleananna infheistíochta suirbhé feirmeoirí a rinne Teagasc i 2007 agus 2008 le fios gur cheart go mbeadh méaduithe suntasacha in infheistíocht caipitil i gceist (Connolly et al., 2007)[5]. Measann infheistíocht pleanáilte infheistíocht caipitil sa dhá bhliain thar billiún amháin, le formhór (80%) an chaiteachais ag teacht ó na hearnálacha déirí agus eallaigh.

Tábla 4.12 Ollfhoirmiú Caipitil Sheasta na Talmhaíochta, 2003 agus 2005		
	2005 (€m)	2006 (€m)
Foirgnimh Feirme	133.6	160.2
Feabhsuithe talún	10.0	12.0
Trealamh Iompair	102.6	99.9
Innealra agus gléasra talmhaíochta	261.2	297.1
Gléasra eile	85.0	63.6
Iomlán (gan stoc síolraíochta san áireamh)	**592.3**	**632.7**
Stoc síolraíochta	-26.0	-25.8
Iomlán (le stoc síolraíochta san áireamh)	**566.3**	**607.0**

Foinse: CSO

IASACHTAÍ

Léiríonn sonraí ón mBanc Ceannais go raibh méadú de €476 milliún ar iasachtaí an earnáil talmhaíochta thar an tréimhse dhá mhí déag go Meán Fómhair 2007. Bhí laghdú beag ar iasachtaí foriomlána an earnáil déirí fad is gur dhéan iasachtaí ó na córais eallaí agus beostoic eile suas trí cheathrú den méadú.

Tábla 4.13 Iasachtaí a thóg na hearnálacha Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Iascaireachta i 2006 agus 2007		
	Meán Fómhair 2006 (€m)	Meán Fómhair 2007 (€m)
Talmhaíocht agus Foraoiseacht	4,273	4,749
Feirmeoireacht eallaigh agus ainmhithe eile	1,283	1,644
Feirmeoireacht déirí	1,032	1,027
Gníomhaíochtaí talmhaíochta eile	1,770	1,875
Foraoiseacht agus lománaíocht	188	222

Foinse: Banc Ceannais na hÉireann (Fógraí Ráithiúla)

ÚS

Ath-ríomh an CSO a chuid meastacháin den ús atá íoctha ag an earnáil feirmeoireachta le déanaí. Ní áirítear an comhpháirt seo den íocaíocht úis inchurtha i leith seirbhísí idirmheánacha airgeadais[6] san ús agus baintear ón mbarrachas feidhmíochta go díreach í. Léiríonn Tábla 4.11 sonraí athbhreithnithe do 2000-2007. I 2007 bhí ús ar íocaíochtaí suas 28% go €364.3 milliún a rinne suas 14% den mbarrachas feidhmíochta.

6. *Seirbhísí idirmheánacha airgeadais tomhasta go hindíreach (FISIM)*

Figiúr 4.2 Ús ar Chaipitil Iasachta mar % de Bharrachas Feidhmíochta 2000-2007



Caibidil a Cúig
An Tionscal Bia

5.1 Léargas

Tá an earnáil Bia agus Dí rí-thábhachtach go geilleagar na hÉireann. Tá sé fós mar cheann de na tionscail dúchasacha is mó i dtéarmaí déantúsaíochta agus caiteachais tomhaltóra. Tá sé déanta suas de réimse mór cineálacha agus méid comhlachta, ón táirgeoir beag neamhspleách feirme chuig na próiseálaithe bia móra. Léiríonn an tábla thíos ranníocaíochtaí na hearnála thar roinnt príomh-éagsúlachtaí macro-eacnamaíochta[1].

1. *Baineann figiúirí do OTI agus Fostaíocht leis an earnáil bhia agus dí amháin cé go mbaineann figiúirí le haghaidh aischur le táirgeadh agraibhia próiseáilte agus neamh-phróiseáilte.*

Tábla 5.1 An Tionscal Bia agus Deochanna sa Gheilleagar Náisiúnta, 2006

Bia agus Deochanna	Luachanna Measta	% den Iomlán
OTI	€8.6 bn	3.9%
Fostaíocht	53,300	2.6%
Scair Agraibhia d'Onnmhairí	€8.6 bn	9.7%

Foinse: CSO, QNHS Q2, RTIB, An Roinn Airgeadais

5.2 Méid agus Struchtúr na hEarnála Bia agus Deochanna

TÁIRGEACHT

Léiríonn meastacháin ón CSO le haghaidh 2006 go ndéanann an earnáil Bia agus Dí (BD) suas thart ar aon cúigiú den láimhdeachas iomlán le haghaidh gach tionscal déantúsaíochta. Bhí láimhdeachas san earnáil BD ag thart ar €23.8 billiún, méadú de 5.6% ar an mbliain roimhe sin. Rinne an earnáil bia (gan deoch san áireamh) suas thart ar 88% den láimhdeachas san earnáil BD. Leagtar amach comhdhéanamh láimhdeachais ar bhonn earnála leathan do na blianta 2005 agus 2006 i bhFigiúr 5.1

BREIS LUACH COMHLÁN

Léiríonn Tábla 5.2 na gnéithe agus na treonna i BLC don earnáil bhia le haghaidh na sonraí is déanaí de chuid an Daonáireamh de Tháirgeadh Tionsclaíoch. Mhéadaigh an breis luach comhlán (ag praghsanna margaidh) bainteach leis an earnáil bhia agus dí faoi nach mó 11.5% idir 2005 agus 2006, ag an am céanna thaispeáin gné na hearnála bia fás níos mórthaibhsí de 19% go €5.5 billiún.

Figiúr 5.1: Comhdhéanamh an Láimhdeachais BDT de réir na hEarnála Leathan, 2005-2006



Foinse: CSO, Daonáireamh de Tháirgeacht Tionsclaíoch Meastacháin Luatha 2006

Tábla 5.2 BLC na hEarnála BD ag Praghsanna Margaidh, 2005-2006			
Cur Síos	**2005 €m**	**2006 €m**	**% Athrú**
Tionscail Déantúsaíochta Uile	**35,494**	**38,863**	**9.5%**
Bia	**4,650**	**5,519**	**18.7%**
As sin			
Feoil	645	717	11.2%
Iasc	77	79	2.6%
Torthaí & Glasraí	102	97	-4.9%
Déiríocht	487	639	31.2%
Grán & Ábhair Chothaithe d'Ainmhithe	36	29	-19.4%
Táirgí Bia Eile	3,181	3,873	21.8%
Deochanna	**1,741**	**1,609**	**-7.6%**
Bia agus Deoch (BD) IOMLÁN	**6,391**	**7,128**	**11.5%**

Foinse: CSO, Áireamh ar Tháirgeacht Tionsclaíoch, Meastacháin Luatha 2006 (Fiontair)

Ag díriú ar an earnáil feola, léiríonn Figiúirí 5.2 agus 5.3 miondealú ar an láimhdeachas iomlán agus BLC don earnáil feola trína fho-chomhpháirteanna. Léiríonn an láimhdeachas don earnáil mairteola nach mór leath den láimhdeachas don earnáil iomlán cé go dtaispeánann táirgeadh feoil phróiseáilte breis luach níos airde.

2. Déanann na sonraí i dTábla 1 tagairt do Q2 2006 chun fráma ama leanúnach a choimeád le nithe eile measúnaithe laistigh de.

FOSTAÍOCHT

De réir na sonraí is déanaí ón CSO, bhí fostaíocht san earnáil BD ag 53,800 sa tríú cheathrú de 2007[2], síos beagán ar an gceathrú chéanna i 2006. Léiríonn Figiúr 5.4 na claonta fostaíochta don earnáil le roinnt bheag blianta anuas (2005-2007R3).

MÉID AGUS STRUCHTÚR

Léiríonn Figiúr 5.5 thíos an speictream leathan de mhéideanna comhlachtaí agus na héagsúlachtaí leithne i leibhéil fostaíochta laistigh den earnáil. Ar an taobh comhdhlúite den speictream, déanann thart ar 6.2% de na comhlachtaí is mó agus ábhair cúraim faoi stíl chomharchumainn suas níos mó ná dhá chúigiú de na daoine fostaithe. Ar an taobh eile den speictream ina n-áireofaí táirgeoirí beaga neamhspleácha, déanann díreach faoi bhun 70% de na haonaid déantúsaíochta áitiúla san earnáil suas thart ar 17% de na daoine ar fad atá fostaithe. Tá taobh tábhachtach den fhostaíocht trasna gach aonad díorthaithe go minic ón suíomh, le gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus fostaíocht scaipthe ar fud ceantair tuaithe agus ní hamháin sna hionaid uirbeacha (Féach an chuid ar Scaipeadh Réigiúnach).

Figiúr 5.2:
Láimhdeachas san Earnáil Feola, 2005 (€m)



Foinse: CSO, Daonáireamh ar Tháirgeacht Tionsclaíoch 2004 (Fiontair)

Figiúr 5.3: BLC san Earnáil Feola 2005 (€m)



Foinse: CSO, Daonáireamh ar Tháirgeacht Tionsclaíoch 2004 (Fiontair)

Figiúr 5.4:
Fostaíocht san Earnáil Bia agus Dí 2005-2007

Foinse: CSO, QNHS

RANNÍOCAÍOCHT GO GEILLEAGAR NA HÉIREANN

Léiríonn anailís ar an gcéatadán miondealaithe idir fachtóirí cónaitheacha agus neamh-chónaitheacha trasna na príomh-athróga tábhacht na hearnála don gheilleagar dúchasach (Féach Figiúr 5.6). San earnáil BD, tá thart ar 90% de na haonaid áitiúla agus beagnach ceithre chúigiú de na daoine fostaithe in aonaid atá faoi úinéireacht Éireannach. Tá luach na hOlltáirgeachta deighilte go cothrom idir aonaid atá faoi úinéireacht Éireannach agus eachtrannach. Déanann aonaid BD faoi úinéireacht Éireannach suas 55% de luach comhlán onnmhairithe do gach aonad déantúsaíochta in úinéireacht Éireannach (BD agus neamh-BD).

Cuireann anailís ar an gcaiteachas a dhéanann comhlachtaí atá ag feidhmiú in Éirinn béim ar an dlúthcheangal atá ag an earnáil BD leis an ngeilleagar náisiúnta. Comhordaíonn Forfás sonraí mar seo ina Shuirbhé Gnó Bhliantúil de Thionchar Eacnamaíoch (ABSEI). San áireamh i gCaiteachas Geilleagair Éireannach (IEE) tá tuarastail, amhábhair Éireannacha agus seirbhísí Éireannacha. Léiríonn Tábla 5.3 dearbh-chomparáidí idir an Earnáil BD agus an earnáil déantúsaíochta foriomlán i dtéarmaí an miondealú seo i gcaiteachas fad is atá Figiúr 5.7 ag léiriú comparáidí comhréireacha. Tá sé soiléir go ndéanann IEE suas díreach faoi bhun trí cheathrú den gcaiteachas iomlán san earnáil BD. Tá sé seo níos fearr ná an earnáil déantúsaíochta ar an iomlán, áit atá an ráta coibhéiseach IEE ag 45%.

Tábla 5.3 Caiteachas Eacnamaíoch na hÉireann, 2005-2006

	Earnáil BD		Déantúsaíocht Uile	
€m	2005	2006	2005	2006
Costais Phárolla	1,818	1,848	8,182	8,843
Amhábhair Éireannacha	6,439	6,523	10,577	10,836
Seirbhísí Éireannacha	1,869	1,915	5,738	6,096
Caiteachas Eacnamaíoch na hÉireann (IEE) Iomlán	10,445	10,607	26,132	27,542
Caiteachas Iomlán	13,854	14,290	56,897	60,927
IEE mar % de Chaiteachas Iomlán	**75.4%**	**74.2%**	**45.9%**	**45.2%**
Díolacháin	16,257	17,296	90,079	94,050
IEE mar % de Dhíolacháin	**64.2%**	**61.3%**	**29.0%**	**29.3%**

Foinse: Forfás, Annual Business Survey of Economic Impact 2006

Figiúr 5.5: Struchtúr an Tionscail BD, 2005



Foinse: CSO, Daonáireamh de Thairgeacht Tionsclaíoch (Aonaid Áitiúla)

Figiúr 5.6: Dáileadh príomh-éagsúlachtaí idir úinéireacht Éireannach agus neamh-dhúchasach laistigh den Earnáil BD, 2005



Foinse: CSO, Daonáireamh de Thairgeacht Tionsclaíoch (Aonaid Áitiúla)

Figiúr 5.7: Miondéalú ar chaiteachais BD i gcomparáid leis an earnáil déantúsaíochta 2006



Foinse: Forfás, Annual Business Survey of Economic Impact2006

SCAIPEADH RÉIGIÚNACH

Níl an ceannas atá léirithe sa réigiún mórthimpeall ar réigiún Bhaile Átha Cliath i dtéarmaí na hearnála déantúsaíochta foriomlán soiléir nuair a fhéachtar ar an earnáil BD. I dtéarmaí déantúsaíochta ghinearálta tá beagnach ceathrú amháin de na haonaid lonnaithe i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le níos lú ná 10% de aonaid BD. Tá thart ar 43% de na haonaid BD suite i gCeantar na Teorann, Lár Tíre agus An Iarthair (TLI), atá inchurtha go fabhrach le níos lú ná an 30% de na haonaid déantúsaíochta ghinearálta. Is féidir tiúcháin réigiúnacha a dhéanamh amach thar línte earnála leithne leis an earnáil déiríochta dírithe go príomha ar réigiúin an deiscirt agus an earnáil mairteola níos dírithe i réigiúin an lár-oirthir agus an teorainn. Déanann Figiúr 5.8 comparáid idir scaipeadh na n-aonad san earnáil BD le tionscail déantúsaíochta eile.

IASACHTAÍ AGUS ÉADÁLACHA CAIPITIÚLA

Tá riachtanas caipitil suntasach le haghaidh sócmhainní caipitil chomh maith le caipitil oibre, bainteach go dlúth le nádúr an tionscal Bia agus Deochanna. Tugann Figiúr 5.9 miondealú de réir gach fo-earnáil faoin méid iasachtaí sínte go comhlachtaí BD suas go Meán Fómhair 2007, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna an bhliain roimhe sin.

Tá éadálacha caipitiúla laistigh den earnáil BD le haghaidh 2005 agus 2006 imlínithe i bhFigiúr 5.10. Rinne an earnáil BD fhoriomlán suas díreach faoi bhun 15% de éadálacha caipitiúla iomlána an tionscail déantúsaíochta i 2006. Tháinig laghdú 6.3% ar na héadálacha caipitiúla iomlána i gcomparáid leis an bhliain roimhe mar gheall ar laghdú suntasach i gceannach innealra agus trealaimh. Bhí ardú suntasach ar dhíolacháin chaipitiúla ó €39.4m i 2005 go €184.7m i 2006.

5.3 Onnmhairí Bia agus Dí

FEIDHMÍOCHT ONNMHAIRÍ 2007

Cuireann An Bord Bia meastacháin bliantúla ar fáil le haghaidh feidhmíocht onnmhairí d'earnáil bia agus dí na hÉireann. De réir a gcuid meastacháin (Féach Figiúr 5.11), bhí bliain mhaith ag an earnáil arís le luach onnmhairí agraibhia ag ardú faoi 5% go níos mó ná €8.6 billiún. Bhí fás suntasach sna hearnálacha táirgí déiríochta agus comhábhair (13%) chomh maith leis na bianna ullmhaithe (6%), deochanna (5.4%), agus san earnáil gairneoireachta inite agus gránbharra (18.3%). Bhí éascú in onnmhairí san earnáil mairteola ag léiriú timpeallacht margaidh mall do an-cuid den bhliain agus laghdú in onnmhairigh beithígh beo mar gheall ar éileamh níos moille ar laofheoil i gcomhar le brabúsacht lag i gclóis cothaithe ar an Mór-Roinn. Tháinig na fachtóirí seo le chéile agus mar thoradh orthu bhí laghdú ar an éileamh le haghaidh eallaí, ach go háirithe sa chéad leath den bhliain.

Mar atá léirithe i bhFigiúr 5.12 dhaingnigh táirgí déiríochta agus comhábhair a suíomh mar an earnáil is mó onnmhairithe agraibhia in Éirinn. I dteannta le bia ullmhaithe, deochanna agus mairteoil déanann siad suas an chuid is mó de na honnmhairí agraibhia i dtéarmaí luacha (84% i 2007).

Figiúr 5.8: Scaipeadh réigiúnach de BD i gcomparáid le tionscail déantúsaíochta eile, 2005



Foinse: CSO, Daonáireamh de Tháirgeacht Tionsclaíoch

Figiúr 5.9: Luathaithe creidmheasa san Earnáil Bhia agus Dí 2006-2007(€M)



Foinse: Banc Ceannais

ONNMHAIRÍ AGRAIBHIA DE RÉIR CEANN SCRÍBE

Bíonn margaí ardluacha, ar an Mór-Roinn den chuid is mó, mar an phríomh cheann scríbe le haghaidh onnmhairí agraibhia Éireannacha I 2007, measadh go raibh níos mó ná 75% de na honnmhairí san earnáil ag dul go margaí an AE. Tugann Figiúr 5.13 tuairim faoi na príomh-chinn scríbe le haghaidh onnmhairí agraibhia Éireannacha.

Leanann an RA ar aghaidh mar an príomh-mhargadh le haghaidh onnmhairí, mairteoil ach go háirithe, áit a onnmhairítear luach a measadh ag €770 milliún, atá beagnach cothrom le luach na honnmhairí mairteola go dtí an chuid eile den AE (€775 milliún). Leanann na RA ar aghaidh mar an phríomh-cheann scríbe le haghaidh muiceoil Éireannach le onnmhairí ag fás thar 10% go thart ar €125m. In earnáil na caoireola leanann an Fhrainc ar aghaidh mar cheann scríbe le haghaidh níos mó ná 55% d'onnmhairithe Éireannacha. I dtéarmaí trádála bheithígh beo, cé go bhfuil leibhéil foriomlána síos ar 2006, ba iad an Iodáil agus an Spáinn na príomh-chinn scríbe, leis an dá cheann acu ag tógáil meascán cothrom de bheithígh fireann agus baineann.

In earnáil na dtáirgí déiríochta agus na gcomhábhar, bhí an fás i dtrádáil san Áis mar thréith an-tábhachtach. Measann An Bord Bia gur tháinig thart ar 50% den fás seo in onnmhairí déiríochta Éireannacha (13% de réir luach) ó mhargaí na hÁise, agus go rinne an earnáil seo suas níos mó ná 70% den luach iomlán d'onnmhairí bia agus dí na hÉireann i rith na bliana. Chabhraigh an éagsúlacht sna cinn scríbe le haghaidh onnmhairí san earnáil seo le maolú i gcoinne an éascú ar thrádáil leis na SA mar gheall ar an dollar lag sa dara leath de 2007. Bhí trádáil leis an RA, margaíeile an AE agus an Meán-Oirthear go maith freisin i 2007.

Figiúr 5.10: Éadálacha Caipitiúla san Earnáil BD 2005/2006 (€M)



Figiúr 5.11: Onnmhairí de Tháirgí Agraibhia na hÉireann de réir catagóir 2006/2007



Figiúr 5.12: Scair Céatadáin d'Onnmhairithe Agraibhia 2007



Figiúr 5.13:
Scair Céatadáin d'Onnmhairithe Agraibhia de réir Ceann Scríbe 2007



Caibidil a Sé
An Tomhaltóir

6.1 Léargas

Is iad tomhaltóirí is cúis le formhór na n-athruithe sa tionscal bia. Tá tionchar ag stíleanna maireachtála agus déimeagrafacha athraitheacha maraon le tomhaltóirí a bhfuil níos mó airde acu ar shláinte agus ar phraghas ar iompraíocht tomhaltóirí agus claontaí miondíola. Fianaise ar an athrú seo é an comhchruinniú méadaithe agus an fás atá ag teacht ar shiopaí lascaine, siopaí áise agus ollmhargaí maraon le hathbheochan ar mhargaí feirmeoirí. Baineann an-tábhacht le praghsanna bia, caiteachas ar bhia agus tomhaltas ionas go mbeidh tuiscint againn ar an tomhaltóir. Tá freagracht don tomhaltóir ag croílár na forbartha maidir le sábháilteacht bhia.

6.2 Praghsanna Bia agus Tomhaltas

CLAONTAÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá boilsciú, le praghsanna bia níos airde mar chomhpháirt tábhachtach de, ina ábhar imní tríd an domhan ar fad agus i dtíortha atá ag forbairt ach go háirithe. Tá athruithe i bpraghsanna bia mar fheidhm de fhórsaí margaidh atá ag feidhmiú ag leibhéil idirnáisiúnta, AE agus ag leibhéil náisiúnta go príomha. Tá fás eacnamaíochta láidir agus athruithe i bpátrúin chothaithe i ngeilleagair atá ag teacht chun cinn mar na príomh-fhórsaí atá ag athrú éileamh bia domhanda i dtreo táirgí talmhaíochta agus bia próiseáilte ar luach ard. Tá soláthar mallfháis, stoic ísle agus geiteanna soláthair ag am a bhfuil éileamh ag fás le haghaidh beathú, bia agus breosla tar éis bheith mar chúis ar arduithe praghais ar fud an domhain. Tá praghsanna níos airde ar thráchtearraí talmhaíochta mar ábhar imní ar leith le haghaidh tíortha atá mar ghlan-allmhaireoirí bia chomh maith leis na boicht i ndaonraí uirbeacha. Chuir táirgeadh bithbhreoslaí le cothromóid an bhia domhanda athraitheach chomh maith. Rinne an smaointeoireacht a bhí ann roimhe seo ar an ábhar measúnú ar tháirgeadh bia in aghaidh éileamh bia agus rinneadh conclúidí dá réir, cé nach bhfuil an chothromóid seo bailí nó úsáideach a thuilleadh ó tháinig éileamh breosla le haghaidh tráchtearraí bia isteach[1]. Caithfear an éileamh le haghaidh breosla a chur san áireamh anois chomh maith. Cé go raibh tionchar ag praghsanna fuinnimh ar phraghsanna bia i gcónaí trí chostais ionchuir, tá éifeacht anois acu ar chostais aschuir talmhaíochta chomh maith tríd an chostas deise a thagann ón mbreosla féin a tháirgeadh. I gcoiteann leis an AE, níl Éire neamhthréscaoilteach i leith an athrú fabhraithe seo.

1. *The World Food Situation – New Driving Forces and Required Actions, Joachim von Braun, IFPRI. Nollaig 2007*

PRAGHSANNA BIA IN ÉIRINN

Suas go dtí lár 2002, ní raibh ach fíor-bheagán diallais idir an ráta méadaithe i bpraghsanna tomhaltóirí foriomlána, mar atá tomhaiste i bPraghas Innéacs an Tomhaltóra (PIT) agus an ráta méadaithe i bpraghsanna bia agus deochanna neamh-alcólacha, mar atá tomhaiste ag an Praghas Innéacs Bia (PIB). Cé go raibh an boilsciú san earnáil bia agus deochanna neamh-alcólacha i bhfad níos ísle ná don PIT ó shin i leith, tá an dá innéacs tar éis bogadh in éineacht a chéile go ginearálta. Idir 2003 agus 2007 bhí an céatadán athraithe foriomlán i bpraghsanna bia agus deochanna neamh-alcólacha ag 3.2% fad is gur mhéadaigh an PIT foriomlán faoi 14.1%.

Figiúr 6.1: Praghas Innéacs Míosúil an Tomhaltóra agus Praghas Innéacs Bia, 2006/2007



Figiúr 6.2: Fo-innéacsaí BD i gcomparáid leis an PIT foriomlán agus earnálacha eile 2006/2007



Le déanaí, thosaigh praghsanna bia de bheith ag luathú cé gur fhan an PIB píosa maith faoin PIT faoi dheireadh 2007 (Féach Figiúr 6.1). I 2007, bhí méadú 2.8% ar meán don bhliain ar phraghsanna bia agus deochanna neamh-alcólacha. Tá ráta méadaithe níos ísle ann ná an ráta boilscithe bliantúil foriomlán, mar atá tomhaiste ag Praghas Innéacs an Tomhaltóra (PIT), a bhí ag meán de 4.9% i rith 2007. Léiríonn sonraí ó na míonna luatha i 2008 gur lean praghsanna bia agus deochanna neamh-alcólacha de bheith ag dul in airde ag rátaí atá níos airde na an meán a bhí ann le déanaí, ag déanamh scáthánú ar an rothag aníos ar phraghsanna bia mar a bhí soiléir ar fud an domhain agus trasna an Eoraip tríd 2007 agus isteach i 2008. Is feiniméan domhanda iad na claontaí seo i bpraghsanna bia atá inchurtha i leith roinnt mhaith fachtóirí ranníocaíochta ag leibhéal domhanda, AE agus náisiúnta. Áiríonn siad seo:

- Fás eacnamaíochta san Áise (An tSín agus an India, ach go háirithe) agus an athrú ina dhiaidh sin ar bhlasanna i dtreo cineálacha bia le breisluach.
- Éileamh ag sárú soláthar mar gheall ar:
  - Stoic ísle le haghaidh roinnt mhaith tráchtearraí (gránbharra ach go háirithe)
  - Geiteanna soláthair cosúil leis an dtiomach san Astráil, a raibh éifeacht suntasach aige ar mhargaí déiríochta agus gránbharra domhanda an bhliain seo caite.
- Bhí méadú ar tháirgeadh bithbhreosla chomh maith agus cuireann sé seo le leibhéal comórtais níos airde le haghaidh gránbharra agus talamh arúil.
- Tá fachtóirí cosúil le costais ionchuir ag dul in airde - fuinneamh agus cothú ach go háirithe agus saothar chomh maith ag leibhéal na dtomhaltóra agus na bpróiseálaithe tar éis brú méadaitheach a chur ar phraghsanna bia.

Déanann Figiúr 6.2 comparáid ar an leibhéal foriomlán boilscithe lena 12 chomh-chatagóir (ina n-áirítear bia agus deochanna neamh-alcólacha) do na blianta 2006 agus 2007. Cé go raibh ardú soiléir idir 2006 agus 2007, níor choimeád an earnáil bia agus dí suas le boilsciú foriomlán agus bhí sí níos ísle ná a lán catagóir eile a thagann le chéile chun an PIT foriomlán a dhéanamh suas.

PRAGHSANNA LE HAGHAIDH TÁIRGÍ BIA

Tá éagsúlacht idir claontaí praghais le haghaidh táirgí bia aonair ag braith ar roinnt mhaith fachtóirí. Go ginearálta, tá praghsanna le haghaidh táirgí aonair tar éis dul suas le haghaidh an chuid is mó de na táirgí thar na blianta 2006 agus 2007, cé go raibh roinnt deighleoga táirgí a chuaigh i gcoinne an claonadh seo. Léiríonn an rogha táirgí i bhFigiúr 6.3 forbairtí praghais le haghaidh an-chuid táirgí bia idir 2005 agus 2007. Thit praghas an-chuid táirgí bia i 2005 ach don chuid is mó d'ardaigh praghsanna na dtáirgí seo arís i 2006 agus 2007 agus leanadar de bheith ag ardú isteach i gcuid luath de 2008. Bhí ardú beagnach 5% ar meán ar phraghsanna mairteola, 7.4% ar bhainne agus 7.5% ar ghlasraí úra an bhliain seo caite. Imlínítear na claontaí le haghaidh rogha táirgí i bhFigiúr 6.3 agus imlínítear tuilleadh táirgí i dTábla 12.9 sa scríbhinn Staitistiúil.

Figiúr 6.3: Rátaí Bliantúla de Mhéadú Praghais do Tháirgí Bia Áirithe 2005-2007



Foinse: CSO PIT

COMPARÁIDÍ RÉIGIÚNACHA

Comhlíonann an CSO anailís bliantúil le haghaidh fo-chiseán ionadaíoch d'earraí agus seirbhísí taobh istigh agus taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath araon. Léiríonn an anailís seo éagsúlachtaí dearfacha agus diúltacha thar raon leathan d'éagsúlachtaí in earraí bia agus deoch. Léiríonn Figiúr 6.4, a fhéachann ar líon áirithe earraí ón anailís agus a dhéanann comparáid idir 2006 agus 2007, go bhfuil sé deacair pátrúin a fháil amach. Mar shampla, bhí rí uaineola níos mó ná 15% níos daoire i mBaile Átha Cliath i 2006, ach níos mó ná 6% níos saoire i 2007, áfach. Go ginearálta bhí earraí feola ag taispeáint praghsanna níos ísle i mBaile Átha Cliath i 2007, ag aisiompú an claonadh a bhí ann an bhliain roimhe sin. I mBaile Átha Cliath, rinneadh praghsáil i bhfad níos airde ar an chuid is mó de na catagóirí de dheochanna alcólacha, maraon leis an chuid is mó de thorthaí agus glasraí.

COMPARÁIDÍ PRAGHSANNA AE

Tomhasann an tInnéacs Comhchuibhithe de Phraghsanna Tomhaltóra (ICPT) an méadú i bpraghsanna ar bhonn míosúil do bhallstáit an AE-27. Is é seo an modh is iontaofa le comparáid a dhéanamh ar bhoilsciú trasna an AE. Go suntasach, agus ní cosúil le Praghas Innéacs an Tomhaltóra, ní chuireann sé ús ar aisíocaíochtaí morgáiste agus cineálacha áirithe cánach agus árachais san áireamh (i measc nithe eile). Bhí méadú 2.9% ar meán ar ICPT foriomlán na hÉireann i 2007 i gcomparáid le meán an AE de 2.4%. (Féach Figiúr 6.5 le haghaidh comparáidí ICPT[2] le tíortha eile an AE trasna gach earra chomh maith le bia agus deochanna neamh-alcólacha).

Léiríonn na comparáidí AE ag na leibhéil praghais is déanaí[3], a úsáideann Treoracha Leibhéil Praghais[4] (PLI) ar chúinsí comparáideacha, go bhfuil Éire níos costasaí go coibhneasta le haghaidh bia agus deochanna neamh-alcólacha ná beagnach gach ceann dá contrapháirteanna san AE nuair a dhéantar comparáid le meán an AE 27. Caithfear féachaint ar seo i gcomhthéacs staid na hÉireann maidir le caiteachas foriomlán ar bhia, áit atá méid ioncam an teaghlaigh a chaitear ar bhia i measc an chomhréir is ísle san AE (féach cuid 6.3). Déanann Figiúr 6.6 comparáid idir PLIanna Éireannach agus na PLIanna don AE 27 iomlán thar líon mhaith grúpaí agus fo-ghrúpaí táirgí. Tá na PLIanna is airde agus is ísle i ngach earnáil (do thíortha AE 15) san áireamh chomh maith. Soláthraíonn Tábla 12.10 sa scríbhinn Staitistiúil briseadh síos níos críochnúla

2. Sonraí Eurostat a dhéanann tagairt don meán-ráta bliantúil athraithe i rith 2007.

3. Ithe, ól, caitheamh tobac–leibhéil praghais comparáideacha i 37 tír Eorpach le haghaidh 2006. Eurostat

4. Soláthraíonn treoracha leibhéil praghais comparáid de leibhéil praghsanna na dtíortha maidir le meán an Aontas Eorpaigh, a ghlactar leis ag 100. Mar sin má tá Treoracha Leibhéil Praghais níos airde ná 100, tá an tír atá i gceist measartha costasach i gcomparáid le meán an AE agus a mhalairt

6.3 Tomhaltas Bia

CAITEACHAS TOMHALTAIS PEARSANTA

Léirigh meastacháin ón CSO gur dhéan Caiteachas Tomhaltais Pearsanta (CTP) ar bhia agus deoch (gan béilí amuigh san áireamh) suas €13.1 billiún i 2006, méadú 4.3% ar an mbliain roimhe sin. Léirigh sé seo 16% den CTP iomlán. Rinne caiteachas ar bhia i dtéarmaí béilí lasmuigh den teach suas thart ar €1.8 billiún i 2006, méadú níos mó ná 5% ar an mbliain roimhe sin. Ciallaíonn sé seo go bhfuil beagnach ceathrú amháin den gcaiteachas iomlán ar bhia déanta suas taobh amuigh den teach (Féach Figiúr 6.7). I gcoiteann le tíortha cosúil leis an RA, an Ghearmáin agus Lucsamburg, chaitheadh Éire méid i bhfad níos ísle den gcaiteachas teaghlaigh iomlán ar bhia nuair a chuirtear i gcomparáid le tíortha eile an AE iad, le meastacháin le haghaidh 2006 a chuireann Éire ag thart ar leath de mheán an AE 27.

Figiúr 6.4: Comparáid Leibhéil Praghais Meánach le haghaidh earraí áirithe- Baile Átha Cliath v Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



Foinse: CSO Praghais Tomhaltóra, Anailís Praghais Meánach, Samhain 2007

Figiúr 6.5: ICPT agus ICPT Bia, 2007



% athruithe bliantúla 2007. Foinse: CSO, Eurostat

Taispeántar tomhaltas meánach in aghaidh an duine de tháirgí feola agus déiríochta le haghaidh 2004 go 2006 i dTábla 6.1. Chúitigh méadaithe i dtomhaltais cáise ábhairín do laghdaithe i tomhaltais bainne agus bláthaí. Measann Bord Bia gur ith tomhaltóirí 20.3kg de mhairteoil, 35.4kg de mhuiceoil, 29.0kg d'fheoil éanlaithe clóis agus 4.8kg d'uaineoil an duine i 2006.

Tábla 6.1 Tomhaltas de Mhíreanna Bia Áirithe, 2004-2006

Kg/Lítir in aghaidh an Duine	2004	2005	2006
Mairteoil	21.3	20.8	20.3
Muiceoil	36.8	36.3	35.4
Caoireoil	4.9	4.8	4.8
Feoil Éanlaithe Clóis	32.0	30.1	29.0
Bainne Óil & Bláthach*	145.2	142.2	N/B
Uachtar	2.5	2.7	N/B
Im	2.8	2.8	N/B
Cáis	6.6	8.1	N/B

** Lítir in aghaidh an Duine*
Foinse: Figiúirí Bord Bia don Fheoil

6.4 Tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar an Earnáil Mhiondíola

RÉAMHRÁ

I ndiaidh cinneadh an Rialtais an tOrd um Earraí Grósaera a chur ar ceal i Márta 2006, iarradh ar an tÚdarás Iomaíochta athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúr an trádáil grósaeireachta ar bhonn leanúnacha chun féachaint conas mar a fhreagraíonn sé do thimpeallacht nua reachtach. Ina dhiaidh sin chuir an tÚdarás Iomaíochta tús leis an Tionscadal um Mhonatóireacht Ghrósaeireachta[5] i Márta 2008. Ag leibhéal an mhórdhíola, fuair an tuarascáil amach go raibh níos mó ná 95% den láimhdeachas mórdhíola san earnáil ghrósaeireachta Éireannach inchurtha i leith grúpa beag (7) oibreoirí. I 2006, ba ea €4.7bn an láimhdeachas comhcheangailte a bhí ag na hoibritheoirí seo, arna raibh €3.6bn mar gheall ar dhíol earraí grósaera[6].

Ag leibhéal miondíola, fuair an tuarascáil amach go raibh líon mhaith oibritheoirí ag díol earraí grósaera sa Stáit[7]. Áirítear anseo na miondíoltóirí atá i lánpháirtíocht go hingearach (miondíoltóirí a bhfuil úinéireacht acu agus a fheidhmíonn a mhargaidh miondíola féin, m.sh. Tesco, Dunnes Stores), 18 grúpa de mhiondíoltóirí comhcheangailte (grúpaí miondíoltóirí a fheidhmíonn brandaí miondíoltóra le ceadúnú ó mhórdhíoltóir, m.sh. SuperValu, Spar, Centra) agus thart ar 3,500 miondíoltóir neamhspleách. Meastar go bhfuil láimhdeachas comhcheangailte miondíoltóirí grósaera sa Stáit ag €14.6bn, arna féidir €11.6bn a chur síos go díol earraí grósaera. Trasna gach grúpáil miondíoltóra, rinne Tesco, SuperValu agus Dunnes Stores suas thart ar leath den láimhdeachas iomlán.

5. *Cur síos ar Struchtúr agus Feidhmiú Miondíoltóireacht agus Mórdhíol Grósaeireachta in Éirinn: 2001 go 2006 Monatóir Grósaeireachta Tuarascáil Uimh. 1 Márta 2008*

   Claontaí Praghais san Earnáil Ghrósaeireachta Mhiondíola Éireannach: Cur síos ar Éabhlóid Praghsanna Grósaeireachta Miondíola idir 2001 agus 2007 Monatóir Grósaeireachta: Tuarascáil Uimh. 2 Márta 2008

6. *Ar mhaithe le Tuarascáil an Údaráis Iomaíochais, sainmhíníodh 'earraí grósaera' mar bhia agus deoch díolta le haghaidh tomhaltais daonna chomh maith le '"riachtanais tithíochta", le earraí taobh amuigh de raon an FPI san áireamh, m.sh. glantaigh teaghlaigh, seampú, earraí glantaí eile s.rl.*

7. *Tarlaíonn sé go ndéanann líon mór na ngrúpaí miondíola ró-shonrú ar líon iarbhír na eitintis atá páirteach – tá an 18 branda miondíola faoi úinéireacht ag an seacht mórdhíoltóir.*

Figiúr 6.6: Treoracha Leibhéil Praghais Comparáide le fo-ghrúpaí an phríomh-suirbhé san AE-15, 2006



Foinse: Eurostat

Figiúr 6.7: Scair de Chaiteachas Tomhaltais Pearsanta ar Bhia de réir Limistéir Leathan, 2006



Foinse: CSO Cuntais Náisiúnta

Tá cumas miondíoltóireacht grósaeireachta sa Stáit tar éis dul i méid le déanaí. Ainneoin an titim i líon na miondíoltóirí neamhspleácha sa Stáit, tá fairsingiú ar na hiolracha agus na miondíoltóirí comhcheangailte le mórdhíoltóir trí shocrú saincheadúnais tar éis méadú a dhéanamh ar an méid spáis úrláir Tá miondíoltóirí ag athrú chun riachtanais custaiméirí éagsúla a shásamh. Tá claonadh ag na hoibritheoirí is mó freastal ar an siopadóir aon ionaid cé go bhfreastalaíonn na hoibritheoirí atá níos lú ar fheidhm áise. Tá na hoibritheoirí is mó ag tosú de bheith ag bogadh isteach san earnáil áise. Tá an chuma air gur fachtóirí deimeagrafacha atá ag treorú an fairsingiú suntasach ar na hiolracha, i. rinne fás ar an daonra éascú ar leathnú i líon na n-ollmhargaí móra.

CLAONTAÍ PRAGHAIS IN EARNÁIL GHRÓSAEIREACHTA MIONDÍOLA NA HÉIREANN

Díríonn an dara cuid de Thuarascáil an Údaráis Iomaíochta ar iompar praghsanna de "bhia-ábhair agus ábhair riachtanacha" a tháinig faoi raon an tOrd um Earraí Grósaera. Fuair an tuarascáil amach go raibh iompar na bpraghsanna sa fo-chomhpháirt de hearraí ghrósaera éagsúil ón gciseán foriomlán earraí sula cuireadh an tOrd um Earraí Grósaera ar ceall. Ach go háirithe nuair a bhí praghsanna earraí grósaera ag dul i méid, bhí an claonadh ann go rachadh praghas earraí an Ordaithe Grósaera i méid níos tapúla ná earraí Neamh-Ordaithe Grósaera agus nuair a bhí praghsanna earraí grósaera ag titim, bhí an claonadh ann go dtitfeadh praghsanna Neamh-Ordaithe Grósaera níos tapúla.

I rith an tréimhse naoi mí i ndiaidh an tOrd um Earraí Grósaera a chuir ar ceall, bhí an chuma air go raibh an-difríocht in iompar claontaí le haghaidh earraí Ordaithe Grósaera agus Neamh-Ordaithe Grósaera. Bogann na claontaí praghais i dtreonna urchomhaireacha, le praghas na hearraí Ordaithe Grósaera ag titim agus praghas na hearraí Neamh-Ordaithe Grósaera ag ardú. Don tréimhse ó Aibreáin 2006 go Nollaig 2006, i., na 9 mí i ndiaidh an tOrd um Earraí Grósaera a chur ar ceall bhí na claontaí mar seo a leanas:

- Bhí laghdú 1.5% ar phraghas na hearraí Ordaithe Grósaera
- Bhí méadú 2.4% ar phraghas na hearraí Neamh-Ordaithe Grósaera
- Bhí laghdú 0.6% ar phraghas gach earra grósaera (earraí Ordaithe Grósaera agus Neamh-Ordaithe Grósaera); agus
- Bhí méadú 2.9% ar an PIT, ag clúdach praghsanna gach earra agus seirbhís tomhaltais

Ó thús 2007 i leith tá an chuma air go raibh iompar earraí Ordaithe Grósaera agus Neamh-Ordaithe Grósaera cosúil go leor leis an dá chlaonadh ag dul i méid. I dtreo deireadh 2007, bhí an méadú i bpraghas earraí Ordaithe Grósaera níos géire agus is féidir é seo a chuir síos do mhéadú i bpraghsanna tráchtearraí domhanda de tháirgí talmhaíochta áirithe mar a formhíníodh níos luaithe sa Chaibidil seo. Don tréimhse ó Eanáir 2007 go Samhain 2007 ba iad na claontaí a d'aithin Tuarascáil an Údaráis Iomaíochta ná:

- Bhí méadú 5.1% ar phraghas earraí Ordaithe Grósaera
- Bhí méadú 1.5% ar phraghas earraí Neamh-Ordaithe Grósaera
- Bhí méadú 4.0% ar phraghas gach earra grósaera (earraí Ordaithe Grósaera agus Neamh-Ordaithe Grósaera); agus
- Bhí méadú 4.7% ar an PIT, ag clúdach praghsanna gach earra agus seirbhís tomhaltais.

6.5 Claontaí Tomhaltóra agus Miondíola

Leanann an claonadh atá bunaithe i sochaí na hÉireann anois i leith bianna áise agus béilí ullmhaithe a ithe. Tá forbairt tagtha ar an margadh seo agus tomhaltóirí anois ag éileamh bianna áise a shásaíonn critéir níos doichte i dtéarmaí fachtóirí sláinte, caighdeáin agus blais. Léiríonn taighde go bhfuil daoine in Éirinn ag bogadh amach ón ngnáthamh trí bhéile in aghaidh an lae a bheith acu. Tá níos mó airde anois ag tomhaltóirí ar chúrsaí sláinte agus tuigeann siad go bhfuil baint ag bia le folláine fhisiceach. Léirigh PERIscope 4 le Bord Bia gur cheap 85% de thomhaltóirí go gcabhraíonn aiste bia mhaith le do shláinte intinne agus go bhféadfadh sé feabhas a chur ar an gcorp agus ar an intinn freisin. Spreag ioncaim atá ag dul i méid agus fás comhsheasmhach san eacnamaíocht forbairt ar bhianna feidhmiúla.

D'fhreagair claontaí miondíola do nósanna athraitheacha tomhaltóirí. Tá asraonta miondíola ag oscailt ar feadh líon níos mó uaireanta an chloig agus tá siopaí ag glacadh le héiteas na mbianna áise. Is gné thábhachtach de mhiondíol bia in Éirinn é an ceannach "seachtainiúil" fós maraon le rudaí breise a cheannach ar bhonn leanúnach sa siopa áitiúil.

Tá tionchar mór ag áisiúlacht ar an rogha a dhéanann an tomhaltóir. Is léir gur áisiúlacht agus an t-éileamh ar roghanna tapa a fheileann do stíleanna beatha a bhfuil an-chuid brú ag baint leo is cúis leis an athrú ó gach uile rud a chócaráil go dtí úsáid a bhaint as comhábhair réamhullmhaithe agus bianna réidh le n-ithe a úsáid. Feicimid fianaise de seo thíos ó thaighde a rinne Bord Bia le déanaí[8]

- Aontaíonn 63% de thomhaltóirí Éireannacha leis an ráiteas: 'Ní maith liom an iomarca ama a chaitheamh ag cócaireacht'
- síleann 40% de thomhaltóirí Éireannacha gur ualach é a bheith ag cócaireacht
- cócarálann 29% de dhaoine gach rud ón tús ar bhonn laethúil
- úsáideann 50% de dhaoine comhábhair réamhullmhaithe ar bhonn seachtainiúil
- aontaíonn 47% de thomhaltóirí Éireannacha leis an ráiteas 'Úsáidimid roinnt mhaith bia atá réidh le hithe inár dteach'.

Tá tús áite á thabhairt do cheisteanna a bhaineann le sláinte agus cothú i bpolasaí poiblí agus braitheann feabhsúcháin fhadtréimhseacha ar aiste bia an náisiúin ar straitéisí a chur i bhfeidhm i measc leanaí. Chuige seo, foilsíodh staidéar ar leith in 2005 ar aiste bia leanaí Éireannacha agus seoladh scéim nua a bhí dírithe ar nósanna itheacháin leanaí bunscoile a fheabhsú. Tá an gclár Food Dudes, a bhfuil sé mar aidhm aige 3,500 scoil agus 445,000 leanbh a shroicheadh thar tréimhse cúig bliana, deartha le cur ar chumas leanaí taitneamh a bhaint as aistí bia sláintiúla agus cultúr a bhaineann le bia sláintiúil a ithe a chruthú laistigh de scoileanna. Leagadh béim ar chaighdeán an chláir tríd an bhfíric gur bhuaigh sé Dámhachtain Dea-Chleachtais Idirnáisiúnta ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte i 2006.

Cé go bhfuil na hearnálacha níos mó chun tosaigh ó thaobh onnmhairithe de, tá méadú ag teacht ar na deiseanna atá ann do bhianna speisialtóireachta. Luacháladh an earnáil cheardaithe Éireannach agus bianna speisialta ag thart ar €475 milliún. Tá thart ar 129 margadh feirmeoirí ag feidhmiú anois in Éirinn agus léiríonn an líon mhaith siopaí feirme agus móréileamh na scéimeanna bosca tuilleadh fianaise de dheiseanna le haghaidh díol díreach mar shlí chun margaíocht a dhéanamh.

6.6 Muinín a Chothabháil sa Slabhra Bia

SÁBHÁILTEACHT BHIA

Leanann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar aghaidh ag cur béime ollmhór ar shábháilteacht agus ar cháilíocht le timpeall 45% dá fhoireann gafa le sábháilteacht bia agus beartanna smacht cáilíochta a chothabháil agus a fheabhsú. Thar roinnt mhaith blianta d'ardaigh an Roinn caighdeáin agus chuir sí le haitheantas idirnáisiúnta na hÉireann mar lárionad den scoth le haghaidh táirgeadh bia.

COMHLACHTAÍ RIALTAIS SÁBHÁILTEACHTA BHIA

Tá comhoibriú leanúnach ann idir Ranna agus gníomhaireachtaí ábhartha maidir le forbairt polasaithe agus reachtaíochta ar shábháilteacht bia. Seo a leanas na príomh-eagrais bainteach le ceisteanna Sábháilteachta Bia in Éirinn.

- Is gníomhaireacht reachtúil, neamhspleách, í **Údarás Sábháilteachta Bhia na hÉireann** (FSAI) atá bunaithe ar eolaíocht agus gafa le sláinte poiblí agus suimeanna tomhaltóra i sábháilteacht agus sláinteachas bia a chosaint
- Bunaíodh an **tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara** i 2007. Tá feidhmeanna aige maidir le reachtaíocht sábháilteacht bhia a chuir i bhfeidhm i leith éisc agus táirgí éisc.
- Bunaíodh **an Bord um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Bia**, ar a dtugtar Safefood anois air[9] i 1999 chun muinín a chothú agus a choimeád i soláthar an bhia ar oileán na hÉireann trí oibriú i gcomhar le daoine eile d'fhonn sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.
- Ag leibhéal an AE, is gníomhaireacht Eorpach neamhspleách í **Údarás Sábháilteachta Bhia na hEorpa (EFSA)** atá tiomanta muinín tomhaltóirí a fheabhsú trí chomhairle eolaíoch neamhspleách agus cumarsáid shoiléir a sholáthar ar na nithe uile a bhaineann le sábháilteacht bhia.

8. *Bord Bia PERIscope 2007*
9. *Safefood (ar a tugadh An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (ar a dtugtaí an FSPB tráth) Is í an aidhm atá le Safefood ná muinín a chothú agus a chothabháil sa soláthar bia ar oileán na hÉireann trí bheith ag obair i gcomhar le daoine eile chun sláinte an phobail a chosaint agus a fheabhsú.*

FORBAIRTÍ I 2007

- **Plean Rialúcháin Náisiúnta Ilbhhliantúil**
  Bhí an Roinn páirteach in ullmhú plean rialúcháin náisiúnta ilbhliantúil ar shábháilteacht bhia a chaithfidh Ballstáit a ullmhú agus a sheachadadh go dtí Údaráis an AE agus gach Ballstát eile.

- **Lipéadú**
  In Iúil 2006 tháinig 'Tír an Bhunúis' i bhfeidhm a chiallaigh go raibh gá le lipéadú ar mhairteoil ag leibhéal lónadóireachta. Go dtí sin ní raibh feidhm ag riachtanais lipéadú ach ag an leibhéal an miondíola. Tá Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann freagrach as feidhmiúcháin na bearta seo. Cuireadh rialacháin ag leathnú lipéadú tír an bhunúis go dtí feoil éanlaithe clóis, muiceoil agus caoireoil faoi bhráid an Coimisiún Eorpach dá fhormheas i 2007.

SLÁINTE AINMHITHE

Le sábháilteacht bhia ar intinn againn, tá roinnt mhaith scéimeanna náisiúnta i bhfeidhm chun aitheantas agus rianú ainmhithe/feoil a chinntiú. Tugann na córais seo dearbhuithe breise do thomhaltóirí maidir le sábháilteacht fheoil Éireannach agus baineann buntáistí leo i dtéarmaí galair a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. In Éirinn, is í an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia atá i gceannas ar bhearta rialaithe agus díothaithe d'Einceifileapaite Spúinseach Bhólachta, Eitinn Bhuaibheach agus Brúsalóis agus áirítear anseo meascán de thástáil, gnáth-chigireachtaí agus gnáth-imscrúduithe, tuairisciú éigeantach agus deonach agus cóid chleachtais.

Tá feabhas leanúnach i gcás galair ar an iomlán le blianta beaga anuas mar a léirítear i bhFigiúirí 6.8 go 6.10. Tá minicíocht an BSE tar éis titim go suntasach le blianta beaga anuas (Figiúr 6.8) rud a chinntíonn go raibh na bearta smachta a glacadh i lár na nóchaidí éifeachtach i nochtadh eallaigh a rugadh i ndiaidh an am sin a laghdú.

I 2007, bhí 27,703 imoibreoir Eitinne ann, figiúr a bhí 3,530 níos airde ná i 2006 (Figiúr 6.9). Ba ea €49 milliún an caiteachas iomlán ar chláir Eitinne agus Bhrúsalóise i 2007, 9.2% níos airde ná 2006. Bhí sé seo de bharr ardú i minicíocht an Eitinne.

Tá Éire saor ó bhrúsalóis i gcaoirigh agus i muca. In eallaigh tá minicíocht an Bhrúsalóis tar éis titim gach bliain ó 1998 i leith. Lean an claonadh seo i 2007 (Figiúr 6.10) agus tá brúsalóis ag leibhéal íseal go stairiúil faoi láthair. Ní raibh aon chás deimhnithe de bhrúsalóis in eallaigh in Éirinn i 2007 agus níor déanadh dídhaoiniú ar aon tréad mar thoradh ar bhrúsalóis.

I Samhain 2007 shínigh an Aire reachtaíocht nua a dhéanann uasghrádú ar reachtaíocht náisiúnta ar chógais tréidliachta, arna déanadh athbhreithniú forleathan i 2005 i ndiaidh athbhreithniú ag leibhéal an AE. Tugann an reachtaíocht seo atá suas chun dáta forbairtí ag leibhéal an AE san áireamh, ag cuir rialacha le haghaidh úsáid cógais tréidliachta ar fáil fad is atá siad ag soláthar cosaint le haghaidh cliaint agus tomhaltóirí.

Figiúr 6.8: Sonraí de Dhearbhuithe Bliantúla BSE



Foinse: RTIB

Figiúr 6.9: Staidreamh Eitinn Bó 2002-2007



Foinse: RTIB

Figiúr 6.10:
Staidrimh Dídhaonraithe Brúsalóise 1998-2007



Foinse: RBIT

Caibidil a Seacht
Polasaí Talmhaíochta AE agus Idirnáisiúnta

7.1 Léargas

1. An Roinn Airgeadais

Tá ról Éire laistigh de agus an caidrimh atá aici leis an AE tar éis athrú ó bhonn ón teacht isteach i 1973. Deachtaíonn an rath eacnamaíoch atá fianaithe ó lár na nóchaidí i leith agus an teacht isteach rathúil de gheilleagair atá ag teacht chun cinn, in iarthar na hEorpa ach go háirithe, go bhfabhróidh stádas na hÉireann i dtreo bheith mar ranníocóir glan don AE. Bhain Éire an-leas as bheith mar bhall den AE. Bhí admhálacha glan ón AE go Éire coibhéiseach le thart ar 3.1% de OTI sa tréimhse 1973-2007[1]. Réimnigh sé seo ó bhuaic de 6.2% den OTI i 1991 go 0.3% i 2007. Bhí an chuid is mó de na híocaíochtaí (thart ar 70%) le linn an tréimhse seo bainteach go díreach le talmhaíocht, agus bheadh an-chuid den maoiniú eile mar leas indíreach don earnáil talmhaíochta trí fhorbairt réigiúnach agus uirlisí maoinithe comhtháthaithe. Leanann táirgeoirí talmhaíochta Éireannacha de bheith ag réadú leasanna suntasacha ó Chomhbheartas Talmhaíochta an AE. Daingníonn leasú an CBT i 2003 creatlach le haghaidh forbairt agus tacaíocht don earnáil sa todhchaí. Déanann an chaibidil seo iarracht cainníochtú a dhéanamh ar na leasanna seo don earnáil trí mheastachán agus anailís a dhéanamh ar an buiséad glan agus éifeacht trádála páirtíocht na hÉireann san AE. Déantar anailís ar chomparáidí idirnáisiúnta de thacaíocht talmhaíochta agus imlínítear forbairtí polasaithe a tharla le déanaí ag leibhéil AE agus idirnáisiúnta.

7.2 Leasanna an CBT d'Éire

ÉIFEACHTAÍ TRÁDÁLA AGUS BUISÉID

An leas is soiléire díorthaithe ag Éire ón Comhbheartas Talmhaíochta ná aistrithe buiséid AE i bhfoirm íocaíochtaí díreacha, léirithe go tipiciúil ag an Íocaíocht Feirme Singil. An éabhlóid de threochtaí in íocaíochtaí iomlán FEOGA agus ranníocaíocht measta na hÉireann chuig na híocaíochtaí seo ó theacht isteach in san AE i 1973 mar atá imlínithe i Figiúr 7.1 thíos. Léiríonn an graf an tslí inar bhraith Éire eisíocaíochtaí glan suntasacha i dtéarmaí íocaíochtaí bainteach le CBT an AE.

Déantar tuilleadh scrúdú ar aistriú glan d'acmhainní, dár teideal an éifeacht buiséid ghlan (NBE) do 2006 agus 2007 i dTábla 7.1. I 2007, ba ea an aistriú glan go talmhaíocht Éireannach tríd bhuiséad an AE ná €1,064 milliún, méadú de 6.2% ar 2006. Bhí sé seo inchurtha go príomha i leith méadú i gcaiteachas ráthaíochta FEOGA.

Figiúr 7.1: Éifeacht Buiséid Ghlan ó CBT, 1973-2007



Foinse: RTIB agus an Roinn Airgeadais

Tábla 7.1 Éifeacht Buiséid Ghlan (€m), 2006-2007

	Caiteachas Ráthaíochta FEOGA €m	Fáltais Treoraithe FEOGA €m	Ranníocaíocht measta na hÉireann do FEOGA €m	Éifeacht Buiséid Ghlan €m
2006	1,723.2	41.4	761.9	1,002.8
2007*	1,803.0	44.7	783.0	1,064.7

** Meastachán 2007. Foinse: RBIT, An Roinn Airgeadais*

Gné eile de na leasanna a tháinig ó bhallraíocht Éirinn agus a rannpháirtíocht sa CBT ná go mbíonn praghsanna tráchtearraí talmhaíochta níos airde go ginearálta ar mhargaí AE ná mar atá siad ar mhargaí domhanda. Baineann Éireann leas as a bheith ag trádáil tráchtearraí talmhaíochta ag na praghsanna níos airde seo. Ríomhtar an bhearna phraghais, atá ann idir praghsanna Éireannacha agus praghsanna domhanda do gach tráchtearra, ó shonraí OECD do phraghsanna domhanda agus sonraí RBIT do phraghsanna intíre. Déantar an bhearna phraghais ábhartha do gach tráchtearra a chur leis an gcomhardú trádála idir Éirinn agus an chuid eile den AE do na tráchtearraí sin ag soláthar meastacháin den éifeacht trádála ghlan (NTE).

Meastar gurb fhiú €913.4 milliún an éifeacht trádála ghlan i 2007, laghdú 13% ar an €1,048.9 milliún measta i 2006. Chuir na méaduithe suntasacha i bpraghsanna domhanda ar earraí déiríochta i 2007 le laghdú san éifeacht trádála glan agus cé gur ardaigh praghsanna Éireannacha go suntasach chomh maith, níor ardaigh siad an méid céanna. Tá formhór de na tráchtearraí níos costasaí ar an mhargadh AE, go háirithe mairteoil agus caoireoil le difreálaigh de 44% agus 51% faoi seach. Mar Sin féin, bhí gránbharra agus cruithneacht níos costasaí ar an mhargadh domhanda i 2006, ach d'ardaigh praghsanna Éireannacha go suntasach i 2007 chun praghsanna domhanda a shárú.

Tábla 7.2 Éifeacht Trádála Ghlan do Thráchtearraí Roghnaithe 2006-2007

	2006			2007*		
	Trádáil Ghlan €m	Comhéifeacht na bearna praghais %	Éifeacht Trádála Ghlan €m	Trádála Ghlan €m	Comhéifeacht na bearna praghais %	Éifeacht Trádála Ghlan €m
Mairteoil	1,464.1	43.4%	635.7	1,464.0	44.1%	646.3
Eallach Beo	80.6	43.4%	35.0	94.1	44.1%	41.6
Caoireoil	180.4	50.7%	91.4	167.9	50.5%	84.8
Muiceoil	162.0	17.5%	28.4	144.1	30.5%	44.0
SMP	91.2	9.6%	8.7	180.3	-6.1%	-11.0
WMP	132.3	20.6%	27.2	139.9	4.2%	5.8
Im	325.4	41.4%	134.7	406.9	30.0%	122.0
Cáis	326.7	20.5%	67.0	317.7	-1.6%	-5.2
Cáiséin	211.1	1.0%	2.1	239.9	9.2%	22.1
Cruithneacht	-58.9	-17.7%	10.4	-80.1	25.4%	-20.3
Gráin Gharbha	-46.4	-17.7%	8.2	-65.7	25.4%	-16.7
Iomlán	**2,868.4**		**1,048.9**	**3,008.9**		**913.4**

**Is meastacháin sealadacha iad na figiúirí do 2007. Foinse: CSO, OECD, RTIB*

Tá na héifeachtaí trádála agus buiséid do 2006 agus 2007 le chéile imlínithe i dTábla 7.3. Bhí laghdú beag ar na héifeachtaí trádála agus buiséid le chéile i 2007 (-3.5%) agus b'fhiú €1.98 billiún iad.

Tábla 7.3 Éifeacht Bhuiséid agus Trádála le Chéile 2006-2007		
	2006 €m	2007* €m
Éifeacht Buiséid Ghlan	1002.8	1064.7
Éifeacht Trádála	1048.9	913.4
Éifeacht Bhuiséid agus Trádála	**2051.7**	**1978.1**

*Foinse: RTIB, CSO, OECD. *Meastacháin sealadacha.*

7.3 Comparáidí idirnáisiúnta DE tHacaíocht talamhaíochta

2. Buiséad ginearálta an Aontas Eorpaigh don bhliain airgeadais 2008, Coimisiúin an AE.

TACAÍOCHT TALMHAÍOCHTA I MBUISÉAD AN AE

Rinne Buiséad an AE do 2007 tiomantais iomlána i leith íocaíochtaí de níos mó ná €113 billiún. Bhí thart ar 47% den gcaiteachas seo bainteach le gníomhaíochtaí talmhaíochta agus forbartha tuaithe Táthar ag súil go leanfaidh an leibhéal caiteachais foriomlán atá bainteach le talmhaíocht seasmhach i 2008, cé go leanfaidh ath-treoshuíomh caiteachais i dtreo bearta forbartha tuaithe le méadú 4.5% i gcaiteachas réamh-mheasta san earnáil seo ag leibhéal AE, áfach, agus laghdú 3.3% i gcaiteachas bainteach le margaidh talmhaíochta agus cabhair dhíreach[2].

COMPARÁIDÍ IDIRNÁISIÚNTA DE THACAÍOCHT TALMHAÍOCHTA

Chun comparáidí tras-tíortha a éascú ag leibhéal na tacaíochta atá ar fáil don earnáil talmhaíochta, rinne an Eagraíocht do Chomhoibriú Geilleagrach agus Fhorbairt (OECD) (ó 1986 i leith) tomhas ar luach na n-aistrithe comhláin ó thomhaltóirí agus ó cháiníocóirí chun tacaíocht a thabhairt do tháirgeoirí talmhaíochta i bhfoirm meastacháin tacaíochta táirgeora (PSE) agus meastacháin tacaíochta tomhaltóra (MTT). Chun comparáid a cheadú thar na critéir dhifriúla, léirítear tacaíocht i dtéarmaí airgeadais agus mar chéatadán d'fháltais fheirme chomhlána.

Tá an PSE mar tháscaire de luach airgid bhliantúil na n-aistrithe comhláin ó thomhaltóirí agus cáiníocóirí go táirgeoirí, tomhaiste ag leibhéal geata na feirme, ag teacht ó bhearta polasaí a thacaíonn le talmhaíocht.

Léiríonn díriú ar an PSE (Tábla 7.4) stádas an AE mar an tacaí is mó do thalmhaíocht i dtéarmaí caiteachais iomláin. I 2006 ba é €110,258 milliún luach an PSE san AE, níos mó ná leath iomlán an OECD. Mar sin féin, tá Meastachán Tacaíochta Táirgeora níos airde ag roinnt mhaith tíortha cosúil leis An Eilvéis, An Chóiré agus An tSeapáin nuair a áirítear mar % d'fháltais fheirme chomhlána iad. Tá leibhéil Meastacháin Tacaíochta Táirgeora an-íseal ag An Nua Shéalainn agus An Astráil, áit nach bhfuil cabhair dhíreach i bhfoirm tacaíocht talmhaíochta i stíl CBT mar chuid den mbeartas.

Tábla 7.4 Meastachán Tacaíochta Táirgeora do 1986-1988, 2004-2006 & 2006

	Meán 1986-88		Meán 2004-2006		2006	
	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme	€m	% de Fháltais Fheirme
An Astráil	1,088	8	1,039	5	1,100	6
Ceanada	5,564	36	5,293	22	6,018	23
AE*	91,530	41	112,787	34	110,258	32
An tSeapáin	44,966	64	35,865	55	32,487	53
An Chóiré	10,837	70	18,717	63	20,301	63
Nua Shéalainn	414	10	88	1	70	1
An Eilvéis	4,879	77	4,388	66	3,992	63
SA	33,643	22	30,612	14	23,406	11
OECD	**219,894**	**38**	**225,027**	**29**	**213,985**	**27**

**AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004*

Foinse: OECD, Polasaithe Talmhaíochta i dTíortha OECD, Monatóireacht agus Luacháil 2007.

Léiríonn an Meastachán Tacaíochta Tomhaltóra (MTT) luach na n-aistrithe airgeadais comhlána ó thomhaltóirí do tháirgeoirí de thráchtearraí talmhaíochta, tomhaiste ag leibhéal geata na feirme, ag teacht ó bhearta polasaí a thugann tacaíocht do thalmhaíocht. Tá sé curtha síos i dtéarmaí airgeadais agus mar chéatadán de chaiteachas tomhaltóra ar tháirgeacht táirgthe intíre. Tomhasann sé an tslí atá an praghas intíre boilscithe ag polasaí talmhaíochta (féach Tábla 7.5).

Ag fanacht leis an claonadh ó 1986 i leith, tá an ráta caiteachais CSE is airde ag An Seapáin agus an AE. I dtéarmaí % CSE, tá an % CSE is airde ag An Eilvéis, An Chóiré agus An tSeapáin fad is atá an % is ísle ag An Astráil, na SA agus An Nua Shéalainn. Is fiú a nótáil gur thit % de thacaíocht CSE soláthartha ag an AE go suntasach ó 1986 go dtí a leibhéal de 16% i 2006.

Tábla 7.5 Meastachán Tacaíochta Tomhaltóra do 1986-1988, 2004-2006 & 2006

	1986-88		Meán 2004-2006		2006	
	€m	% de Chaiteachas Tomhaltóra ar Bhia Táirgthe sa Bhaile	€m	% de Chaiteachas Tomhaltóra ar Bhia Táirgthe sa Bhaile	€m	% de Chaiteachas Tomhaltóra ar Bhia Táirgthe sa Bhaile
An Astráil	320	8	134	2	134	2
Ceanada	2605	25	2421	15	2983	17
AE*	68,287	37	46,871	17	43,479	16
An tSeapáin	55,322	62	42,082	48	38,268	46
An Chóiré	10,582	66	20,821	59	23,832	61
Nua Shéalainn	57	7	40	2	26	2
An Eilvéis	4,468	73	2,867	52	2,471	47
SA	2,782	3	15,689	15	20,683	13
OECD	**146,042**	**30**	**109,183**	**17**	**99,339**	**15**

**AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004*

Foinse: OECD, Polasaithe Talmhaíochta i dTíortha OECD, Monatóireacht agus Luacháil 2007.

Ríomhann an meastachán tacaíochta iomlán (TSE) luach airgeadais na n-aistrithe comhlána uile ó cháiníocóirí agus ó thomhaltóirí ag teacht ó bhearta polasaí a thacaíonn le talmhaíocht (féach ar Thábla 7.6). Tomhasann an % MTI na haistrithe iomlána ó pholasaí talmhaíochta mar chétadán den OTI (féach Tábla 7.6).

Tá an caiteachas TSE is airde ag an AE agus na SA, ag €125,027 agus €77,400 milliún faoi seach. I dtéarmaí % den OTI, tá an TSE is airde ag An Chóiré (3.3%) agus ag An Eilvéis (1.5%). Tá an % TSE atá soláthartha ag an AE tar éis titim ón meán de 2.7% de OTI sa tréimhse 1986-88 go meán de 1.2% sa tréimhse is déanaí ó 2004-06.

Tábla 7.6 Meastachán Tacaíochta Iomlán do 1986-1988, 2004-2006 & 2006

	Meán 1986-88		Meán 2004-2006		2006	
	€m	% of OTI	€m	% of OTI	€m	% of OTI
An Astráil	1,329	0.7%	1,278	0.2%	1,340	0.2%
Ceanada	6,922	1.8%	7,194	0.8%	8,079	0.8%
AE*	104,804	2.7%	127,798	1.2%	125,027	1.1%
An tSeapáin	52,758	2.4%	43,487	1.2%	39,056	1.1%
An Chóiré	11,857	9.0%	21,319	3.4%	23,234	3.3%
Nua Shéalainn	522	1.6%	217	0.3%	207	0.3%
An Eilvéis	5,902	3.9%	4,804	1.6%	4,384	1.5%
SA	58,569	1.3%	81,513	0.8%	77,400	0.7%
OECD	**271,366**	**2.5%**	**305,730**	**1.1%**	**297,257**	**1.0%**

**AE-12 i 1986-88, AE-15 go dtí 2003 agus AE-25 ó 2004*

Foinse: OECD, Polasaithe Talmhaíochta i dTíortha OECD, Meastachán agus Luacháil 2007.

7.4 Forbairtí agus Forbhreathnú Polasaithe Talmhaíochta AE agus Idirnáisiúnta

LEASÚ CBT

Lean an próiseas leanúnach d'athbhreithniú agus leasú ar an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) i rith 2007. Baineadh amach comhaontas deiridh ar leasú san earnáil torthaí agus glasraí ag Comhairle na nAirí Talmhaíochta i Meán Fómhair. Tháinig ar chomhaontas polaitiúil ar leasú ar an earnáil fhíona ag an Chomhairle i mí na Nollag. Críochnaíonn sé seo nuachóiriú ar Eagrú Coitianta an Mhargaidh do gach táirge talmhaíochta, atá ag dul ar aghaidh ó Athbhreithniú Meán-Téarmach 2003 i leith.

SIMPLIÚ AR AN CBT

Rinneadh dul chun cinn ar chlár oibre simplithe an CBT chomh maith le linn 2007 le cruthú Eagrú Coitianta an Mhargaidh (ECM) aonair ag tógáil 21 ECM le chéile. Bhí simpliú ar an córas traschomhlíonadh ard ar an gclár oibre chomh maith le Conclúidí an Chomhairle á uchtú i Meitheamh agus aontú polaitiúil ag an Chomhairle i mí na Nollag. Déanann na rialacha simplithe nua foráil le haghaidh athsholáthar den riail um choinneáil talún le haghaidh 10 mhí do chúnamh CBT le dáta aonair, lascaineofar fíneálacha de níos lú ná €100 agus tá foráil ann le haghaidh breis lamháltais le haghaidh mion sáruithe. Déanfar scrúdú ar smaointe simplithe eile i gcomhthéacs "Scrúdú Sláine" an CBT i rith 2008.

SCRÚDÚ SLÁINTE AN CBT

Rinneadh cónaisc go "Scrúdú Sláinte" foriomlán an CBT ar athbhreithnithe pleanáilte ar chuótaí bainne agus ar chur i ngníomh Scéim na hAoníocaíochta dlite i 2008 Foilsíodh Cumarsáid ón gCoimisiún ar ullmhú don Scrúdú Sláinte ar an 20 Samhain 2007 agus cuireadh i láthair é do chruinniú Comhairle na nAirí Talmhaíochta na Samhna. Chomh maith le féachaint ar na hathbhreithnithe atá luaite thuas, féachann sé chomh maith ar bhainistíocht margaidh agus ardaítear ceisteanna maidir leis an méid a ghlaoitear "dúshláin nua" orthu atá ag tabhairt aghaidh ar an CBT.

Tá trí phríomh-eilimint ag baint le Cumarsáid an Choimisiúin:

- Athbhreithniú ar chur i ngníomh agus simpliú ar Scéim na hAoníocaíochta;
- Athbhreithniú ar bhearta bainistíochta margaigh, ina n-áirítear cuótaí bainne, agus é ar intinn treoshuíomh margaigh a fheabhsú;
- Freagra ar na dúshláin nua cosúil le bainistíocht riosca, athrú aeráide, bith-fhuinneamh agus neartú ar Philéar 2 den CBT (i. forbairt tuaithe)

Bhunaigh an Aire dhá Choiste Comhairleach, déanta suas de na príomh-gheall shealbhóirí tionscail agus feirmeoireachta agus saineolaithe neamhspleácha chun comhairle a thabhairt ar gach gné den Scrúdú Sláinte agus ar thodhchaí fadtéarmach cuótaí bainne.

ATHBHREITHNIÚ AR RIALACHA CÚNAIMH STÁIT

I 2007, déanadh athbhreithniú ar an Rialú a dhéanann bainistíocht ar mhéid "de minimis" de chúnamh Stáit don earnáil talmhaíochta. Meastar go bhfuil cúnamh de minimis chomh beag sin nach bhfuil aon éifeacht mhór aige ar chomórtas nó trádáil agus mar sin go bhfuil sé saor ón gcosc ginearálta ar chúnamh Stáit in Airteagal 87 de Chonradh na Róimhe. An moladh a bhí ag an Coimisiún ar dtús ná na huasteorainneacha aonair agus náisiúnta atá ann faoi láthair a dhúbailt do chúnamh de minimis san earnáil talmhaíochta go €6,000 in aghaidh an tairbhí aonair thar aon tréimhse trí bliana faoi réir uasteorainn náisiúnta a léiríonn 0.6% de aschur bliantúil san earnáil talmhaíochta. I ndiaidh léiriúcháin ó roinnt mhaith Ballstát, Éire san áireamh, ardaíodh na tairseacha go €7,500 in aghaidh an tairbhí aonair agus 0.75% de aschur bliantúil san earnáil talmhaíochta (€40.283 milliún i gcás na hÉireann). Is ón 1 Eanáir 2008 atá na socruithe athbhreithnithe i bhfeidhm cé go bhféadfadh tréimhse trí bliana le haghaidh uasteorainneacha a áireamh a bheith i bhfeidhm go cúlghabhálach.

AN EAGRAÍOCHT TRÁDÁLA DOMHANDA (WTO)

Chuir Príomhstiúrthóir an WTO, Pascal Lamy, na hidirbheartaíochta ar chríochnú babhta idirbheartaíochta Fhorbairt Doha ar fionraí in Iúil 2006 toisc nár bhaineadar amach aon cheannród maidir le módúlachtaí mionsonraithe an aontaithe. Rinne ceithre phríomhpháirtnéirí trádála, arna dtugtar an G4 (AE, SA, An Bhrasaíl agus An India) tuilleadh iarrachtaí i Meitheamh 2007 i Potsdam comhaontú a shroicheadh ach theip ar na hidirbheartaíochta seo chomh maith.

I ndiaidh Potsdam, d'fhill na hidirbheartaíochta go Geneva agus táthar bunaithe ar shraith téacsanna atá curtha i láthair ag Cathaoirligh na Coistí idirbheartaíochta WTO éagsúla ó shin i leith. Tá an babhta tar éis dul isteach is bpas dian eile le eisiúint páipéir athbhreithnithe ó Chathaoirligh rochtain mhargaigh (NAMA) Talmhaíochta agus neamh-Thalmhaíochta ar an 8 Feabhra 2008.

Molann tacadóirí an phróiseas reatha má shroichtear comhaontú ar na módúlachtaí Talmhaíochta agus NAMA ag an stad seo gurb é an ionchas a bheadh ann ná go gcríochnófaí réimsí eile idirbheartaíochta, sa tréimhse atá riachtanach chun sceidil WTO mionsonraithe a tháirgeadh, ionas go mbeadh comhaontú foriomlán in áit faoi dheireadh 2008. Tá an-díomá ar an-chuid tíortha leis an cur chuige céimnithe seo, áfach.

Sa bhreis ar an líon mór ceisteanna deacra thar speictream leathan réimsí idirbheartaíochta nach bhfuil réitithe, beidh ról tábhachtach ag an neamhchinnteacht i staid polaitíochta na SA maidir le féachaint an féidir an amchlár molta chun comhaontú deiridh a shroicheadh a bhaint amach.

Fanann cuspóirí na hÉireann maidir leis na hidirbheartaithe gan athrú. Is féidir le Éire an-tairbhe a bhaint as córas trádála domhanda dea-ordaithe bunaithe ar rialacha agus tiomanta deireadh rathúil a fháil ar an mBabhta. An príomh chuspóir atá againn ná go leanfadh an próiseas léirscaoileadh trádála i mbealadh cothrom agus comhardaithe agus cinntiú nach mbainfear an bhonn as leanúint an earnáil talmhaíochta inmharthana agus inbhuanaithe san AE agus in Éirinn.

Mhol Éire go comhsheasmhach agus go leanúnach gur cheart d'aon chomhaontú molta a bheith cothrom, a bheith i líne go hiomlán leis an sainordú a thug an Chomhairle don Coimisiún agus, chomh fada is atá talmhaíocht i gceist, go gcomhdhéanann an leasú CBT 2003 suas teorainn idirbheartaíochta mionteagaisc an Choimisiún.

EAGRAÍOCHT BIA AGUS TALMHAÍOCHTA (EBT)

Is í an RTIB an phríomh-Roinn bainteach leis an EBT agus íocann sí príomh-suibscríbhinn bliantúil na hÉireann don Eagraíocht (€1.1m i 2007). Tá an RTIB tiomanta an EBT a athchóiriú, rud atá rí-thábhachtach chun éifeachtacht agus socruithe feidhme sa réimse a fheabhsú. Cé gur baineadh amach éachtaí le déanaí i rialú an EBT níl aon dabht ann ach go bhfuil scóip ann le haghaidh tuilleadh feabhsuithe. I 2004 aontaíodh Measúnacht Seachtrach Neamhspleách (IEE) uileghabhálach a chomhlíonadh ag cur síos ar obair na heagraíochta. An aidhm a bhí leis seo ná buntáistí comparáideacha an EBT agus na réimsí oibre ar cheart dóibh díriú orthu a aithint go soiléir. Comhlíonadh an tuarascáil dheireanach i 2007 agus tá an bhallraíocht ag breathnú ar seo faoi láthair. Déanann an tuarascáil cur síos ar na codanna tábhachtacha agus na codanna atá curtha i bhfeidhm i gceart i shainordú an EBT ach bhíodar criticiúil faoi roinnt mhaith gnéithe. Déantar nóta gur cheart den EBT cur chuige níos straitéisí a thógáil, le socruithe tosaíochta níos fearr agus moltar roinnt athruithe i rialú agus i gcultúr chomh maith. Bunaíodh grúpa le plean gnímh a dhréachtú chun an próiseas aontaithe a leagan amach agus chun Comhdháil speisialta a chur ar bun i Samhain 2008 chun mionsonraí na leasaithe a aontú.

ATHRÚ AERÁIDE AGUS BITHBHREOSLAÍ

Cónaíonn triúr as gach ceathrar de na daoine is boichte ar domhan i gceantair tuaithe i dtíortha atá ag forbairt agus iad ag tabhairt aghaidh ar rioscaí láithreacha ó theip ar bharraí agus beostoic a chailleadh. Tá níos mó ná 1.5 billiún duine, i measc na daoine is boichte ar domhan, atá ag braith ar fhoraoiseacha i mbaol chomh maith, mar atá an 200 milliún duine atá ag braith ar iascaireacht.

Tá athrú aeráide domhanda ina fhadhb mhór do dhaoine bochta a bhfuil a gcuid slí bheatha ag braith go díreach ar thalmhaíocht, foraoiseacht agus úsáidí acmhainní nádúrtha eile. Ní féidir meas faoina luach a thabhairt do éifeachtacht infhaighteacht bhia. Táthar ag réamh-mheasadh go bhféadfadh imeachtaí aimsire foircneacha méadaitheacha suas go 20% de na fómhair a scriosadh. Tá na Náisiúin Aontaithe tar éis tosú ar anailís a dhéanamh ar na comhnaisc idir fuinneamh agus talmhaíocht agus na héifeachtaí atá ag éileamh méadaitheach ar bhithbhreosla ar an domhan forbraíochta. Tá bithfhuinneamh agus bithbhreoslaí mar ábhair spéise méadaitheach do luchtanna poiblí agus príobháideacha ag am ina bhfuil éileamh ar fhuinneamh domhanda ag fás go gasta agus go bhfuil praghsanna arda ar ola. I measc imní faoi athrú aeráide, tá níos mó airde á thabhairt orthu mar rogha 'níos glaine' ná breoslaí iontaise.

Beidh an EBT ag óstáil Comhdháil ar Shlándáil Bia Domhanda agus na Dúshláin a Bhaineann le Athrú Aeráide agus Bithfhuinneamh i Meitheamh 2008. Beidh an díriú ar an tslí inar féidir le talmhaíocht leanúint de bheith ag táirgeadh go leor bia don daonra domhanda atá ag fás, agus do na boicht agus dóibh siúd i mbaol i gcoinníollacha athraithe aeráide. Tabharfaidh an Chomhdháil aghaidh ar dhúshláin ar leith ón aeráid agus bithfhuinneamh le haghaidh na hearnálacha bia, talmhaíochta, foraoiseacha agus iascaireachta.

BLIAIN IDIRNÁISIÚNTA NA BPRÁTAÍ (IYP)

Is í an EBT an phríomh-ghníomhaireacht sna Náisiúin Aontaithe a chuireann Bliain Idirnáisiúnta na bPrátaí i bhfeidhm. Lorg an EBT tacaíocht ó Éire agus chuir an RTIB €315,062 ar fáil i maoiniú sa bhliain 2007. Féachann Éire ar cheiliúradh Bliain Idirnáisiúnta na bPrátaí mar dheis deonachán a dhéanamh i dtreo buaileadh le Spriocanna Forbartha na Mílaoise trí dhíriú ar an bpráta agus an ról tábhachtach is féidir a bheith ag talmhaíocht le cothú a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do shlándáil bia. . Déanfaidh Iarsmalann an Ghorta i gCaisleán Johnstown óstáil ar thaispeántas prátaí ón Ionad Prátaí Idirnáisiúnta (CIP) i bPeiriú i rith mí Iúil. Beidh an taispeántas á chur i láthair i roinnt mhaith tíortha i rith 2008.

RANNPHÁIRTÍOCHT NA HÉIREANN IN ÉADAINGNE BHIA A LAGHDÚ

Tagann an ranníocaíocht Éireannach i dtreo an troid in aghaidh ocras, bochtanas agus tearcfhorbairt tríd an clár Cúnaimh Fhorbartha Oifigiúil (CFO) don chuid is mó, a théann tríd Cúnamh Éireann laistigh den Roinn Gnóthaí Eachtracha. Sa chlár seo tá cúnamh déthaobhach le tíortha roghnaithe san Afraic agus san Áis san áireamh, tacaíocht leathan do ghníomhaíochta Eagraíochtaí Neamhrialtasacha (NGO) agus cúnamh airgeadais d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do ghníomhaireachtaí na NA. Tagann timpeall 80% den mhaoiniú seo ó Irish Aid, ach tá Ranna eile bainteach le CFO a sholáthar chomh maith. Glacann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia páirt ghníomhach trí bheith ina bhall agus tacaíocht airgeadais a thabhairt do dhá ghníomhaireacht UN, agus i 2007 bhí na ranníocaíochtaí iomlána go dtí an EBT agus an Clár Bia Domhanda (CBD) thar €12 milliún.

Bhí CFO iomlán na hÉireann do 2007 timpeall ar €830 milliún agus táthar ag súil go méadóidh sé seo go dtí €914 milliún i 2008. Bhain Éire amach a oibleagáid 0.5% den OTG a shroicheadh agus déanfar an rud céanna do 2008. Sroichfear sprioc an UN de 0.7% OTG ar CFO anois i 2012, trí bliana roimh dháta aontaithe an AE.

TASCFHÓRSA AR OCRAS

An aidhm atá ag an Tascfhórsa ar Ocras, a bhí á lorg sa Pháipéar Bán ar Chúnamh Éireannach, ná ranníocaíochtaí breise, oiriúnacha agus éifeachtacha a aithint ar féidir le Éire a dhéanamh go iarrachtaí idirnáisiúnta chun an t-ocras a laghdú agus cur leis an chéad Sprioc Forbartha na Mílaoise a bhaint amach, sin bochtanas agus ocras a laghdú go mór faoi cheann 2015. Tá tuairisc an Tascfhórsa ar Ocras le foilsiú go déanach i 2008.

Caibidil a hOcht
Comhthéacs Náisiúnta

8.1 Léargas

Tugann an chaibidil seo léiriú ar fhorbairtí nua i bpolasaí náisiúnta a mbíonn tionchar acu ar an earnáil agraibhia. Cuirtear tacaíocht suntasach ar fáil do thalmhaíocht faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013, a ionchorpraíonn an Clár Forbartha Tuaithe 2007-2013. Seachadann na cláir seo ar na tiomantais a tugadh in I dTreo 2016 agus an Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015. Imlínítear na forálacha meastachán agus an staid cánach chomh maith. Ina theannta sin, cuireann an chaibidil achoimre ar fáil de na príomh-thorthaí ó staidéar a rinneadh le déanaí maidir le ranníocaíocht talmhaíochta na hÉireann don gheilleagar náisiúnta.

8.2 Plean Forbartha Náisiúnta

Déanann an Plean Forbartha Náisiúnta nua (PFN) 2007-2013 foráil do chaiteachas poiblí iomlán de €9.2 billiún do na hearnálacha agraibhia agus iascaigh. Tugann sé aghaidh ar na saincheisteanna agus moltaí sainiúla atá sa Phlean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015 agus I dTreo 2016. I dteannta le clár forbartha tuaithe a chuimsiú – atá sainmhínithe ar leith sa chéad chuid eile thíos – cuireann sé tacaíocht ar fáil do réimsí eile ar nós taighde agraibhia agus an tionscal bia.

Tá dáileadh €641 milliún ann do thaighde agraibhia. Cuirfidh sé seo tacaíocht eolaíoch ar fáil le haghaidh earnáil talmhaíochta, bia agus foraoiseachta nua-aimseartha, nuálaíocht agus atá eolas-thiomáinte. Tá príomh-mhaoiniú Teagasc d'obair thaighde san áireamh sa mhaoiniú taighde. Déanfaidh Teagasc infheistiú in áiseanna nua, lena n-áirítear leathnú a chuid acmhainní go dtí na heolaíochtaí bitheacha nua agus i bhforbairt na lárionad barrfheabhais. Leanfaidh an Roinn uirthi ag feidhmiú a cláir taighde iomaíocha sa talmhaíocht, bia agus foraoiseacht inmharthana, lena n-áirítear forbairt na mbarr neamhbhia ar nós bithbhreoslaí. Cuireann na cláir seo maoiniú ar fáil ar bhonn iomaíoch do thaighdeoirí i dTeagasc, na hOllscoileanna agus na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus feidhmeofar iad i tslí soiléir le cláir cheangailte i Ranna eile.

Tagann iomlán na bhfo-chlár bia den PFN go dtí €289 milliún. Baineann sé seo go sonrúil le hinfheistíocht chaipitil agus margaíocht. Tá san áireamh sa chlúdach infheistíochta caipitil, croí-chiste de €100 milliún chun infheistíocht san earnáil déiríochta a thacú agus ciste comhchosúil €50 milliún do na hearnálacha mairteola agus caoireola. Tá san áireamh sa chlúdach margaíochta, maoiniú don Bhord Bia le haghaidh cur chun tosaigh aicmeach, tacaí margaidh, agus cur chun tosaigh caighdeáin agus deimhniú caighdeáin.. Tá san áireamh ann chomh maith €4 milliún sa bhliain le haghaidh tionscnamh ithe sláintiúil ag úsáid an múnla rathúil Food Dude. Bainfidh an tionscail bia leas suntasach as an infheistíocht mór in iompar agus bonneagar atá curtha ar fáil sa Phlean.

Tá tacaíocht le haghaidh réimsí eile nach bhfuil clúdaithe ag an gclár forbartha tuaithe – bainistíocht dramhaíola feirme, comhairle, cáilíocht agus scéimeanna traenála/oideachais eachaí san áireamh sa PFN chomh maith.

CLÁR FORBARTHA TUAITHE 2007-2013

Tá an clár forbartha tuaithe (RDP) cuimsithe laistigh den PFN. Formheasadh an RDP ag an gCoimisiún AE in Iúil 2007. Tá sé teoranta do na bearta agraibhia agus na bearta eacnamaíocha tuaithe níos leithne atá comhaoinithe ag an AE. Tugann na bearta san RDP aghaidh ar thrí thosaíochtaí – iomaíochas, an comhshaol agus an geilleagar tuaithe níos leithne. Baineann an chéad dá cheann don earnáil talmhaíochta.

I gcás an iomaíochais, is é €580 milliún an caiteachas poiblí táscach. Is iad seo a leanas na gnéithe:

- Tacaíocht mhéadaithe do athstruchtúrú – tá uas-phinsean luathscoir nua ann de €15,000 agus tá cúnamh suiteála socraithe ag an leibhéal seo chomh maith (méadú 55%).
- Tacaíocht leanúnach agus feabhasaithe d'infheistíocht ar fheirm – clúdaíonn na fo-bhearta ábhartha beostoc agus táirgeacht na mbarr araon.
- Béim ar oiliúint le forálacha oiliúna Teagasc ag cruthú cuid ríthábhachtach den chlár.

Aithníonn tosaíocht chomhshaoil an chláir, dea-ghné poiblí na talmhaíochta agus an gá le cinntiú go bhforbraíonn an earnáil agraibhia i tslí inmharthana. Is é €5.966 billiún an caiteachas poiblí iomlán a samhlaítear faoin tosaíocht seo. Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha:

- Beagnach €3 billiún don Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe (SCCT) agus beart ábhartha darb ainm Natura 2000. Le meadú 17% sna meán rátaí agus le tuilleadh roghanna, tá an bhéim faoin SCCT ar fheabhas a chur ar an timpeallach in ionad í a chaomhnú amháin.
- Méadú 8% i rátaí íocaíochta faoi scéim liúntas cúiteacha d'fheirmeoirí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Baineann níos mó ná 100,000 feirmeoir tairbhe as an scéim seo atá tábhachtach d'ábhar eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallacha na gceantar.

Ar an iomlán, is ionann iomlán na n-eilimintí talmhaíochta den chlár forbartha tuaithe agus timpeall €5.35 billiún. Leis an AE ag tabhairt €2.1 billiún, léiríonn an iarmhéid méadú suntasach ar an maoiniú Státchiste a cuireadh ar fáil i 2000-2006.

8.3 I dTreo 2016

Chuir na forálacha talmhaíochta den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta, I dTreo 2016, leis an gClár Forbartha Tuaithe seacht mbliana agus leis an bPlean Forbartha Náisiúnta chomh maith. Mar atá imlínithe thuas, clúdaíonn siad raon leathan bearta ata dírithe i dtreo tacaíocht a thabhairt d'iomaíochas, don tionscal bia, an geilleagar tuaithe, taighde agraibhia agus an comhshaol. Rinneadh dul chun cinn mór agus forálacha comhshaoil de chuid I dTreo 2016 á chur i bhfeidhm agus measta go raibh níos mó ná 70% dóibh, faoi mí na Nollag 2007, curtha i bhfeidhm nó á fhorfheidhmiú ar bhonn leanúnach.

8.4 Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015

Is é an Plean Gníomhaíochta Agrai-Físe 2015, a foilsíodh i Márta 2006, an treoirphlean d'fhorbairt na hearnála agraibhia. Tá trí thiománaithe aibhsithe aige –iomaíochas, nuálaíocht agus béim ar thomhaltóirí- mar réamh-riachtanais chun ár rath eacnamaíoch a chothabháil sna margaí bia domhanda ard-luach atá fíor iomaíoch.

Bhí roinnt mhaith de na gníomhaíochtaí a moladh laistigh de shainchúram na Roinne agus faoi dheireadh 2007, bhí níos mó ná 75% de na 167 bearta curtha i bhfeidhm.

8.5 Meastacháin 2008

Rinneadh forálacha de níos mó ná €1.9 billiún ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia i 2008. Ba iad seo a leanas na tosaíochtaí don mhaoiniú:

- Thar €1 billiún do bhearta atá leagtha amach sa phlean forbartha tuaithe, lena n-áirítear €370 milliún don scéim um chosaint na timpeallachta tuaithe, €257 milliún do Scéim na Liúntas Cúiteacha i gCeantair atá faoi Mhíbhuntáiste agus €66 milliún do scéimeanna Luathscoir agus Cúnaimh Suiteála.
- €238 milliún d'infheistíocht chaipitil torthúil, lena n-áirítear scéimeanna infheistíochta ar fheirm chomh maith le deontais phróiseála margaíochta do na hearnálacha déiríochta, mairteola agus caoireola.
- €131 milliún chun infheistíocht sa choillteoireacht agus i mbairr bith bhithfhuinnimh a spreagadh.
- €175 milliún chun taighde agus nuálaíochtaí a spreagadh trí chláir taighde éagsúla agus trí deontas i gcabhair do Teagasc (€133 milliún).
- €186 milliún i dtreo sábháilteacht bhia, sláinte agus leas na n-ainmhithe agus sláinte na bplandaí.
- €27.5 milliún do mhargaíocht agus cuir chun cinn s.rl. de chuid An Bord Bia.

- €49 milliún do Bord Iascaigh Mhara (BIM), le béim ar an márgaíocht agus an clár um dhíchoimisiúnú soithí nua.
- €32 milliún do Fhoras na Mara.
- €26.3 d'infheistíocht chaipitil i dtionscadail próiseála éisc agus cultúir uisce agus forbairt bhonneagar na gcalaí iascaigh.
- €14 milliún don Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara.

I dteannta an méid atá thuas, caithfidh an Roinn timpeall €1.4 billiún i maoiniú AE, go príomha i bhfoirm íocaíochtaí AE díreacha.

8.6 Buiséad agus Cánachas

Tá roinnt forálacha san Acht Airgeadais 2008 atá dírithe ar an tionscal feirme, iascaigh agus bia. Áiríonn siad seo:

- Tréimhse cúig bliana do chomhpháirtíocht feirme teaghlaigh d'fhonn an staid aimhrialta a réiteach áit ar féidir dliteanais CGC móra teacht chun cinn nuair a thiteann comhpháirtíochtaí feirme as a chéile.
- Baineadh an riail aisghlámtha um meánú ioncaim le haghaidh feirmeoirí a bhí ag dul isteach i gcomhpháirtíochtaí táirgthe bainne.
- Foráil chun ligean don eilimint éagsúlaithe den chiste cúitimh shiúcra le bheith scaipthe thar sé bliana ar chúiseanna cánach ioncaim.
- Roinnt forálacha cánach chun feabhas a chur ar ghlacadh na scéime um dhíchoimisiúnú soithí nua. Mar shampla, laghdaíodh an aois cháilithe d'fhaoiseamh scoir CGC d'úinéirí soithí ó 55 bliain go 45 bliain, agus laghdaíodh an tréimhse úinéireachta agus úsáide éilithe na sócmhainne ó 10 mbliana go 6 bliana. Chomh maith leis sin, is féidir aon mhuirir chothroime (maidir le cáin ioncam) a scaipeadh anois thar 5 bliana dar tús sa bhliain ina bhfaightear an íocaíocht.

Chomh maith leis sin, i 2007 leathnaigh an faoiseamh dleachta stampála ó chomhdhlúthú feirm go cásanna nuair nach bhfuil ach feirmeoir amháin á dhéanamh comhdhlúthú ar a ghabháltais. Ligeann an faoiseamh d'fheirmeoirí atá ag comhdhlúthú feirm atá ann cheana trí ceannachán nó díolachán beart talún chun faoiseamh dleachta stampála a fháil don talamh a ceannaíodh. Baineann an faoiseamh le hidirbhirt a tharlaíonn laistigh de 18 mhí dá chéile agus laistigh den tréimhse dar tús 1 Iúil 2007 agus á gcríochnú 30 Meitheamh 2009.

TORADH AR CHÁIN IONCAIM Ó FHEIRMEOIRÍ

Tá thart ar 101,200 feirmeoir ar thaifeadh leis na Coimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear beagnach 13,600 feirmeoir a dhéantar measúnú orthu go rialta. Léiríonn na meastacháin sealadacha gur íocadh timpeall €173 milliún i gcáin ar bhrabúis fheirme sa bhliain 2007.

Tábla 8.1 Cáin Ioncaim agus ÁSPC na bhFeirmeoirí (€m), 2004-2007

Bliain	Cáin (€m)	ÍMAT ar Ioncam Eile Tuillte (€m)	ÁSPC (€m)	Iomlán (€m)
2004	124*	232	30	386
2005	130*	319	29	478
2006	156*	n/b	39	n/b
2007	173*	n/b	43	n/b

**Áirítear gabháil ó fhiosrúcháin speisialta leis*
Aithnítear an earnáil fheirmeoireachta ag an gcód ceithre uimhir "NACE" ábhartha a úsáidtear ar thaifid cánach.
Foinse: Coimisinéirí Ioncaim

Tháinig an cháin ón earnáil feirmeoireachta chuig 1.3% den cháin ioncaim iomlán a fuarthas i 2007. Is féidir é seo a chur i gcomparáid le 79.3% ón earnáil ÍMAT agus 19.4% ó fhéinfhostaíocht eile.

Tábla 8.2 Meán-Cháin Ioncaim a Íocadh de réir na hEarnála 2000-2007

	ÍMAT[1] (€)	Feirmeoirí[2] (€)	Eile Féinfhostaithe[2] (€)
2004	4,512	1,195*	8,549*
2005†	4,572	1,310*	9,506*
2006†	4,751	1,734*	11,850*
2007†	4,943	1,895*	12,927*

† Sealadach
**Seachas gabháil ó fhiosrúcháin speisialta*
Foinse: Coimisinéirí Ioncaim
1. Faightear an mheán-íocaíochta don earnáil ÍMAT tríd an nglanfháltas de cháin ÍMAT a roinnt faoi líon iomlán na saothraithe ioncaim ar an taifead cánach ÍMAT, lena n-áirítear iad siúd le díolmhú ó cháin acu.
2. Roinntear an glan fháltas measta de cháin ioncaim arna íoc ag feirmeoirí lánaimseartha / daoine féinfhostaithe faoi líon na n-aonad cánach feirmeoireachta lánaimseartha / líon measta na n-aonad féin fhostaíochta a ndearnadh measúnú orthu chun críche na cánach. Ní áirítear leis na huimhreacha seo iad siúd nach gá dóibh tuairisceáin bhliantúla cánach a chomhdú agus a ndéantar athbhreithniú tréimhsiúil ar a seasamh toisc a n-ioncaim a bheith ró-íseal chun dliteanas cánach a mhealladh ar bhonn aonair.

8.7 Ranníocaíocht Glan na hEarnála Agraibhia chuig Insreabhadh na gCistí isteach in Éirinn

Cuireann tuarascáil[1] a údaraíodh ag an Roinn agus a cuireadh i gcrích ag Brendan Riordan, Comhairleoir Taighde, meastacháin ar fáil d'insreabhadh glan na gcistí isteach i ngeilleagar na hÉireann, ag teacht ón ''earnáil bhitheach'' agus ó earnálacha eile laistigh den gheilleagar. Déantar na glan insreafa a thomhas mar ghlan luach na n-onnmhairithe, is é sin na hinsreafa atá bainteach le honnmhairithe, lúide na heis-sreafa ábhartha a ghearrtar ar ábhair a allmhairiú agus aisdúichiú na mbrabús ag gnóthaí onnmhairithe coigríche a bhíonn ag úsáid as Iarmhéid Idirnáisiúnta na n-Íocaíochtaí de chuid na hÉireann (BOP).

Léirigh na torthaí glan ranníocaíocht measartha mór ón ''earnáil bhitheach''. I 2005, b'ionann glan tuilleamh coigríche na hearnála, ag cuimsiú na tionscail talmhaíochta, foraoiseachta, iascaigh, bia, dí agus tobac, agus 32 faoin gcéad de na glan tuilleamh iomlána ó thionscail phríomhúla agus déantúsaíochta. Tá na torthaí seo comhsheasmhach don tréimhse ó 2000 go 2005 (Tábla 8.3).

1. *Brendan Riordan, "The Net Contribution of the Agri-Food Sector to the Inflow of Funds into Ireland: a New Estimate", Eanáir 2008*
2. *Talmhaíocht, foraoiseacht agus iascaireacht chomh maith leis na tionscal ag déanamh próiseála ar a gcuid táirgí, is iad sin na tionscail bhia, dí agus tobac*
3. *Líon na n-earraí agus seirbhísí allmhairithe a úsáideadh i dtáirgeadh na n-earraí agus seirbhísí a onnmhairíodh*

Tábla 8.3 ''Earnáil Bhitheach'' mar chéatadán de na Tionscail Phríomhúla agus Déantúsaíochta go léir do sreafa ó Iarmhéid na n-Íocaíochtaí a thagann chun cinn ó onnmhairithe

	2000	2001	2002	2003	2004	2005
Onnmhairí	13%	13%	13%	15%	17%	16%
Glan insreafa ó onnmhairithe	38%	29%	29%	29%	28%	30%
Glan tuilleamh coigríche na n-onnmhairithe	**39%**	**30%**	**30%**	**30%**	**29%**	**32%**

Foinse: Riordan, B. (2008)

Cúiseanna do ghlan ranníocaíocht mór díréireach na hearnála chuig tuilleamh ó onnmhairithe ná riachtanas allmhairithe, aisdúichiú na mbrabús agus fáltais AE.

Fuarthas amach go raibh na riachtanais allmhairithe[3] in aghaidh euro na n-onnmhairithe ''earnála bithí'' níos ísle ná mar a bhí siad san ''neamh-bhith-earnáil''. I 2005 bá é meán na riachtanais allmhairithe do gach euro aschuir ná 38% san "earnáil bhitheach'' ach 58% den ''earnáil neamh-bhitheach'' (Tábla 8.4).

Tábla 8.4 Céatadán an Riachtanais Allmhairithe in aghaidh Euro na n-Onnmhairithe

	2000	2001	2002	2003	2004	2005
''Earnáil bhitheach''	43.6%	43.4%	43.4%	41.3%	38.5%	38.4%
''Earnáil Neamh-bhitheach''	60.6%	53.2%	50.7%	53%	54.7%	58.1%

Foinse: Riordan, B. (2008)

Bhí úinéireacht choigríche, agus mar sin, eis-sreafa aisdúichithe brabúis, níos ísle san ''earnáil bhitheach'' ná mar a bhí in earnálacha eile. Tharla sé seo in ainneoin fás láidir i ngníomhaíochtaí na bhfiontar atá bunaithe thar lear i gcuid de na tionscail bhia agus dí. Níorbh ionann aisdúichiú brabúis de réir na ''hearnála bithí'' ach 9% de na honnmhairithe i 2000, cé gur sheas sé ag 21% san ''earnáil neamh-bhitheach''.

Mar sin féin, ó 2000 i leith, tá fás tar éis teacht ar ghníomhaíochtaí na ngnóthaí atá faoi úinéireacht choigríche san ''earnáil bhitheach'' agus b'ionann a mbrabús aisdúichithe i 2005 agus 15% de na honnmhairithe ón earnáil seo, a bhí fós timpeall 5% níos ísle ná an ''earnáil neamh-bhitheach'' (Tábla 8.5).

Tábla 8.5 Céatadán an Aisdúichithe Brabúis in aghaidh Euro na n-Onnmhairithe

	2000	2001	2002	2003	2004	2005
''Bith-earnáil	9%	12%	15.3%	17%	16.4%	15.3%
''Neamh-bhith-earnáil''	21.2%	22.3%	25.9%	22.7%	20.7%	19.6%

Foinse: Riordan, B. (2008)

Bhí fáltais ó íocaíochtaí AE[4] beagnach go léir i dtacaíocht don talmhaíocht agus a cuid onnmhairithe. Is gné ar leith é seo den ''bhith-earnáil'', éagsúil ón ''neamh-bhith-earnáil'' áit a bhfuil siad diomaibhseach. D'fhás íocaíochtaí AE ag an ráta céanna d'onnmhairithe ón ''earnáil bhitheach'' sna blianta ó 2000 go 2005 agus leanadh orthu ag soláthar ranníocaíocht tábhachtach d'insreafa BOP. Mar sin féin, léiríonn torthaí an staidéir nach bhfuil ranníocaíocht na hearnála ag brath go mór ar fháltais AE i aon cheann de na bliana ó 2000 go 2005.

4. *Líon na n-airgead a fuarthas ó bhuiséad an AE*

Tá mionsonraí imlínithe i dTábla 8.6 thíos le haghaidh na heilimintí seo d'insreafa Iarmhéid na n-Íocaíochtaí Idirnáisiúnta i 2005 don ''earnáil bhitheach'' ar leith agus do na Tionscail Phríomha agus Déantúsaíochta araon, a bhfuil an ''earnáil bhitheach'' mar eilimint ann.

Tábla 8.6 Sreafa Iarmhéid na n-Íocaíochtaí a thagann chun cinn ó onnmhairithe na ''hEarnála Bithí'' agus ó na Tionscail Phríomha agus Déantúsaíochta go léir i 2005

Sreafa Iarmhéid na n-Íocaíochtaí	2005 € milliún
Tionscail na ''hEarnála Bithí''	
Onnmhairithe na bhFiontar ag praghsanna na gceannaitheoirí	14,299
Aistrithe AE bainteach le tionscail onnmhairithe	2,239
Asbhaintí	
Allmhairithe a onnmhairíodh gan a thuilleadh próiseála	-1,723
Allmhairithe ó tháirgeadh na n-onnmhairithe in Éirinn	-5,495
Farasbarr feidhmiúil na ngnóthaí coigríche ó onnmhairithe	-2,185
Glan insreabhadh ó onnmhairithe	7,135
Tomhaltas ghléasra allmhairithe s.rl. i dtáirgeadh na n-onnmhairithe	-277
Glan tuilleamh coigríche na n-onnmhairithe	**6,858**
Na Tionscail Phríomha agus Déantúsaíochta go léir	
Onnmhairithe na bhFiontar ag praghsanna na gceannaitheoirí	91,929
Aistrithe AE bainteach le tionscail onnmhairithe	2,239
Asbhaintí	
Allmhairithe a onnmhairíodh gan a thuilleadh próiseála	-2,774
Allmhairithe ó tháirgeadh na n-onnmhairithe in Éirinn	-50,588
Farasbarr feidhmiúil na ngnóthaí coigríche ó onnmhairithe	-17,405
Glan insreabhadh ó onnmhairithe	23,402
Tomhaltas ghléasra allmhairithe s.rl. i dtáirgeadh na n-onnmhairithe	-1,669
Glan tuilleamh coigríche na n-onnmhairithe	**21,733**

Foinse: Riordan, R. (2008)

Léiríonn an anailís de sreafa BOP in aghaidh €100 na n-onnmhairithe, i dTábla 8.7, conas ar thug an ''earnáil bhitheach'' cuntas i leith na glan tuilleamh coigríche a bhí i bhfad níos airde ná an ''earnáil neamh-bhitheach'' i 2005. An difríocht is mó a bhí ann idir an earnáil ''bhitheach'' agus an earnáil ''neamh-bhitheach'' ná in ábhar allmhairithe na n-onnmhairithe, áit arb ionann iad agus €38 in aghaidh €100 euro san ''earnáil bhitheach" ach gurb ionann é agus €58 in aghaidh €100 euro na n-onnmhairithe san ''earnáil neamh-bhitheach''.

Ag cur leis an difríocht chomh maith tá eis-sreafa níos ísle ''na hearnála bithí'' a thagann chun cinn ó úinéireacht choigríche na ngnóthaí san earnáil agus insreafa na n-íocaíochtaí d'eilimintí Chomhbheartas Talmhaíochta an AE (CBT).

Tábla 8.7 Eis-sreafa in aghaidh €100 na n-onnmhairithe i 2005

	''Earnáil Bhitheach''	''Earnáil neamh-bhitheach''
Onnmhairithe na bhFiontar ag praghsanna na gceannaitheoirí	100	100
Aistrithe AE bainteach le tionscail onnmhairithe	16	0
Allmhairithe a onnmhairíodh gan a thuilleadh próiseála	-12	-1
Allmhairithe ó tháirgeadh na n-onnmhairithe	-38	-58
Farasbarr feidhmiúil na ngnóthaí coigríche ó onnmhairithe	-15	-20
Tomhaltas ghléasra allmhairithe s.rl. i dtáirgeadh na n-onnmhairithe	-2	-2
Glan tuilleamh coigríche na n-onnmhairithe	48	19

Foinse: Riordan, B. (2008)

Cé go gcuirfidh sé na bearta níos gnásúla de ranníocaíochta na hearnála agraibhia don gheilleagar ag luach díreach faoi 10 faoin gcéad, déanann an taighde a aibhsíodh thuas ranníocaíocht na ''hearnála bithí'' a thomhas ag timpeall 30 faoin gcéad de ghlan insreabhadh na gcistí isteach sa gheilleagar a ghineadh ag na tionscail phríomha agus déantúsaíochta. Cé go n-áiríonn anailís seo na ''hearnála bithí'' glan sreabhadh na gcistí a bhaineann le dí, tobac agus iascaigh, aibhsíonn sé ranníocaíocht mór na hearnála ag an am céanna. Bhí tomhas na ranníocaíochta seo comhsheasmhach don tréimhse 2000 go 2005.

Caibidil a Naoi
Timpeallacht

9.1 Léargas

Soláthraíonn an chaibidil seo léargas ar réimse tiomantais idirnáisiúnta maidir leis an timpeallacht, a dhéanann idirghníomhú leis an earnáil talmhaíochta agus a shonraíonn scéimeanna agus bearta atá ar bun chun tacaíocht a thabhairt do chleachtaí feirmeoireachta atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

9.2 Treoir Níotráití

Rinne an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil amach na Rialacháin Níotráití (IR uimh. 378 de 2006) in Iúil 2006 i ndiaidh próiseas comhairlithe fada agus uileghabhálach.

Leag na Rialacháin síos caighdeáin agus riachtanais i ndáil leis na nithe seo a leanas:

- an t-am agus na himeachtaí chun leasacháin a chur amach;
- teorainn leis an méid leasachán a mbaintear úsáid astu
- riachtanais maidir le cumas soitheach stórála le haghaidh beostoic aoiligh;
- forálacha ginearálta i dtaobh na bainistíochta stórála; agus
- fearachán a dhéanamh ar éifeacht bearta dá leithéid.

Tá iarrachtaí déanta ag an Roinn chun an dua a bhaineann le comhlíonadh na Rialachán a mhaolú agus cabhrú le feirmeoirí déanamh de réir a n-oibleagáidí, faoi mar atá siad leagtha síos sna Rialacháin. Tá Lámhleabhar Chúnta agus eolas eile a cuireadh ar fáil do fheirmeoirí ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne agus leanann an Roinn de bheith ag cur ráitis bliantúla ar fáil do fheirmeoirí maidir le nítrigin orgánach agus fosfair a tháirgtear ar a gcuid feirmeacha bunaithe ar eolas a choimeádtar i mbunachair sonraí de chuid na Roinne.

Cheadaigh Cinneadh an Coimisiún Eorpaigh dar dáta 22 Deireadh Fómhair 2007 iarratas ó Éirinn maidir leis an teorainn sa Treoir Níotráite um nítrigin orgánach de 170 kg in aghaidh an heicteáir a mhaolú. An foráil maolaithe atá ann ná go gceadófar go mbainfeadh feirmeoirí féaraigh leas as suas le 250 kg in aghaidh an heicteár, faoi réir coinníollacha áirithe. D'fhógair an Roinn socruithe le haghaidh iarratais do mhaolú i rith 2007 agus fuarthas beagnach 5,000 iarratas maidir leis an bhliain sin. Beidh socruithe sruthlínithe á thabhairt isteach i 2008 a chuirfidh ar chumas an chuid is mó de na feirmeoirí a bhfuil gá acu le maolú iarratas a chur isteach mar chuid dá n-iarratais Íocaíochta Shingil.

9.3 Straitéis Náisiúnta um Athrú Aeráide

I 2007, d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis Náisiúnta faoi Athrú Aeráide 2007 – 2012, a leag síos raon bearta, ag tógáil orthu sin atá bunaithe faoin Straitéis 2000, chun buaileadh le tiomantais na hÉireann faoi phrótacal Kyoto. Chuir an Roinn le forbairt na Straitéise, agus stiúradar anailís ar riachtanais taighde i 2007 chun forbairt ar bhearta sa todhchaí chun laghdú ar an méid astuithe gáis cheaptha teasa a aithint agus a thacú.

Cé go bhfuil baint amach an tiomantas 2008-2012 mar ábhar cúraim láithreach i dtéarmaí díriú ar astuithe gáis cheaptha teasa, beidh an sprioc iar-Kyoto de 20% de laghdú thar an AE faoi cheann 2020, agus ach go háirithe an pacáiste bearta chun é a bhaint amach, mar ábhar idirbheartaíochta ag leibhéal an AE i 2008. Tá an cumas atá ag an sprioc 20% atá i bhfeidhm in Éirinn tionchar suntasach a bheith aici ar an earnáil talmhaíochta, le brú méadaitheach ar leibhéil/modhanna táirgthe agus a dtionchair.

9.4 Astuithe Amóinia

Cheadaigh an Rialtas Clár Náisiúnta sa bhliain 2005 chun astuithe a laghdú de réir a chéile i gcás ceithre cinn de thruailleáin trasteorann – dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe, agus amóinia. Is de bharr ceangaltais i bPrótacal Gothenburg na Náisiún Aontaithe is ann don chlár. An ceangaltas atá ann ná astuithe na dtruailleán thuasluaite a smachtú agus a laghdú. Is í an talmhaíocht príomhfhoinse (c. 98%) astuithe amóinia in Éirinn. Tá teorainn leagtha síos i Rialacháin na gComhphobal Eorpach, 2004 (Uasteorainneacha Náisiúnta Astuithe), a rinne an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus é ag cur Treoir 2001/81/EC de chuid an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, i dtaobh astuithe náisiúnta amóinia in aghaidh na bliana. Baineann Treoir 2001/81/EC le huasteorainneacha astuithe náisiúnta le haghaidh truailleán áirithe atmaisféir. 116 cilitonna is ea an teorainn a luaitear agus tá go dtí 2010 againn chun an figiúr sin a bhaint amach. 122 kt ba ea an méid astuithe amóinia a tharla sa bhliain 2001. 116 kt an figiúr a luaitear le 2003. Faoin mbliain 2005 laghdaigh ar an leibhéal astuithe. 112.7 kt a bhí ann an bhliain sin.

Is gearr go mbeidh ar Éirinn aghaidh a thabhairt ar spriocanna níos dúshlánaí, áfach, maidir le hastuithe amóinia. Tá an Uasteorainn Náisiúnta Astuithe faoi athbhreithniú ag an gCoimisiún Eorpach.

9.5 Leasú CBT agus Tras-Chomhlíonadh

Faoi Scéim na hÍocaíochta Aonair, tá ceangaltais ar fheirmeoirí cloí leis na cineálacha éagsúla Riachtanas Bainistíochta Reachtúla (SMR) atá leagtha síos i Reachtaíocht an AE (Treoracha agus Rialacháin) maidir leis an gcomhshaol, sláinte phoiblí, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe.. Tá riachtanas chomh maith chun talamh a choimeád i nDea-Riocht Talmhaíochta agus Chomhshaoil (GAEC). Tugtar Tras-Chomhlíonadh air seo agus tá dhá phríomh-eilimint san áireamh:

- tá ceangaltas ar fheirmeoirí cloí le18 gcinn de cheangaltais reachtúla bainistíochta (SMR) atá leagtha síos i reachtaíocht an AE maidir leis an gcomhshaol, sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe;
- riachtanas an fheirm a choimeád i staid mhaith talmhaíochta agus chomhshaoil (GAEC).

Ó 2007 ar aghaidh bainfidh tras-chomhlíonadh leis an Scéim Limistéir Faoi Míbhuntáiste. Baineann sé le rannpháirtithe SCCT 4 ó 2008.

9.6 Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe

Ag deireadh 2006 bhí timpeall 59,200 feirmeoir i SCCT, an leibhéal is airde riamh. Dhún an Scéim do iontrálaithe nua ag deireadh 2006 agus laghdaigh na huimhreacha go dtí thart ar 54,000 i rith 2007 fad is go raibh an chéad leagan eile den Scéim, arna dtugtaí SCCT 4, á idirbheartú faoin gCoimisiún Eorpach mar chuid den gClár Forbartha Tuaithe 2007-13.

Seoladh SCCT 4 i Lúnasa 2007 agus tháinig caiteachas ar SCCT i 2007 go €312 milliún. Táthar ag súil go méadóidh rannpháirteachas a thuilleadh i 2008 le dáileadh méadaithe de €331 milliún.

Tá an Clár don Rialtas ag súil go bhfásfaidh uimhreacha SCCT go 70,000. Tá timpeall 38% d'fheirmeoirí i SCCT anois le 1.7 milliúin heicteár nó 40% den achar talmhaíochta faoi fheirmeoireacht go dtí caighdeáin SCCT. Tá breis agus leath de rannpháirtithe SCCT lonnaithe i gcontaetha ar an gcósta thoir, le 24% i gContae na Gaillimhe agus i gContae Mhaigh Eo. Tugadh isteach an SCCT ar an 11 Lúnasa 2007 agus táthar ag súil go leanfaidh an SCCT de bheith ag seachadadh leasanna comhshaoil trí bhithéagsúlacht feabhsaithe agus bearta forlíontacha. Caithfidh daoine ar mhaith leo dul isteach i SCCT 4 cloí le beart éigeantach. Caithfidh siad ar a laghad dhá ghnóthais as raon de fiche cúig a roghnú atá deartha chun bithéagsúlacht a mhéadú ag leibhéal na feirme.

Léiríonn sonraí Suirbhé Náisiúnta Feirmeacha do fheirmeacha SCCT agus do fheirmeacha lasmuigh den SCCT i dTábla 9.1 agus 9.2 go mbíonn aischur níos airde ag feirmeacha SCCT i gcomparáid lena gcomhghleacaithe forleathan nach bhfuil san SCCT. Bhí sé seo le tabhairt faoi deara ar chórais beithíoch agus caorach ach go háirithe, ach níorbh é sin an cás le haghaidh córais churaíochta.Déanann Figiúr 9 comparáid ar rátaí leathadh leasaithe le haghaidh feirmeacha SCCT agus neamh-SCCT.

Tábla 9.1 Táscairí feidhmíochta Airgeadais d'fheirmeoirí SCCT agus Neamh-SCCT

	SCCT €/ha	Neamh-SCCT fairsinge €/ha	Neamh-SCCT Diansaothraithe €/ha
Olltáirgeacht	1,329	1,275	2,726
Costais díreach	385	446	1,054
Corrlach comhlán	944	829	1,672
Forchostais	449	432	844
Ioncam Teaghlaigh Feirme	495	397	828

Foinse: Financial and Technical Performance of REPS farms 2006, A. Kinsella, L. Connolly, G.Quinlan.

Tábla 9.2 Ioncam Feirme Teaghlaigh de réir córais fheirmeoireachta do fheirmeoirí SCCT agus Neamh-SCCT

	SCCT €/ha	Neamh-SCCT fairsinge €/ha	Neamh-SCCT Diansaothraithe €/ha
Déiríocht	38,546	33,466	37,365
Déiríocht agus eile	20,792	23,621	43,893
Tógáil eallaigh	12,655	5,032	n.b.
Eallach eile	13,986	8,120	n.a.
Caoirigh is mó	15,066	6,390	n.a.
Curadóireacht is mó	26,093	30,852	n.a.
Córais uile	17,713	13,394	29,480

Foinse: Financial and Technical Performance of REPS farms 2006, A. Kinsella, L. Connolly, G.Quinlan.

9.7 Feirmeoireacht Orgánach

I 2007 bhí 1,090 oibrí orgánach in Éirinn ina raibh 1,134 ag táirgeadh agus bhí 200 ag próiseáil táirge orgánach. Tháinig méadú de thart ar 38% ar an achar talún atá in úsáid do tháirgeadh orgánach ó 2002 agus tá sé anois ag 41,122 heicteár.

Tá an céatadán den achar talún orgánach ar fad laistigh den AE-25 tar éis ardú thar na blianta deireanacha ó 3.7% i 2003 go 4% de achar inúsáideach talmhaíochta i 2005. Laistigh den AE-15 tá an treocht ag eisréimniú le líon na n-oibrithe orgánacha fós ag méadú i mBallstáit sa deisceart agus ag éirí seasmhach nó ag laghdú fiú amháin i gcuid de na tíortha Nordacha.

Figiúr 9.1: Rátaí leathadh leasaithe le haghaidh feirmeacha SCCT agus neamh-SCCT 2006



Foinse: Kinsella, A., Connolly,L. agus Quinlan, G. (sonraí SNF 2006).

Tá an Ostair fós an-tábhachtach le 11% de achar talmhaíochta na tíre faoi tháirgeacht orgánach agus an figiúr seo fós ag méadú (Figiúr 9.2). Tá nach mór 18% de achar orgánach an AE san Iodáil, áfach, áit atá níos mó ná 8% den talún talmhaíochta faoi tháirgeadh orgánach. Léirigh cuid de na Ballstáit Nordacha comharthaí go raibh laghdú ag tarlú idir 2003-2005 ina n-áirítear an Danmhairg síos ó 5.8% go 5.2%, an Fhionlainn ó 7.2% go 6.5% agus, difríocht níos lú, sa tSualainn ó 7.1% go 7%. Tá an céatadán is airde de thalún atá faoi tháirgeadh orgánach ag Poblacht na Seice (thar 4%) as na tíortha a tháinig isteach san AE i 2004.

Bíonn meán toirt gabháltas feirme orgánacha níos mó ná meán-mhéid feirme, de ghnáth. I 2005, an meán toirt a bhí ag gabháltas feirme orgánach san AE-25 ná 38.7 heicteár. Tá difríocht mhór idir tíortha, áfach, le meán toirt gabháltas feirme san RA timpeall 142 heicteár i gcomparáid le 17.7 heicteár san Ostair. Tá 305.4 ha. mar mheán ghabháltas feirme i bPoblacht na Seice.

Faigheann an earnáil orgánach tacaíocht suntasach airgeadais trí SCCT agus trí Scéim Chúnaimh Deontais chun an Earnáil Orgánach a Fhorbairt. Ó 1996 i leith, tá €54 milliún in iomlán faighte ag táirgeoirí orgánacha atá rannpháirteach san SCCT, le €22 milliún as sin mar íocaíocht fhorlíontach maidir le feirmeoireacht orgánach. I 2007, íocadh €3.5 milliún maidir leis an íocaíocht fhorlíontach orgánaigh.

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Feirmeoireachta Orgánach nua, a tógadh isteach i Lúnasa 2007 faoin gClár Forbartha Tuaithe 2007-2013, táirgeoirí a spreagadh freagra a thabhairt ar éileamh an mhargaidh le haghaidh bia orgánach. Athrú suntasach amháin an uair seo ná gur féidir le táirgeoirí orgánacha íocaíochtaí tacaithe orgánacha a fháil gan orthu bheith mar bhaill de SCCT. Ba cheart do seo táirgeoirí gortóireachta ar scála beag a spreagadh chun athrú go táirgeadh orgánach, agus spreagadh a thabhairt do tháirgeoirí traidisiúnta curaíochta chomh maith cuid nó a gabháltais ar fad fiú a athrú.

Is féidir le feirmeoirí agus próiseálaithe orgánacha leas a bhaint as na scéimeanna deontais caipitil a lainseáladh i Meitheamh 2007 ag cur cúnamh deontais ar fáil le haghaidh infheistíochtaí i dtrealamh agus áiseanna.

9.8 Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme

Dúnadh an Scéim Bainistíochta Dramhaíola Feirme, a tugadh isteach i Márta 2006 chun cabhrú le feirmeoirí coinníollacha breise na Treoracha Níotráití, do iarratais nua ag deireadh 2006. Fuarthas níos mó ná 48,000 iarratas ó fheirmeoirí faoin spriocdháta d'iarratais.

Faoi dheireadh-2007, eisíodh thart ar 36,000 ceadú go feirmeoirí le obair a thosú faoin Scéim. Mínítear an difríocht atá idir an fhigiúr seo agus líon na n-iarratais a fuarthas trí (i) iarratais aistarraingthe, (ii) nuair a táthar fós ag breathnú ar iarratais, (iii) iarratais atá fós ag fanacht le cead pleanála iomlán, agus (iv) nuair a fhaightear níos mó ná iarratas amháin ó fheirmeoir amháin. De bhua téarmaí ceadú cúnamh stáit an AE i bhfeighil na scéime, caithfidh gach obair a bheith críochnaithe ag na feirmeoirí faoi dheireadh 2008.

€113.9 milliún an méid airgid a caitheadh faoin scéim i 2007, i comparáid le €21.3 milliún i 2006. Thóg sé seo go €201.1 milliún an méid iomlán airgid a caitheadh faoin scéim ag deireadh 2007 ó tugadh isteach í sa bhliain 2001.

Figiúr 9.2: Céatadán den achar talmhaíochta iomlán atá faoi tháirgeadh orgánach i mBallstáit áirithe de chuid AE-25 i 2005



Foinse: EUROSTAT

9.9 Faoiseamh Cánach d'Infheistíocht in Áiseanna Rialaithe Truaillithe

Ar mhaithe le cabhrú le feirmeoirí cloí leis an Treoir Níotráite d'fhógair an tAire Airgeadais laghdú sa tréimhse díscríofa ó 7 go dtí 3 bliana don ráta luathaithe liúntais caipitiúil atá ar fáil d'infheistíocht riachtanach chun caiteachais a tháinig as áiseanna rialaithe truaillithe i rith na tréimhse ceithre bliana ag tosú ar 1 Eanáir 2005. Cuirfear an liúntas caipitiúil ar fáil ag 33% in aghaidh na bliana thar thréimhse díscríofa trí bliana leis an rogha chun leas a bhaint as socrú díscríofa níos solúbtha maidir leis an gcaiteachas cáilíochta de €31,750 nó 50% den chaiteachas cáilíochta in aon bhliain amháin. Mhéadaigh Buiséad 2006 an uasmhéid seo ''liúntais comhlúthach'' go dtí €50,000 do chaiteachas cáilíochta.

Tá an faoiseamh ar fáil ag feirmeoirí a théann faoin gcaiteachas caipitiúil riachtanach agus a ghlacann leis an bplean bainistíochta cothaitheach faoin Roinn Talmhaíochta agus Bia.

9.10 Bithbhreoslaí

Ba í 2007 an bhliain a d'fhoilsigh an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha dhá phríomh-cháipéis chun todhchaí fuinnimh inbhuanaithe a spreagadh le haghaidh Éirinn; an Páipéar Bán ''I dTreo Todhchaí Fuinnimh Inmharthana d'Éirinn'' agus an ''National Bio-energy Action Plan''. Leagann an Páipéar Bán ar Fhuinneamh amach an creatlach le haghaidh polasaí fuinnimh go 2020 faoi thrí philéar: slándáil soláthair, inbhuanaitheacht agus iomaíochas. Príomh-sprioc straitéiseach atá ann ná fás foinsí fuinnimh in-athnuaite a luathú ina n-áirítear bithfhuinneamh. I measc na spriocanna atá luaite tá

- Méadú 15% i dtomhaltas leictreachas in-athnuaite faoi cheann 2010 agus 33% faoi cheann 2020,
- 30% có-lasadh de bhithmhais ag an 3 stáisiún cumhachta móna faoi cheann 2015,
- 5% inathnuaití sa mhargadh teasa faoi cheann 2010 agus 12% faoi cheann 2020,
- 5.75% de bith-bhreoslaí ag dul i bhfeidhm ar an margadh faoi 2010 agus 20% faoi cheann 2020.

Is straitéis uileghabhálach an Plean Gníomhaíochta Bithfhuinnimh Náisiúnta chun iad seo agus spriocanna eile i mbithfhuinneamh agus earnálacha ábhartha eile fuinnimh a bhaint amach go 2020. Moltar níos mó ná 50 ábhar inghníomhaithe chun díriú ar fhachtóirí soláthair agus éilimh agus tacaí eile cosúil le taighde agus forbairt a sholáthar. San áireamh anseo tá gníomhaíochtaí chun roinn den mbithfhuinneamh a thagann ó na hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta a mhéadú.

D'fhógair an Roinn roinnt bearta nua bithfhuinnimh i 2007. I mí Feabhra, seoladh Scéim Bithfhuinnimh nua chun deontais bunaithe a chur ar fáil d'fheirmeoirí a raibh suim acu saileach agus miscanthus a phlandáil le haghaidh cuspóirí bithfhuinnimh (teas agus leictreachas). Soláthraíonn an scéim deontais suas le 50% de chostais bhunaidh faoi réir uasmhéid de €1,450 in aghaidh an heicteáir. D'fhreagair saothraithe go dearfach le 800 heicteár plandáilte i 2007.

Figiúr 9.3: Meán-mhéid na ngabháltais i mBallstáit áirithe de chuid an AE 25 i 2005



Tugadh isteach Préimh Fuinnimh Bairr Náisiúnta chomh maith le luach €80 in aghaidh an heicteáir chun táirgeadh barra fuinnimh a spreagadh. Tá an íocaíocht do €80 iníoctha sa bhreis ar phréimh an AE atá ar fáil faoi phréimh Barr Fuinnimh an AE. Bhí thart ar 500 feirmeoir i dteideal an préimh Náisiúnta de €80 i 2007 i leith 6,000 heicteár. Tá sé ar intinn go mbeadh an íocaíocht de €80 i bhfeidhm le haghaidh trí bliana agus tá sé faoi réir uasteorann de 37.5 heicteár in aghaidh an táirgeoir faoi láthair thar an tréimhse trí bliana.

Síneadh cúnamh iníoctha faoin Scéim Chosanta Comhshaoil Tuaithe agus an Scéim Limistéir faoi Míbhuntáiste chun tacaíocht do tháirgeadh barra fuinnimh a chur san áireamh, faoi réir coinníollacha áirithe. Leanann an Roinn de bheith ag tabhairt tacaíochta do fhorbairt teicneolaíochtaí bithbhreosla atá ag teacht chun cinn faoin gClár Ciste um Spreagadh Taighde. Tugadh maoiniú de €4.5m do seacht tionscadal agra-fhuinnimh eile faoin nGlaoch le haghaidh moltaí 2007.

9.11 Bithéagsúlacht

I 2007, d'obair an Roinn i gcomhpháirt leis an RCORÁ ar ábhair bithéagsúlachta a tháinig suas bainteach le scéimeanna na Roinne s.rl. agus Ráiteas a d'eisigh an AE maidir le Meath na Bithéagsúlachta a Stopadh.

Tá béim mhéadaitheach ag an Scéim um Chosaint Comhshaoil Tuaithe (SCCT 4) a lainseáladh i 2007 ar bhithéagsúlacht. Sa bhreis ar bhearta bunúsacha chun gnáthóga, cúrsaí uisce agus fál sceacha a chosaint agus a chothabháil, tá bearta forlíontacha ag SCCT 4 atá deartha chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do bhithéagsúlacht agus liosta forbartha de roghanna bithéagsúlachta ónar féidir le hiarratasóir ar a laghad dhá rogha a phiocadh atá oiriúnach don ngabháltas atá acu agus na roghanna sin a chur i bhfeidhm.

Thug an tAonad Bithéagsúlachta laistigh den Roinn tacaíocht do dhá thionscadal taighde i 2007. Cuireadh maoiniú ar fáil le haghaidh staidéar in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, ar charachtracht, caomhnú agus measúnú ar éagsúlacht ghéiniteach ráib fhiáin (Brassica Rapa) agus le haghaidh tionscadal a rinne Oidhreacht Ghéiniteach Éireann chun Fardal um Acmhainní Géiniteacha Plandaí Éireannacha a chruthú.

I 2008, beidh an Roinn páirteach sa phróiseas comhairliúcháin chun Plean nua Náisiúnta Bithéagsúlachta a fhorbairt.



Caibidil a Deich
Foraoiseacht

10.1 Léargas

Leagann an chaibidil seo amach méid agus tábhacht choibhneasta foraoiseacht agus próiseáil adhmaid go eacnamaíocht na hÉireann agus féachann sí ar mheastacháin a tháinig amach le déanaí ar thionchair indíreacha agus spreagtha ag leibhéal réigiúnach.

In ainneoin leibhéil coillteoireachta ísle i 2007 fanann polasaí an rialtais in áit chun clár coillteoireachta bríomhar agus marthanach a spreagadh agus tugann an chaibidil seo forbhreathnú ar na tionscnaimh polasaithe reatha atá ann chun plandaithe a mhéadú. Déantar scrúdú ar phríomh-thorthaí an Fhardal Náisiúnta Foraoiseachta úrnua chomh maith.

10.2 Cumhdach Foraoise in Éirinn agus an AE-25

Léiríonn sonraí do 2005 go bhfuil ceann de na rátaí is ísle san Eoraip ó thaobh cumhdach foraoise de in Éirinn. Meastar gur coillte/foraoisí níos mó ná 40% den achar talún iomlán san AE-25 i gcomparáid le 10% in Éirinn. I 2005, bhí leibhéil cosúla foraoiseachta ag an RA agus An Ísiltír ag 12% agus 11% faoi seach. Bhí méaduithe suntasacha i gceantair coillearnaí do gach ceann de na trí thír thar an tréimhse 2000-2005, áfach, le hÉire suas 20%, an RA suas 15% agus An Ísiltír suas 8%.

D'fhás cumhdach foraoise in Éirinn ó 480,000 heicteár i 2000 go thart ar 724,000 heicteár ag deireadh 2007. Laistigh d'Éirinn tá éagsúlacht idir leitheadúlacht na foraoise idir na contaetha le breis is 15% de chumhdach foraoise i gCill Mhantáin, Liatroim, sa Chlár agus i bPort Láirge agus seacht gcontae eile le cumhdach foraoise idir 10% agus 14.5%. Tá an leibhéal is ísle cumhdach foraoise ag Contae na Mí ag faoi bhun 3%, leis an chuid is mó de seo faoi úinéireacht phríobháideach (78%). Tá Ciarraí, an Iarmhí, an Longfort agus Ros Comáin san áireamh i measc contaetha eile le leibhéil arda úinéireacht phríobháideach.

Figiúr 10.1: Achar Coillearnaí mar Chéatadán den Achar Talún Iomlán i mBallstáit an AE, 2000



Foinse: Coimisiún an AE, Staid na Talmhaíochta san AE 2006

Figiúr 10.2: Céatadán Cumhdach Foraoise i nGach Contae, 2006



Foinse: RTIB Seirbhís Foraoise

10.3 Ranníocaíocht Foraoiseacht don Gheilleagar

FOSTAÍOCHT

De réir sonraí an CSO measadh gur ag 2,500 a bhí méid an fhostaíochta san earnáil fhoraoiseachta sa dara ráithe i 2007. Measadh go raibh fostaíocht san earnáil adhmaid agus próiseála adhmaid don tréimhse chéanna ag 7,100, rud a fhágann go raibh 9,600 duine fostaithe go díreach i bhforaoiseacht agus próiseáil adhmaid.

Tábla 10.1 Fostaíocht Iomlán i bhForaoiseacht agus Próiseáil Adhmaid, 2006-2007

	2006	2007
Foraoiseacht	2,800	2,500
Próiseáil Adhmaid	8,000	7,100
Iomlán	**10,800**	**9,600**

Foinse: CSO Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh. Sonraí ó Ráithe 2.

MÉID, STRUCHTÚR AGUS ASCHUR

Tá an chuid is mó den adhmaid atá táirgthe go hintíre á úsáid mar bhunábhar ag an earnáil próiseála adhmaid. Léiríonn Tábla 10.2 aschur ón earnáil adhmaid agus táirgí adhmaid i 2006. Le linn 2006, bhí 311 fiontar ag feidhmiú san earnáil seo, le breis is leath dóibh seo bainteach i dtáirgeadh adhmadóireacht agus shiúinéireacht thógálaithe. Rinne an ceann deireanach suas beagnach leath an méid fostaíochta, muilleoireacht/earnáil pleanála 20% agus táirgeadh veinír, sraithadhmaid, s.rl. (10%). Rinne an trí earnáil seo suas 88% den láimhdeachas agus aschur iomlán, a measadh a bhí €1,336 milliún agus €409 milliún, faoi seach.

Bhí an margadh bogadhmaid gearrtha in Éirinn do thart ar 1.9m méadar ciúbach i 2006, agus 0.8m (nó 43%) de faighte in Éirinn. Tá an margadh don chineál seo crainn leagtha tar éis méadú faoi thrí le deich mbliana anuas, le táirgeadh náisiúnta agus coinneáil a scair den mhargadh thar an tréimhse sin.

Figiúr 10.3: Céatadán foraoise atá faoi úinéireacht phríobháideach de chuid an Chontae, 2007



Foinse: RTIB Seirbhís Foraoise

Tábla 10.2 Méid, Struchtúr agus Aschur ón Earnáil Próiseála Adhmaid, 2006

	Líon na bhFiontar	Láimhdeachas	BLC	Tuarastal agus Pá	Daoine Fostaithe
Déantúsaíocht:	**Uimhir**	**€m**	**€m**	**€m**	**No.**
Sábhmhuilleoireacht, plánáil agus tuile adhmaid	38	421	130	46	1,468
Veinírí, sraithadhmaid, lannchlár, clár cáithnín, clár snáithíneach, agus cláir painéil eile	12	248	60	30	748
Adhmadóireacht agus siúinéireacht tógálaithe	176	513	169	107	3,884
Soithí adhmaid	29	47	14	8	329
Táirgí adhmaid eile, corc, tuí agus ábhair thrilseánaithe	56	107	37	22	871
Iomlán Adhmaid agus Táirgí Adhmaid	311	1,336	409	212	7,300

Foinse: CSO, 2006 Daonáireamh de Tháirgeacht Tionsclaíochta (Meastachán Luath)

ONNMHAIRÍ AGUS ALLMHAIRÍ

D'fhan Éire mar mhór allmhaireoir adhmaid i 2007. Léirigh sonraí don bhliain allmhairí de €677 milliún, ag léiriú laghdú beag (circa 2.5%) ar 2006. Tháinig níos mó ná 60% d'allmhairí i luach ó laistigh den AE. Fanann an RA, Tuaisceart Éireann agus na tíortha Lochlannacha mar ár príomh-soláthraithe. Is iad allmhairí ón tSín an foinse is mó soláthair ó lasmuigh den AE. Measadh gurbh fhiú €302 milliún onnmhairí adhmaid, méadú luacha 13.1% ar 2006. Chuimsigh onnmhairí chuig Tuaisceart Éireann agus an RA trí cheathrú den iomlán seo.

Tábla 10.3 Allmhairí agus Onnmhairí Adhmaid, 2006-2007

	2006		2007	
	€m	'000 tonnaí	€m	'000 tonnaí
Allmhairí Adhmaid	695.5	1150.8	677.8	1082.9
Onnmhairí Adhmaid	267.0	875.4	302.3	832.9
Trádáil Ghlan	-428.5	-275.4	-375.5	-250.0

Foinse: CSO, Staitisticí Trádála

TIONCHAIR EACNAMAÍOCHA DÍREACHA AGUS SPREAGTHA

I 2006, rinne Ní Duibháin et al. anailís ar ranníocaíocht socheacnamaíoch an fhoraoiseacht in Éirinn[1]. D'fhéach an tuarascáil ar shonraí ar an tionchar díreach, indíreach agus spreagtha atá ag foraoiseacht ar leibhéal réigiúnach agus rinneadh scrúdú ar trí chás-staidéar ar na leasanna nó míbhuntáistí meabhairbhraite do fhoraoiseacht ag leibhéal áitiúil. Ag úsáid na hiolraitheoirí agus sonraí ó 2003 meastar gurbh é €472 milliún luach foriomlán an fhoraoiseacht go geilleagar na hÉireann agus 7,182 i dtéarmaí fostaíochta. D'fhéadfaí go raibh forluí áirithe ann le fostaíocht i bpróiseáil adhmaid, áfach, áit a comhcheanglaíodh 12,246 coibhéis lánaimseartha le trí earnáil próiseála (cláir painéil, muilinn sábhadóireachta agus earraí adhmaid eile) agus tháinig an caiteachas iomlán (ina n-áirítear díreach agus spreagtha) go €1.65 billiún.

Tá na hiolraitheoirí fostaithe cosúil le torthaí 2004 Bacon agus Comhlaigh, a thug le tuiscint san áit a gcruthaítear 5 phost in sa foraoiseacht, go dtacaítear le trí phost in earnálacha eile, ag léiriú mar sin go dtugann an earnáil foraoiseachta tacaíocht do thart ar 16,000 post in eacnamaíocht na hÉireann.

1. *Ní Dhubháin, Á., Flechard, M-C., Moloney, R., O'Connor, D., agus Crowley, T., (2006), Analysis of the socio-economic contribution of forestry in Ireland – An interdisciplinary approach. Coford (2006).*

Thug anailís Ní Duibháin et al. tuairisc ar thionchair eacnamaíocha an fhoraoiseacht ag leibhéal réigiúnach chomh maith, ag díriú ar an Iarthar, an Iar-Dheisceart agus an tIarthar Láir. Tá an earnáil fhoraoiseachta is mó san Iarthar le 22% den gcaiteachas díreach ar fhoraoiseacht náisiúnta ag tarlú sa réigiún sin. Bhí na hiolraitheoirí réigiúnacha measartha íseal ag léiriú sceitheadh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíochta a thagann suas mar gheall ar chaiteachas ar ionchuir ó taobh amuigh den réigiún, cosúil leis an réigiún Iarthar Láir, áit atá tionscail níos forbartha, áit atá sé féideartha coibhneas níos mó de na hionchuir go foraoiseacht a cheannach ná mar is féidir sa dá réigiún eile.

2. Bacon et al (2004),

3. Ar an bhfoshuímh gurb é praghas 1 tonna CO2 = €15.

LEASANNA NEAMH-ADHMAID ÓN FORAOISEACHT

Tá níos mó agus níos mó aitheanta ar na leasanna neamh-adhmaid a bhaineann le foraoiseacht. Áirítear sna hearraí poiblí atá bainteach le foraoiseacht de ghnáth:

- Fóillíocht agus Áineas – le leasanna don tsláinte phoiblí;
- Tírdhreach;
- Maolú Athrú Aeráide – forlámhú carbóin;
- Rialú ar ithir agus creimeadh;
- Bithéagsúlacht agus caomhnú.

Cé go bhfuil sé deacair luachanna a chuir ar leasanna neamh-adhmaid mheas Bacon agus Comhlaigh (2004) go raibh siad níos airde ná €88 milliún in aghaidh na bliana[2]. Measadh go mbeidh luach €31 milliún in aghaidh na bliana ar fhorlámhú carbóin ag foraoisí Éireannacha[3] don chéad tréimhse tiomantais ó 2008-2012.

Mheasúnaigh Ní Duibháin et al (2006) tionchair shóisialta an fhoraoiseacht i dtrí cheantar cás-staidéir chomh maith. I gceantar ina raibh na foraoisí is óige agus áit a tharla coillteoireacht ag an ráta is tapúla, bhí sé meabhairbhraite nár chuir foraoiseacht go mór leis an áit i dtéarmaí fostaíochta agus conláiste, fad is go raibh droch-thionchar aici ar an dtimpeallacht. I gceantar eile bhí imní ann faoi cheannas na buaircínigh sa chlár coillteoireachta. Bhí níos mó measa ar luach conláiste agus áineasa na foraoise i gceantair le stair fhada fhoraoiseachta.

10.4 Straitéis Foraoise agus Tacaíocht Airgeadais

Soláthraíonn leasanna do earraí poiblí chomh maith leis an riachtanas leibhéal inmharthana plandaithe a bheith ann chun cinntiú go mbeadh go leor acmhainní ann chun infheistíocht a dhéanamh sa todhchaí, an bonn le haghaidh tacaíocht ón bpobal le haghaidh coillteoireacht agus an earnáil fhoraoiseachta. Tacaítear le hearnáil foraoiseachta na hÉireann i bplean straitéise na bliana 1996 – "Ag Fás Amach Anseo: Plean Straitéiseach d'Fhorbairt na hEarnála Foraoiseachta in Éirinn". Is é is aidhm leis an bplean ar an iomlán earnáil na foraoiseachta a fhorbairt ar scála agus ar shlí is go gcuirfidh sí le leas eacnamaíochta agus sóisialta na tíre an oiread agus is féidir, ar bhonn inmharthanach a luíonn le ceisteanna timpeallachta ar údar imní iad.

Taispeánann Tábla 10.4 go bhfuil deacracht tar éis a bheith ann i mblianta beaga anuas maidir leis na leibhéil choillteoireachta bliantúil riachtanacha a bhaint amach. Is iomaí cúis atá leis seo, ach is cinnte go bhfuil baint ag luach ard na talún leis, mar aon leis an drogall a bhíonn ar fheirmeoirí a bheith tiomanta don saghas feirmeoireachta a ghabhann leis an bhforaoiseacht. I 2007, bhí 6,947 heicteár de phlandáil phríobháideach ann agus stop plandáil phoiblí. Tá méadú suntasach tagtha ar an líon crainn leathanduilleacha a cuireadh ó 1996 i leith, rud a léiríonn tionchar an struchtúir athbhreithnithe tacaíochta le haghaidh plandáil dá leithéid. Rinne foraoisí leathanduilleogacha suas 30% de na plandaithe i 2007.

Tábla 10.4 Coillteoireacht Bhliantúil, Poiblí agus Príobháideach (ha) agus % Leathanduilleach i 1996, 2002 agus 2007

Bliain	Iomlán (ha)	Poiblí (ha)	Príobháideach (ha)	Cóimheas Poiblí: príobháideach	% leathanduilleach
1996	20,982	4,426	16,556	1:4	15%
2002	15,054	319	14,735	1:46	17.4%
2007	**6,947**	**0**	**6,947**	**1:695**	**31.41**

Foinse: RTIB Seirbhís Foraoise

Tacaíonn cistí poiblí substaintiúla le straitéis foraoiseachta na hÉireann le níos mó ná €117 milliún á chaitheamh ar scéimeanna foraoiseachta sa bhliain 2007 (féach Tábla 10.5). Tá sé seo briste síos idir €21.1 milliún caite ar dheontais choillteoireachta 1ú tráthchoda, €10.5 milliún ar dheontais choillteoireachta 2ú tráthchuid, €71.6 milliún ar íocaíochtaí préimhe coillteoireachta agus €13.9 milliún ar thacaíochtaí eile le haghaidh tionscadail forbartha coillearnaí agus foraoiseachta. Táthar tar éis iomlán de €131 milliún a dháileadh le haghaidh cláir foraoiseachta éagsúla i 2008.

Tábla 10.5 Caiteachas Bliantúil ar Phréimheanna agus Deontais Choillteoireachta ó 2004-2007

Bliain	Caiteachas Iomlán €m	Clár Coillteoireachta Iomlán €m	1ú Tráthchuid €m	2ú Tráthchuid €m	Préimheanna Coillteoireachta €m	Scéimeanna Tacaíochta Foraoiseachta Struchtúrach €m
2004	102	89.9	25.2	10.7	54.1	12
2005	110.8	97	26.9	12	58.1	13.8
2006	111	93.6	22.7	10.9	60	17.4
2007	117.1	103.2	21.1	10.5	71.6	13.9

Foinse: RTIB Seirbhís Foraoise

10.5 Athbhreithniú agus Forbairtí san Earnáil Foraoiseachta

De réir mar a thagann athrú ar eacnamaíocht talmhaíochta agus tuaithe na tíre, is mó an tábhacht a bhaineann le modhanna agus roghanna eile maidir le húsáid talún. Rogha amháin is ea foraoiseacht a bhfuil airgead le saothrú aistí. Sin ráite, is deacair an ráta plandála atá leagtha síos sa phlean straitéiseach a bhaint amach mar gheall go bhfuil deireadh le coillteoireacht phoiblí. Anuas air sin, tá méadú ar phraghsanna talún, úsáid á bhaint as an talamh ar bhealaí éagsúla, agus gnóthais timpeallachta le cur san áireamh i measc ceisteanna eile. Rinne Grúpa Oibre um Leibhéal Ard athbhreithniú sonrach ar an straitéis foraoiseachta i rith 2007. Rinneadh é sin i gcomhthéacs Tuarascáil Bacon 2004 agus mar gheall ar an Rialachán nua Forbartha Tuaithe. Tá bailchríoch á cur ar Thuarascáil an Ghrúpa faoi láthair.

Déanfar méid áirithe moltaí sa Tuarascáil chun plandaithe a spreagadh agus tuilleadh forbartha a dhéanamh san earnáil. Ar na céimeanna a glacadh cheana chun plandaithe a mhéadú, áirítear:

- Ceadaíodh méadú substaintiúil ar an deontas plandaithe sna blianta 2005 agus 2006.
- Méadú 15% ar phréimh-rátaí do chliaint nua agus dóibh siúd atá ann cheana. Aontaíodh an méid sin mar chuid den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta. Cuireadh é sin i bhfeidhm le linn 2007;
- Tugadh isteach Scéim um Chosaint Comhshaoil Foraoiseachta (SCCF) go luath sa bhliain 2007 chun bunú foraoiseacht luach ard nádúir a spreagadh ar fheirmeacha SCTT, áit inar cuireadh talamh nua ar fáil chun críocha foraoiseachta.
- Tá réimse leathan bearta nua agus feabhsuithe do fhoraoiseacht san áireamh sa Phlean Forbartha Náisiúnta.
- Forbraíodh margaí nua um fhuinneamh adhmaid.

Rud eile a tharla sa bhliain 2005 faoi Scéim na hÍocaíochta Aonair, ná gur aontaíodh ar mhaolú, áit a bhfuil cead ag foraoiseoirí a gcuid teidlíochtaí SPS a chomhdhlúthú le haghaidh meánlimistéir d'íosmhéid 50%, de réir mar a fhógraítear le linn an tréimhse tagartha. Bainfidh sé seo le feirmeoirí a rinne plandáil le linn na tréimhse tagartha nó ina dhiaidh sin chomh fada agus a leanann siad ag feirmeoireacht ar 50% ar a laghad den mheán achar dearbhaithe le linn na tréimhse tagartha.

10.6 Fardal Foraoiseachta Náisiúnta

Tá Seirbhís Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta agus Bia tar éis an chéad Fhardal Foraoiseachta Náisiúnta staitistiúil in Éirinn a chomhlíonadh. Is éard is atá san fhardal seo ná mionsuirbhé allamuigh ar choillte na hÉireann chun measúnú a dhéanamh ar chomhdhéanamh agus dáil an eastáit náisiúnta foraoise iomláin, idir phoiblí agus phríobháideach. Thosaigh an fardal, an chéad ceann dá chineál a comhlíonadh ag leibhéal náisiúnta sa Stát seo, i Samhain 2004 agus tugadh chun críche é ar sceideal i Samhain 2006.

Go hachomair, deimhníonn na torthaí na nithe seo a leanas:

- Déanann achar foraoise iomlán na hÉireann suas 10% den achar talún iomlán;
- Tá 57% faoi úinéireacht phoiblí agus 43% faoi úinéireacht phríobháideach;
- Tá beagnach dhá thrian den eastáit náisiúnta foraoise níos lú ná 20 bliain d'aois;
- Tá an céatadán de chrainn leathanduilleacha agus buaircíneacha san eastáit foraoise náisiúnta thart ar 25% agus 75%, faoi seach;
- Measadh go bhfuil thart ar 70 milliún méadar ciúbach de stoc fáis san eastáit foraoise náisiúnta, atá ar aon dul le 112 méadar ciúbach in aghaidh an heicteáir;
- Don chéad uair rinneadh cainníochtaigh ar stoc adhmaid marbh náisiúnta ag 5.7 milliún méadar ciúbach, atá i bhfoirm cearchaillí, lomáin marbha agus crainn marbha atá ag seasamh (tá adhmad marbh an-tábhachtach i dtéarmaí bithéagsúlacht an fhoraoise);
- Meastar go bhfuil 2.4 billiún crann san eastáit foraoise, a bhfuil 30 milliún tonna carbóin ag baint leo;
- Níor aimsíodh aon bhagairtí suntasacha ar shláinte agus bheogacht an eastáit foraoise náisiúnta;
- Maidir le fásra talún, d'aithin an FFN réimse agus cainníocht suntasach na speicis phlandaí atá san eastáit foraoise náisiúnta.

Ag teacht uaidh seo, aithníodh an ghá atá le fardal leibhéal seasta príobháidí. Thabharfadh sé seo na taifid fardail a bheadh ag teastáil uaidh úinéirí foraoise dóibh chun cabhrú leo dul sa tóir ar bhainistíocht, margaíocht agus díolachán dá dtáirgeadh foraoise. Bhainfeadh an fardal molta seo amach réamhaisnéis ar an acmhainn adhmaid, mar sin ag éascú pleanáil agus forbairt straitéiseach san earnáil próiseála adhmaid.

10.7 Bithmhais Adhmaid

Is í bithmhais adhmaid an fhoinse is mó um fhuinneamh in-athnuaite in Éirinn, arb é 57% an céatadán ar baineadh úsáid as sa bhliain 2004. De bharr solúbthacht adhmaid, d'fhéadfaí an-dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo, ach tá sé fíor thábhachtach go gcoimeádfar na rátaí plandaithe ar ráta 10,000 heicteár sa bhliain má tá tionscal um fhuinneamh inmharthanach le teacht dá bharr.. Lainseáladh an Scéim Deontais do Innealra Bithmhais Adhmaid i 2007 leis an gcuspóir infheistíocht a spreagadh in innealra chun slis adhmaid a tháirgeadh. Tairgeadh thart ar €500,000 i gcúnaimh deontais go iarratasóirí rathúla i 2007. Osclaíodh pas eile den scéim i Samhain 2007 a bhí dírithe go sonrach ar innealra níos lú agus níos soghluaiste. Beidh €500,000 breise ar fáil i ndeontais do na hinnill seo nuair a bhreithnítear ar na hiarratais i 2008.

Caibidil a hAon Déag
Iascaigh

11.1 Léargas

Tá tionscal bia mara na hÉireann freagrach as ucht ranníocaíocht suntasach do gheilleagar náisiúnta i dtéarmaí aschuir, fostaíochta agus onnmhairí. Ag giniúint thart ar 11,000 post[1] i réigiúin chósta faoin tuath, meastar gur chur an tionscail timpeall €750 milliún leis an ngeilleagar náisiúnta i 2006[2].

Go geografach tá an tionscal iascaireachta dírithe ar an gcósta thoir den chuid is mó agus bailte chalafoirt i gceantar líne an chósta deiscirt agus oirthir. I dtéarmaí na hearnála breithe, tugtar éisc agus sliogáin i dtír ag na cúig phríomh-Ionad Iascaireachta (Na Cealla Beaga, Baile Chaisleáin Bhéarra, Binn Éadair, Ros an Mhíl agus Dún Mór), ag 40 chalafort tánaisteach (gach ceann acu le tabhairt isteach níos mó ná €1m) agus 80 ché eile agus suímh a ndéantar taifeadadh ar bhreith éisc[3]. Is iad na príomh-earnálacha táirgthe de bhreith éisc agus uisceshaothrú, na hearnálacha próiseála príomha agus táinisteacha, na hearnálacha margaíochta agus tionscail coimhdeachta, cosúil le déanamh líontáin, athchóiriú ar shoithí, iompar, agus roinnt mhaith seirbhísí eile na príomh-geallsealbhóirí sa tionscal.

Cé go bhfuil éileamh tomhaltóirí do bhia mara ag fás go láidir, mar atá léirithe ag an méadú mór i luach díolacháin bia mara Éireannach ó €617 milliún i 2000 go thart ar €750 milliún i 2006, tá soláthar bia mara ag tabhairt aghaidh ar dheacrachtaí mar gheall ar na laghdaithe i stoic éisc, cuótaí ag dul i laghad agus míchothroime struchtúrtha ag leibhéil breithe agus próiseála, don chuid is mó.

1. *Bunaithe ar shuirbhéanna BIM, a áiríonn fostaíocht lán agus páirt-aimseartha/ócáideach sna hearnálacha iascaireachta, uisceshaothraithe, próiseála bia mara agus seirbhísí coimhdeachta. Ní féidir iad seo a chur i gcomparáid le sonraí CSO QNHS a bhfuil tagairt déanta dóibh in áiteanna eile sa tuarascáil seo.*
2. *An bhliain dheireanach a bhfuil sonraí iomlána ar fáil. Áirítear anseo díolacháin bia mara, onnmhairí agus tuirlingt ag calafoirt eachtrannacha.*
3. *National Seafood Strategy Report "Cawley Report", Eanáir 2007.*
4. *Ar 31/12/2007. Foinse: RTIB*
5. *Feithicil Iascaireachta le Mótar.*

11.2 Méid agus Struchtúr Cabhlaigh

Léiríonn Figiúr 11.1 na treochtaí i méid agus struchtúr an chabhlaigh ó 1991 i leith. I 2007[4] bhí cabhlach iascaireachta na hÉireann déanta suas de 1,935 soitheach le tonnáiste iomlán de 64,489 tonna agus cumhacht innill iomlán de 201,605 KW.

Tá an méadú géar seo i líon na soithí cláraithe ó 2005 i leith mar gheall ar ardú i ndeighleog ilfhiúsach an chabhlaigh. Bhí sé seo mar gheall ar cheadúnais agus clárú a thabhairt do 490 soitheach faoin Scéim Speisialta le haghaidh Ceadúnú agus Clárú Báid Iascaireachta Phota Traidisiúnta. Nuair a baineadh an MFV[4] an "Atlantic Dawn" ó Chlár na Báid Iascaireachta i rith 2007 bhí laghdú suntasach i gCumas an Chabhlaigh Cláraithe de 14,055 tonna agus 12,607 KW.

Tá 5 phríomh-dheighleog san áireamh sa chabhlach Éireannach:

- **Sáile Cuisniúcháin (RSW) Deighleog Peiligeach:** Tá an deighleog seo bainteach don chuid is mó le hiascaireacht le haghaidh speicis peiligeacha (scadán, maicréal, scadán carraige agus faoitín gorm don chuid is mó).

Figiúr 11.1: Struchtúr an Chabhlaigh Iascaireachta



- **Deighleog na dTrálaer Léasacha:** Áirítear anseo soithí a dhéanann trálaeireacht léasach amháin, modh trálaeireachta simplí a úsáidtear in uiscí intíre Éireannacha don chuid is mó seachas san oirdheisceart, áit a úsáidtear é chun breith ar iasc leathógach cosúil le sól agus leathóg.
- **Deighleog Ilfhiúsach:** Tá an chuid is mó den gcabhlach sa deighleog seo. Tá na soithí seo ilchuspóireach agus áirítear soithí beaga intíre (soithí lín agus pota) agus soithí meánacha agus móra atá amach ón gcósta a dhíríonn ar iasc geal, iasc peiligeacha agus moilisc dhébhlaoscacha.
- **Deighleog ar Leith:** Sa deighleog seo bheadh soithí a bhfuil cead acu iascaireacht le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha agus speicis uisceshaothraithe.
- **Deighleog um Uisceshaothrú:** Caithfear na soithí seo a úsáid i mbainistíocht, forbairt agus seirbhísiú ar cheantair uisceshaothraithe agus is féidir leo speaitín a bhailiú ó stoic dhiúilicíní fiáine mar chuid de sheirbhís do shuiteálacha uisceshaothraithe.

Tá an chuid is mó den gcabhlach laistigh den ndeighleog ilfhiúsach, a chuimsigh 1,737 soitheach i 2007. Imlínítear briseadh síos ar an gcabhlach de réir an chineál soithigh i bhFigiúr 11.2.

6. Grúpáil na bpríomh-speicis agus na speicis is tábhachtaí a chuireann le tuirlingtí

Peiligeach: Maicréal, Scadán carraige, Scadán, Stuifín, Sairdíní

Grinneallach: Trosc, Saithe, Cadóg, Faoitín, Colmóir, Sciolltán, Bráthair, Ling

Sliogáin: Nephrops, Muiríní, Diúilicíní, Portáin, Gliomaigh, Scuideanna, Cudal

11.3 Príomh-Tháirgeacht ó Iascaigh

TUIRLINGTÍ

Imlínítear sonraí ar thuirlingtí 2007 de réir an chineál speicis go leathan[6] i dTábla 11.1. B'fhiú 260,000 tonna méid na n-iasc a thuirling soithí Éireannacha i 2007 agus luach thart ar €320 milliún i gceist. I dtéarmaí toirte de, chuimsigh thart ar 55% de na tuirlingtí speicis peiligeacha le luach de beagnach €67 milliún. Rinne tuirlingtí de shliogáin suas níos lú ná ceathrú de na tuirlingtí iomlána i dtéarmaí tonnáiste de, ach rinne siad suas níos mó ná leath (57%) de luach na dtuirlingtí iomlána (thart ar €182 milliún). Rinne tuirlingtí grinneallacha suas 42,000 tonna a luacháladh ag níos mó ná €70 milliún.

Tábla 11.1 Tuirlingtí Éisc 2007

	Meáchan 000 Tonna	Luach €m
Iomlán ó Chalafoirt Éireannacha	200,255	273
Iomlán Soithí Éireannacha @ Calafoirt Eachtrannacha	59,332	48
Iomlán na dTuirlingtí ag Soithí Éireannacha	259,587	321
as sin		
Grinneallach	42,189	71
Peiligeach	146,109	67
Sliogáin	70,606	182

Foinse: Réamh-Mheastacháin RTIB

Figiúr 11.2: Briseadh síos ar an gCabhlach Éireannach de réir an Chineál Soithigh 2007



Foinse: RTIB

UISCESHAOTHRÚ

Bíonn gníomhaíochtaí bainteach le uisceshaothrú lonnaithe thart timpeall an chósta ar fad, dírithe ar Dhún na nGall, Conamara, Iarthar Chorcaí, Port Láirge, Loch Garman agus Loch Cairlinne ach go háirithe. San earnáil seo áirítear feirmeoireacht ar speicis iasc eite cosúil le bradán agus breac, char Artach agus paidhleach. Déantar feirmeoireacht fhairsing ar speicis de shliogáin chomh maith cosúil le diúilcíní agus oisrí. Tá an chumas ag bia mara a thagann ó uisceshaothrú an bearna a líonadh idir soláthar agus éileamh le haghaidh táirgí éisc, nuair a thuigtear go bhfuil srianadh téarmaí agus coinníollacha agus cuótaí ag leibhéal an AE agus idirnáisiúnta ar aschuir ó iascaireacht bhreithe thraidisiúnta. I 2006, meastar gur dhéan an earnáil uisceshaothraithe suas thart ar 20% den méid iomlán de phríomh-tháirgeacht éisc agus sliogáin. Luacháladh é seo ag níos mó ná €124 milliún[7] i 2006. Imlínítear táirgeadh uisceshaothraithe idir 2001 agus 2006 i dtéarmaí luacha agus toirte i bhFigiúr 11.3

11.4 Margadh Bia Mara agus an Earnáil Próiseála

Luacháladh díolacháin bia mara ar mhargaidh intíre agus onnmhairithe[8] ag €724.6 milliún i 2006, méadú de 9% ar 2005 (€665 milliún)[9]. Bhí fás 17% go €362.4 milliún ar dhíolacháin laistigh den mhargadh intíre. Nuair a chuirtear tuirlingtí ó shoithí Éireannacha ag calafoirt eachtrannacha san áireamh (thart ar €26 milliún[10]) tagann luach iomlán díolacháin bia mara i 2006 go thart ar €750 milliún.

AN EARNÁIL UM PHRÓISEÁIL BIA MARA

Tá an earnáil um phróiseáil bia mara dírithe ar réigiúin chósta Dún na nGall, an Ghaillimh, Corcaigh, Ciarraí agus an Oirdheisceart. Tá thart ar 200 ghnólacht, fiontair bheaga agus mheánmhéide den chuid is mó, bainteach le láimhseáil, dáileadh agus próiseáil éisc. I gcás níos lú ná 5% de na comhlachtaí seo, bhí níos mó ná 50 duine fostaithe go lánaimseartha, cé go raibh líon suntasach oibreoirí beaga ag soláthair margaidh áitiúla nó ag díol go nideoga margaidh.

Soláthraíonn Figiúr 11.4 briseadh síos ar an earnáil phróiseála-bia mara (bunaithe ar shuirbhéanna BIM i 2005) de réir leibhéal láimhdeachais. Taispeánann an léaráid easpa barraineachtaí scála laistigh den tionscal. Feidhmíonn níos lú ná 10% de gach comhlacht le láimhdeachais bliantúla de níos lú ná €10 milliún, leis an 50 comhlacht is airde ag déanamh suas 80% den láimhdeachas iomlán san earnáil.

7. *Stádas an Tuarascáil um Uisceshaothrú Éireannach 2006.*
8. *Tá na figiúirí atá luaite anseo eisiatach ar luach na dtuirlingtí a rinne Soithí Éireannacha ag calafoirt eachtrannacha.*
9. *Tuarascáil Bhliantúil BIM 2006*
10. *Meastachán RTIB*

Figiúr 11.3: Táirgeacht Uisceshaothrú i Luach agus Toirt; 2001-2006



Foinse: Suirbhéanna Bord Iascaigh Mhara

Figiúr 11.4:
Briseadh síos de Chomhlachtaí Próiseála Bia Mara de réir Láimhdeachais



Foinse: Suirbhéanna Bord Iascaigh Mhara

ONNMHAIRÍ

Tugann sonraí an CSO le fios go raibh onnmhairí bia mara Éireannach ag €352 milliún i 2007, méadú beag ar 2006. Bhí thart ar 87% de onnmhairí bia mara dírithe ar mhargaidh an AE leis an fuílleach ag dul go margaidh an Chianoirthir agus an Afraic. D'fhan príomh-chinn scríbe na margaidh mar an gcéanna don chuid is mó thar na blianta leis an Fhrainc mar an phríomh-margadh ag déanamh suas thart ar ceathrú amháin de na honnmhairí le luach níos mó ná €86 milliún i 2007. Leanadh é seo leis an Bhreatain Mhór le luach €64.4 milliún agus an Spáinn le €63.1 milliún. Imlínítear na príomh-chinn scríbe le haghaidh na h-onnmhairí i bhFigiúr 11.5.

11.5 Fostaíocht san Earnáil Iascaireachta

Tugann an tionscal bia mara tacaíocht do inmharthanacht eacnamaíoch an-chuid pobail chósta, ag giniúint go díreach nó ag tabhairt tacaíochta do thart ar 11,097 post. Áirítear anseo fostaíocht lán agus páirt-aimseartha/ócáideach sna hearnálacha iascaireachta, uisceshaothraithe, próiseála bia mara agus seirbhísí coimhdeachta. Léiríonn Tábla 11.2 an briseadh síos. Léiríonn Figiúr 11.6 thíos dáileadh fostaíochta tríd an tír ar fad san earnáil iascaigh fhoriomláin.

Tábla 11.2 Fostaíocht san Earnáil Iascaigh, 2005-2006

	Lánaimseartha	Páirtaimseartha/	Iomlán Ócáideach	Fir	Mná
Iascaireachtaí	3,924	1,063	4,987	4,985	2
Uisceshaothrú	782	1,276	2,058	1,828	203
Próiseáil	2,205	662	2,867	1,577	1,290
Coimhdeach*	1,185		1,185	1,185	
Iomlán	**11,097**		**11,097**	**8390 (85%)**	**1495 (15%)**

Foinse: Sonraí Suirbhé BIM

Figiúr 11.5: Príomh-Chinn Scríbe Onnmhairithe d'Iascaigh Éireannacha 2007



Foinse: Meastacháin CSO

Figiúr 11.6:
Dáileadh Fostaíocht na hEarnála Iascaigh (Lánaimseartha & Páirtaimseartha) 2007



Foinse: Suirbhéanna Bord Iascaigh Mhara

Caibidil a Dó Dhéag
Iarscríbhinn Staidrimh

Tábla 12.1 Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht, 2006-2007

			% Athrú 2007/2006	
	2006 €m	2007 €m	Luach	Toirt
Beostoc (lena n-áirítear athruithe stoic)	**2,411.7**	**2,349.9**	**-2.6%**	**0.5%**
as sin:				
Eallaigh	1,501.7	1,476.9	-1.7%	1.6%
Muca	320.8	289.6	-9.7%	-4.3%
Caora	190.5	181.9	-4.5%	-7.6%
Táirgí Beostoic	**1,368.5**	**1,710.9**	**25.0%**	**-0.9%**
as sin:				
Bainne	1,326.0	1,667.8	25.8%	-0.7%
Barra (lena n-áirítear athruithe stoic)	**1,464.6**	**1,613.0**	**10.1%**	**-7.2%**
as sin:				
Gránbharra	159.7	273.3	71.1%	1.4%
Plandaí Foráiste	859.8	911.9	6.1%	-10.0%
Aschur Earraí ag Praghsanna an Táirgeora	**5,244.9**	**5,673.8**	**8.2%**	**-1.8%**
Obair Chonartha	271.5	274.2	1.0%	-2.7%
Fóirdheontais lúide Cánacha ar Tháirge	-17.4	-15.1	13.2%	-22.2%
Táirgeacht Talmhaíochta ag Bunphraghsanna	**5,499.0**	**5,932.9**	**7.9%**	**-2.0%**
Tomhaltas idirmheánach	**0 3,899.2**	**4,015.4**	**3.0%**	**-3.8%**
as sin:				
Ábhair Chothaithe	970.3	1,024.8	5.6%	-4.9%
Leasuithe	379.4	358.9	-5.4%	-7.8%
Fuinneamh agus Bealaidh	309.7	326.3	5.4%	2.3%
Plandaí Foráiste	845.5	896.9	6.1%	-10.0%
Obair Chonartha	271.5	274.2	1.0%	-2.7%
FISIM (Nóta 1)	88.0	89.0	1.1%	1.2%
Breis Luach Comhlán ag Bunphraghsanna	**1,599.9**	**1,917.5**	**19.9%**	
Tomhaltas Caipitil Seasta	687.7	709.6	3.2%	
Glanluach Breise ag Bunphraghsanna	**912.2**	**1,207.8**	**32.4%**	
Fóirdheontais eile lúide Cánacha ar Tháirgeadh	1,846.1	1,883.5	2.0%	
Ioncam Fachtóra	**2,758.3**	**3,091.4**	**12.1%**	
Cúiteamh na bhFostaithe	418.3	455.9	9.0%	
Barrachas Feidhmíochta (Nóta 2)	**2,340.0**	**2,635.5**	**12.6%**	

1.Seirbhísí Idirmheánacha Airgeadais Tomhasta go hIndíreach

2.Ríomhtar é seo roimh asbhaint na n-íocaíochtaí úis ar chaipiteal iasachta agus cíos talún íoctha ag feirmeoirí chuig úinéirí talún. Tá na meastacháin do na hearraí seo déanta suas de Ús lúide FISIM: 2005, €212.4m; 2006, €284.6m; 2007, €364.3m Cíos Talún:- 2005, €159.5m; 2006, €152.8m; 2007, €148.4m

Foinse: CSO Aschur, Ionchur agus Ioncam i dTalmhaíocht (Réamh-Mheastachán), Feabhra 2008

Tábla 12.2 Íocaíochtaí Díreach Measta chuig Feirmeoirí (Náisiúnta agus AE), 2006-2007

Scéimeanna	2006 €m	2007 €m	% Athrú 2007/2006
Scéim Íocaíochta Singil	**1308.948**	**1301.871**	**-0.5%**
Scéim Liúntais Cúitimh Ceantar-Bhunaithe	**257.524**	**253.833**	**-1.4%**
Scéimeanna Préimhe	**5.157**	**0.566**	**-89.0%**
Cúnamh Éagsúlaithe Breise do Lucht Fás an Bhiatais Siúcra		**20.844**	**n/b**
Cúnamh Athchóirithe do Lucht Fás an Bhiatais Siúcra		**14.216**	**n/b**
Cúnamh Curaíochta	**0.042**	**0.003**	**-92.8%**
Scéimeanna Díothú na nGalar			
Scéim Díothaithe Eitinne Bó	16.600	19.062	14.8%
Scéim Díothaithe Brúsalóise	0.998	0.212	-78.8%
Scéim BSE (marú tréada)	3.706	0.249	-93.3%
Clár Díothaithe Scráibeacha	1.453	0.577	-60.3%
Préimh Foraoiseachta			
Scéim Préimhe Foraoiseachta (Scéim 1990)	1.907	0.945	-50.4%
Préimh Foraoiseachta (Bearta Coimhdeachta)	54.773	65.303	19.2%
Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe	**329.233**	**311.750**	**-5.3%**
Cúnamh Suiteála d'Fheirmeoirí Óga	**5.735**	**5.785**	**0.9%**
Cúnaimh Táirgthe - Farae Thirim	**0.125**	**0.132**	**5.6%**
Iomlán (ag eisiamh Préimh Foraoiseachta)	**1929.521**	**1929.100**	**0.0%**
Iomlán	**1986.201**	**1995.348**	**0.46%**

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.3 Éilimh Ráthaíochta curtha faoi bhráid CERT, 2006 agus 2007

	2006 €m	2007 €m
Mairteoil & Laofheoil	24.46	2.80
Táirgí Déiríochta	58.96	#REF!
Barra Curaíochta	0.56	0.09
Caoireoil	0.19	0.08
Siúcra	5.75	1.34
Athstruchtúrú Siúcra		79.34
orthaí & Glasraí	3.39	1.93
Muiceoil	0.00	0.00
Éanlaith Chlóis & Uibheacha	0.00	0.27
Táirgí Próiseáilte	24.74	14.59
Plean Forbartha Tuaithe CBT 2000-2006 [1]	356.02	-0.19
Íocaíocht Feirme Singil	1,308.41	1,301.67
Glanadh na gCuntas	-2.71	-3.50
Eile	0.01	-3.93
Iomlán	**1,779.77**	**1,430.89**

1. Rinne an Plean Forbartha Tuaithe CBT 2000-2006 comhmhaoiniú ar SCCT, Luathscor, Liúntais Chútimh agus Foraoiseacht agus chríochnaigh sé ar 15 Deireadh Fomhair 2006.

I 2007 deighleadh an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT) isteach i ndá Chiste éagsúil, An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT).

Tugann an Ciste Ráthaíochta CERT maoiniú le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus tacaíochtaí margaidh.

Tugann an ciste CTEFT nua maoiniú do bhearta um Fhorbairt Tuaithe faoin gClár Forbartha Tuaithe 2007 go 2013.

Ní léirítear caiteachas i 2007 faoin gclár Forbartha Tuaithe nua 2007-2013 sa tábla seo. Fuair an RTIB €365.49 ón CTEFT maidir le caiteachas faoin gClár ar SCCT, Luathscor, Liúntais Cúitimh.

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.4 Fáltais Treoracha CETRT/FEOGA (€m), 2006-2007

	2006 €m	2007 €m
2000-2006 Tréimhse an Chláir		
PFN D&O/TLI CF Réigiúnacha (Nóta a)	34.385	38.848
LEADER Plus (Nóta b)	3.541	8.488
Tionscnamh Síochána agus Réitigh (Nóta c)	2.815	2.863
Treoraíocht Iomlán	**40.741**	**50.198**

Nótaí

a. Áirítear Fáltais na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) de €7.143 (€3.572m i 2006)

b. Fáltais uile na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG)

c. Áirítear Fáltais na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (RGPTG) de €0.999 (€9.932m i 2006) agus An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORÁ) €1.864 (€0.589 i 2006)

Athchuireadh an Ciste Treoraíochta do thréimhse an chláir i ndiaidh 2006 ach tá sé ag maoiniú caiteachas iarmhair suas go dtí dúnadh deiridh ar Chláir faoin tréimhse cláir 2000-2006.

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.5 Iomlán Fáltais an AE i 2006 agus 2007 ar Ráthaíocht CERT, Forbairt Tuaithe CTEFT, (Cistí Tréidliachta agus Treoraíochta CETRT)

	2006 €m	2007 €m
Ráthaíocht CETRT /CERT	1,723.23	1,387.75
Forbairt Tuaithe - CTEFT 2007-2013	0.00	373.68
Clár Treoraíocht CETRT 2000-2006	40.74	50.20
Ciste Tréidliachta	13.04	10.46
Iomlán	**1,777.01**	**1,822.09**

Is éard atá i gceist le figiúirí ráthaíochta ná suimeanna a fhaightear ón AE, a fhaightear i riaráiste ar chaiteachas agus mar sin nach mbaineann le caiteachas na bliana go díreach. Áirítear tacaíochtaí margaidh iascaigh íoctha go dtí an RCMAN i bhfáltais 2006.

Thug an AE isteach socruithe nua le haghaidh maoiniú Forbairt Talmhaíochta agus Tuaithe don tréimhse 2007-2013. Athchuireadh an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (FEOGA/CETRT) le dhá chiste éagsúil - Ráthaíocht Talmhaíochta

Tá an Ciste Eorpach um Ráthaíochta Talmhaíochta ag leanúint ar aghaidh ag maoiniú íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí agus tacaíochtaí margaidh.

Tá an Ciste Talmhaíochta Eorpach um Fhorbairt Tuaithe (CTEFT) nua ag maoiniú scéimeanna Forbartha Tuaithe a bhí maoinithe faoin Rannóg Ráthaíochta den CETRT go dtí seo (SCCT, ERS, agus LFAanna), chomh maith le scéimeanna a bhí maoinithe ag an ciste Treoraíochta roimhe seo (Ar Fheirm i bhFáltais Forbartha Tuaithe an CTEFT i 2007 áirítear fáltais ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (€365.49m) agus ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (€8.19m).

Tá an Ciste Treoraíochta ag maoiniú an caiteachais iarmhair suas go dtí dúnadh na gClár faoin tréimhse cláir 2000-2006.

Áiríonn figiúirí Treoraíocha 2006 agus 2007 fáltais don Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.6 Vóta - Caiteachas ar Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia, 2007

Riarachán	**296.419**
Tuarastail Pánna agus Liúntais	223.842
Taisteal agus Maireachtáil	14.734
Costais Teagmhasacha	8.592
Post agus Teileachumarsáidí	6.824
Innealra Oifige	29.100
Costais Áitribh Oifige	7.244
Seirbhísí Comhairlithe	0.242
Bearta Forlíontach chun Leasa Airgeadais an AE a chosaint	0.607
Trealamh Saotharlainne	5.024
Cumann Faisnéise	0.210
Seirbhísí Eile, Oideachas, Oiliúint agus Taighde	**195.603**
Taighde agus Tástáil	38.573
Deontas i gCabhair de chuid Teagasc	128.050
Deontas i gCabhair de chuid Foras na Mara	28.980
Sábháilteacht Bhia, Sláinte Phoiblí, Sláinte & Leas Ainmhithe s.rl.	**137.563**
Díothú Brúsalóise agus Eitinne Bó	49.123
BSE	11.756
Cigireacht na Feola	24.225
Ainmhithe Tite	23.794
Leas Ainmhithe	5.109
Gluaiseacht ainmhithe comhtháite agus córas monatóireachta (ina n-áirítear An Scéim Náisiúnta Deimhnithe Mairteola)	9.776
Eile	13.780
Rialúcháin Feidhme Tacaíochtaí Margaidh	**20.200**
Maoiniú an Comhbheartas Talmhaíochta	7.356
Glanadh na gCuntas	6.316
Córas Riaracháin & Rialúcháin Comhtháite	4.963
Scéim Bhainne na Scoileanna	1.100
Eile	0.465
Tacaíocht Ioncaim i gCeantair atá faoi Mhíbhuntáiste	**254.001**
Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Tuaithe	**311.750**
Soghluaisteacht Talún	**59.075**
Scéim Luath-Scoir	53.290
Scéimeanna Cúnaimh Suiteála d'Fheirmeoirí Óga	5.785
Forbairt Talmhaíochta	**139.329**
Scéim Feabhsúcháin do Fheirmeacha	0.014
Scéim um Bhainistiú Dramhaíl Fheirme	113.937
Scéim Margaíochta & Próiseála	9.790
Scéim Sláinteachais Déiríochta	7.673
Gairneoireacht, Prátaí, Feirmeoireacht Ailtéarnachta & Orgánaice	4.006
Beostoc agus Scéimeanna Pórúcháin Eachaí	1.964
Leas Ainmhithe	0.688
Eile	1.257
Foraoiseacht & Bithbhreoslaí	**125.807**

<< ar lean **Tábla 12.6 Vóta - Caiteachas ar Thalmhaíocht, Iascaigh agus Bia, 2007**	
Earnáil Iascaigh *	**71.549**
Forbairt na gCalaí Iascaigh	18.719
Forbairt ar Phróiseáil Éisc & Uisceshaothraithe	7.161
Eile	2.820
Bord Iascaigh Mhara	31.638
An tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara	10.954
Bord Achomhairc um Cheadúnais Uisceshaothraithe	0.257
Deontas i gCabhair de chuid Bord Bia	**27.705**
Fóirdheontais Cabhair Bia	**10.510**
Caiteachas Eile	**16.716**
Bia & Cur chun cinn ar Ghairneoireacht, Dearbhú Cáilíochta	6.370
Pinsin Ilchineálacha	2.266
Comhoibriú Idirnáisiúnta	2.095
Costais Dlí agus bainteach	3.543
Eile	2.442
Caiteachas Comhlán Iomlán	**1666.227**
Leithghabhálacha i gCabhair	**-451.814**
Athghabháil Tuarastail	0.000
Taiscí agus fuillimh forghéillte faoi socruithe i leith idirghabháil CE, aisíocaíochtaí onnmhairithe s.rl.	-0.371
Aisíocaíochtaí ó táillí le haghaidh seirbhísí cigireachta tréidliachta ag monarchan éanlaithe chlóis agus táillí cigireachta feola	-16.637
Fáltais ó táillí cigireachta tréidliachta le haghaidh onnmhairithe beo	-1.562
Fáltais ó táillí le haghaidh seirbhísí cigireachta áitribh dhéiríochta	-5.158
Fáltais ó dhíolachán de vacsaíní, bheostoc, táirgeadh feirme s.rl.	-0.870
Fáltais ó tháillí tástála síolta, táillí deimhnithe, táillí Ceadúnaithe, clárú lotnaidicídí s.rl.	-1.786
Fáltais ó cheadúnais agus ó díolachán agus léasú de bheostoc s.rl. (Fotheideal C1)	-0.036
Fáltais ó ranníocaíochtaí feirmeoirí i dtreo an costas de dhíothú Galair Buaibheach (Fotheideal C2)	-6.214
Fáltais Coimisiúin na Talún (Fotheideal A3)	-0.272
Fáltais Eile	-0.271
Aistrithe Comhaoinithe AE	
Costais Idirghabhála Margaidh agus costais mhaoinithe le haghaidh bearta rannóige (Fotheideal D) FEOGA (Ráthaíocht) eile	-0.939
Fáltais le haghaidh Caillteanais Idirghabhála Stoic	-2.642
Plean Forbartha Náisiúnta – Fáltais Ráthaíochta (Fotheidil E, F, G, I)	-365.494
Fáltais BSE (Fotheideal C)	-8.351
Ciste Tréidliachta (Fotheideal C)	-2.110
Fáltais Ráthaíochta Eile	-0.946
PFN - Fáltais Struchtúracha	-31.705
Fáltais bainteach le Iascaireachtaí	
Fíneálacha, Forghéillte le haghaidh cionta iascaigh	-0.229
Achtanna Urthránna / an tAcht Maoine Stáit	-2.240
Forchúiteamh an AE le haghaidh caomhnú iascaireachtaí s.rl.	0.000
Táillí Ceadúnais Uisceshaothraithe	-0.255
Comhchistiú an AE le haghaidh forbairt uisceshaothraithe	-1.876
Comhchistiú an AE le haghaidh forbairt uisceshaothraithe	-1.850
Caiteachas Glan	**1,214.413**

Nóta: Tá na figiúirí Iascaireachta atá léirithe don bhliain iomlán, i ndiaidh aistriú freagrachta le haghaidh feidhmeanna na n-Iascaireachtaí go dtí an Roinn i rith na bliana.
Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.7 Struchtúr Cuóta Bainne ag 1 Aibreán 2007 (Meastachán Sealadach)

Catagóir	Líon Iomlán na dTáirgeoirí i dTáirgíocht Bainne faoi láthair	Cuóta Iomlán na dTháirgeoirí i Táirgíocht bainne i gColún 2	Méid de chuóta i gColún 3 Léasaithe isteach le Talamh	Líon Iomlán na nDaoine ag a bhfuil Cuóta Bainne ach nach bhfuil gafa le Táirgíocht Bainne	Cuóta Iomlán na nDaoine i gColún 5	Líon Iomlán na ndaoine nach bhfuil gafa le táirgíocht bainne níos mó atá tar éis a gcuóta uile a léasadh le talamh	Cuóta Iomlán na nDaoine i gColún 7
(Lítir)		(Lítir)	(Lítir)		(Lítir)		(Lítir)
Níos lú ná 50,000 Céatadán d'Iomlán	**911** 5%	**26,280,280** 1%	**619,479** 1%	**532** 0%	**8,159,971** 9%	**358** 34%	**10,290,732** 9%
50,001 go 100,000 Céatadán d'Iomlán	**2,022** 10%	**155,687,700** 3%	**876,358** 1%	**61,336** 17%	**17,372,821** 18%	**264** 25%	**19,393,627** 18%
100,001 go 150,000 Céatadán d'Iomlán	**2,635** 13%	**327,849,546** 6%	**2,926,059** 2%	**137** 0%	**16,589,563** 18%	**167** 16%	**20,534,708** 19%
150,001 go 200,000 Céatadán d'Iomlán	**3,063** 15%	**536,311,772** 11%	**5,383,936** 4%	**96** 0%	**16,662,580** 18%	**120** 12%	**20,415,215** 19%
200,001 go 250,000 Céatadán d'Iomlán	**3,119** 15%	**693,486,693** 14%	**8,914,151** 7%	**38** 0%	**8,479,088** 9%	**49** 5%	**10,523,467** 10%
250,001 go 300,000 Céatadán d'Iomlán	**2,306** 11%	**626,594,726** 12%	**11,196,700** 9%	**294,352** 83%	**5,737,696** 6%	**33** 3%	**8,887,512** 8%
300,001 go 350,000 Céatadán d'Iomlán	**2,113** 10%	**673,688,963** 13%	**12,723,891** 10%	**26** 0%	**8,380,368** 9%	**16** 2%	**4,946,409** 4%
350,001 go 400,000 Céatadán d'Iomlán	**1,391** 7%	**514,856,590** 10%	**13,050,981** 11%	**12** 0%	**3,690,270** 4%	**14** 1%	**4,698,865** 4%
400,001 go 450,000 Céatadán d'Iomlán	**798** 4%	**335,638,743** 7%	**10,436,909** 9%	**7** 0%	**2,933,288** 3%	**5** 0%	**1,672,956** 2%
Os Cionn 450,000 Céatadán d'Iomlán	**1,839** 9%	**1,168,197,137** 23%	**55,770,946** 46%	**11** 0%	**6,375,006** 7%	**15** 1%	**8,937,781** 8%
Iomláin	**20,197**	**5,058,592,150**	**121,899,410**	**356,547**	**94,380,651**	**1,041**	**110,301,272**

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Tábla 12.8 Dáileadh na Scéime Íocaíochta Singil de réir Luach Íocaíochta, 2007

	Íocaíochtaí Uile		Íocaíochtaí chuig Feirmeoirí le Beartáin LFA		Íocaíochtaí chuig Feirmeoirí gan bheartáin LFA	
Catagóir	**Líon na dTréad**	**Íocaíocht Ghlan**	**Líon na dTréad**	**Íocaíocht Ghlan**	**Líon na dTréad**	**Íocaíocht Ghlan**
Níos lú ná €1,000	11,786	€6,153,060	10,092	€5,321,069.48	1,694	€831,990
€1,000 - €2,000	13,078	€19,483,829	11,627	€17,325,279.21	1,451	€2,158,550
€2,000 - €3,000	11,635	€28,994,412	10,343	€25,772,646.68	1,292	€3,221,765
€3,000 - €4,000	10,065	€35,106,660	8,880	€30,971,668.43	1,185	€4,134,991
€4,000 - €5,000	8,748	€39,343,860	7,639	€34,345,897.93	1,109	€4,997,962
€5,000 - €6,000	7,618	€41,780,376	6,587	€36,118,542.24	1,031	€5,661,834
€6,000 - €7,000	6,589	€42,751,708	5,637	€36,559,541.65	952	€6,192,166
€7,000 - €8,000	5,751	€43,098,128	4,803	€35,983,187.46	948	€7,114,941
€8,000 - €9,000	4,993	€42,347,783	4,100	€34,766,657.59	893	€7,581,125
€9,000 - €10,000	4,321	€40,990,351	3,512	€33,316,750.41	809	€7,673,601
€10,000 - €15,000	15,530	€190,512,029	12,013	€147,090,380.78	3,517	€43,421,648
€15,000 - €20,000	8,915	€154,116,026	6,480	€111,834,046.55	2,435	€42,281,979
€20,000 - €50,000	13,421	€390,735,291	8,906	€257,364,968.95	4,515	€133,370,322
€50,000 - €100,000	1,840	€120,186,488	1,189	€77,542,925.85	651	€42,643,562
€100,000 - €300,000	248	€32,227,326	186	€24,110,059.84	62	€8,117,266
Níos mó ná €300,000	4	€1,527,578	2	€821,201.22	2	€706,376
Iomláin	**124,542**	**€1,229,354,903**	**101,996**	**€909,244,824.27**	**22,546**	**€320,110,079**

Foinse: An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia

Table12.9 Rátaí Bliantúla de Mhéadú Praghais i Táirgí Bia 2005-2007

	Meán-Ráta Bliantúil 2005	Meán-Ráta Bliantúil 2006	Meán-Ráta Bliantúil 2007
PIT Iomlán	**2.5%**	**4.0%**	**4.9%**
Bia & Deoch Neamh-Alcólach	**-0.7%**	**1.4%**	**2.8%**
Bia	**-0.7%**	**1.5%**	**2.9%**
Mairteoil	-3.0%	5.8%	4.8%
Bagún	-1.1%	0.9%	0.0%
Uaineoil	-3.3%	2.8%	2.9%
Muiceoil	-3.1%	-1.1%	-0.5%
Éanlaith Chlóis	-3.8%	-0.9%	1.8%
Arán & Gránbharra	-0.2%	0.5%	3.7%
Bainne Paistéartha	-0.5%	1.0%	7.4%
Táirgí Bainne Eile	1.8%	4.8%	4.8%
Cáis	0.7%	2.2%	1.6%
Uibheacha	2.4%	0.9%	6.4%
Im	1.0%	-0.7%	2.8%
Siúcra & Milsitheoirí	-1.6%	-0.3%	-0.4%
Prátaí	-10.3%	13.3%	2.0%
Glasraí Úra Eile	1.3%	1.3%	7.5%
Torthaí Úra	-1.5%	1.9%	4.8%
Torthaí Eile	0.8%	1.7%	1.2%
Ilghnéith. Earraí Bia	1.1%	-0.6%	-0.7%
Deochanna Neamh-Alcólacha	-0.7%	-0.3%	1.5%

Foinse: CSO PIT

Tábla 12.10 Caiteachas Tomhaltais Pearsanta (CTP) ag Praghasanna Reatha 2005-2006

	2005		2006	
	€	% de CTP iomlán	€	% de CTP iomlán
Caiteachas Tomhaltais Pearsanta Iomlán (CTP)	76,435,234	100.0%	82,483,303	100.0%
Bia agus Deochanna (Gan béilí Amuigh san áireamh)	12,596,632	16.5%	13,145,785	15.9%
as sin:				
Bia agus Deochanna (Gan béilí Amuigh san áireamh)	5,712,014	7.5%	5,949,268	7.2%
Deochanna	6,884,618	9.0%	7,196,517	8.7%
Bia (lena n-áirítear Béilí Amuigh)	7,452,277	9.7%	7,783,103	9.4%
	€	% de Bhia Iomlán	€	% de Bhia Iomlán
Feoil	1,839,148	24.7%	1,881,758	24.2%
Arán & Gránbharra	1,207,531	16.2%	1,245,021	16.0%
Torthaí & Glasraí	777,191	10.4%	843,746	10.8%
Bainne, Cáis agus Uibheacha	687,689	9.2%	744,462	9.6%
Bianna & Leasuithe Eile	490,506	6.6%	467,400	6.0%
Prátaí	265,351	3.6%	301,742	3.9%
Olaí & Saillte	157,753	2.1%	162,734	2.1%
Iasc	137,992	1.9%	149,709	1.9%
Caife, Tae & Cócó	103,170	1.4%	105,946	1.4%
Siúcra	45,683	0.6%	46,748	0.6%
Béilí Amuigh	1,740,263	23.4%	1,833,835	23.6%

Foinse: CSO

Tábla 12.11 Innéacs Leibhéil Praghais Comparáideacha an AE le haghaidh Phríomhghrúpaí Bia 2006; AE 27=100

	BE	BG	CZ	DK	DE	EE	IE	EL	ES	FR	IT	CY	LV	LT	LU	HU	MT	NL	AT	PL	PT	RO	SI	SK	FI	SE	UK
Bia agus Deochanna Neamh-Alcólacha	**110**	**56**	**69**	**142**	**105**	**75**	**125**	**98**	**92**	**105**	**115**	**107**	**69**	**64**	**115**	**71**	**83**	**88**	**110**	**67**	**88**	**71**	**87**	**67**	**120**	**119**	**113**
Bia	**111**	**55**	**68**	**139**	**106**	**74**	**124**	**97**	**93**	**107**	**116**	**104**	**68**	**63**	**116**	**70**	**81**	**89**	**111**	**65**	**87**	**70**	**87**	**66**	**119**	**119**	**113**
Arán agus Gránbharra	109	41	61	150	108	70	121	95	112	103	109	108	59	61	119	60	76	89	126	60	95	59	93	56	141	131	103
Feoil	123	48	60	149	118	64	129	91	81	122	118	81	58	50	120	65	69	105	121	52	82	60	83	58	119	133	126
Iasc	128	62	76	138	121	73	123	101	89	106	122	142	71	57	110	75	82	115	111	67	70	85	102	68	111	109	91
Bainne, Cáis agus Uibheacha	109	82	80	116	87	79	126	138	96	100	126	139	75	75	112	83	111	78	98	67	105	94	83	75	110	104	115
Olaí agus Saillte	111	95	83	135	88	88	98	118	89	107	113	134	95	91	112	90	98	66	115	83	98	95	106	100	118	118	104
Torthaí, Glasraí, Prátaí	105	50	64	129	116	83	130	72	95	108	115	90	73	68	130	65	70	89	107	72	80	70	86	62	124	123	120
Bia Eile	100	67	83	161	99	83	121	114	100	98	116	127	82	76	106	82	101	80	107	82	109	87	94	87	113	114	107
Deochanna Neamh-alcólacha	**101**	**73**	**82**	**170**	**103**	**90**	**135**	**118**	**87**	**83**	**109**	**142**	**89**	**79**	**104**	**77**	**108**	**83**	**97**	**84**	**93**	**88**	**88**	**77**	**132**	**118**	**121**
Deochanna Alcólacha	**97**	**69**	**86**	**128**	**82**	**89**	**181**	**109**	**81**	**91**	**113**	**118**	**92**	**79**	**88**	**77**	**117**	**93**	**81**	**91**	**99**	**88**	**86**	**72**	**170**	**145**	**152**

Foinse: Ithe, ól, caitheamh tobac - leibhéil praghais comparáideacha i 37 tír Eorpach le haghaidh 2006. Eurostat



Department of
Agriculture,
Fisheries and Food
An Roinn
Talmhaíochta,
Iascaigh agus Bia

Teach Talmhaíochta Sráid Chill Dara Baile Átha Cliath 2 Éire
telefón: +353 1 607 2000
ríomhphost: information@agriculture.gov.ie suíomh gréasáin: www.agriculture.gov.ie